Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

# Tuarascáil Bhliantúil 2022



Arna foilsiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2023

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

ISBN: 978-1-913492-15-1

# An Clár

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais 3
Teachtaireacht ón gCoimisiún 4
Cé muid féin 7
Comhaltaí an Choimisiúin in 2022 9

## Tuarascáil ar ghníomhaíocht 10

An Réamhrá 11

## A chur ar chumas daoine aonair a gcearta a chosaint níos fearr 12

Seirbhís faisnéise 'Do Chearta' 13
Cé a théann i dteagmháil le Seirbhís Faisnéise 'Do Chearta'? 15
Cabhair dhlíthiúil a sholáthar do dhaoine aonair 16

## Reachtaíocht a neartú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí 40

Cóid chleachtais a ullmhú 41
Athbhreithnithe Comhionannais agus Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais 43
Breithnithe reachtaíochta 44
Athchóiriú reachtach 48

## Monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú 49

Monatóireacht conartha ar chearta an duine agus comhionannas 50
Rannpháirtíocht i líonraí idirnáisiúnta 52
ENNHRI 53
Equinet 54
GANHRI 55
Rannpháirtíocht Eorpach 55
Ceithre dhlínse 57
Sásraí tiomnaithe 57
Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 58

## Beartais agus cláir a fhorbairt 63

Ráitis Beartais agus Aighneachtaí 64
Taighde 66
Sonraí 68

## Rannpháirtíocht agus cumarsáid 69

Ár spás poiblí a úsáid chun tacú leis an tsochaí shibhialta 70
Scéim Deontas chun tacú leis an tsochaí shibhialta agus le daoine a bhfuil cearta acu 73
Feasacht an phobail 74
Sna meáin 75

## Caighdeáin na freagartha frithgháinneála in Éirinn a fheabhsú 77

Athbhreithniú ar Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Frithgháinneáil 80
An Ceathrú Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn maidir leis an gComhrac in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine san Aontas Eorpach 80
Sásra Náisiúnta Atreorúcháin nua chun íospartaigh na gáinneála a shainaithint agus cúnamh a thabhairt dóibh 81
Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara 83

## Rialachas Corparáideach agus Struchtúr 84

An Coimisiún 85
Coistí 87
Coistí Comhairleacha 88
Rialachas 90
Forléargas ar úsáid fuinnimh 95

## Tuairisc faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 96

## Aguisíní 101

Aguisín 1: Próifílí Chomhaltaí an Choimisiúin 102
Aguisín 2: Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin 107
Aguisín 3: Freastal ar Choistí 108
Aguisín 4: Foireann an Choimisiúin 112
Aguisín 5: Nochtadh airgeadais breise 113
Aguisín 6: Foilseacháin 116
Aguisín 7: Deontais 118
Aguisín 8: Sonraí ‘Do Chearta’ 136

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuirim faoi bhráid Thithe an Oireachtais tuarascáil bhliantúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas de bhun alt 28(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Baineann an tuarascáil bhliantúil seo leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.



**Sinéad Gibney**

An Príomh-Choimisinéir

# Teachtaireacht ón gCoimisiún

Agus muid ag teacht amach as paindéim dhomhanda Covid-19, tháinig géarchéim eile sa mhullach orainn in 2022 nuair a rinne an Rúis ionradh mídhleathach ar an Úcráin chun tús a chur leis an gcoimhlint is mó san Eoraip le seachtó bliain anuas. Spreagadh Treoir an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shealadach dá réir, agus gluaiseacht na dteifeach trasna ár mór-roinne, rud a chruthaigh dúshlán do gach tír san Eoraip, agus níorbh aon eisceacht í Éire. I dteannta an mhéadaithe ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, bhí an chaoi a bhfáiltíonn, a bpróiseálann agus a gcomhtháthaíonn Éire iad siúd a iarrann tearmann anseo ina thosaíocht ard fós dúinn i gcaitheamh na bliana.

D'ainneoin ár bhfoláireamh, agus foláirimh go leor de na gníomhaithe sa tsochaí shibhialta, chonacthas córas dhá leibhéal ag forbairt os ár gcomhair amach – ceann ina raibh dálaí thar a bheith difriúil le brath ag teifigh na hÚcráine i gcomparáid leo siúd a bhí sa chóras cosanta idirnáisiúnta níos leithne. Agus d'ainneoin freagairt a bhí dearfach den chuid is mó do dhaoine a lorg tearmann anseo i gcás an dá ghrúpa sin, chabhraigh an difríocht sin sna dálaí chun frithfhreagairt a chothú i roinnt pobal, rud ar bain grúpa beag inár bpobal leas as chun faitíos agus fuath a chothú. B'údar imní é fás ghuth na heite fíordheis in Éirinn agus ceann a gcaithfimid dul i ngleic leis sula n-éiríonn leis é féin a fhréamhú anseo mar a tharla i dtíortha Eorpacha eile.

Lean an ghéarchéim tithíochta ar aghaidh agus ghéaraigh sí fiú i gcaitheamh na bliana, agus chuir boilsciú agus costas maireachtála a bhí ag ardú brú ar chuid mhór de shochaí na hÉireann greim a choinneáil faoin bhfiacail. Leantar lenár n-obair chun aitheantas níos fearr a thabhairt do chearta socheacnamaíocha agus iad a bhaint amach mar aitheantas ar an neamhionannas geilleagrach agus tithíochta sin atá ag géarú.

Leanadh lenár n-obair lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann, trí Mheitheal Sásra Thiomanta Airteagal 2, le forbairtí tábhachtacha i raon feidhme agus mapáil thionchar an Bhreatimeachta ar chearta agus comhionannas ar fud an oileáin, agus ar na difríochtaí idir na cearta sin i réimsí ar nós sláinte agus ó thaobh an chreata dhlíthiúil a úsáidfear chun é a mhonatóiriú.

Chuireamar tús le timthriall straitéise nua i mbliana, agus roghnaíomar tús áite a thabhairt don chomhionannas geilleagrach, ceartas, meas agus aitheantas, seasmhacht i leith na todhchaí agus Dualgas na hEarnála Poiblí. Léirítear sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí na heagraíochta in 2022 sna réimsí tosaíochta sin, agus tá roinnt buaicphointí anseo thíos:

- I mbliana, agus muid ag féachaint le **cur ar chumas daoine aonair a gcearta a éileamh níos fearr,** bhain formhór na gceisteanna ar ár Seirbhís Faisnéise *Do Chearta* le míchumas, cine, inscne agus aois. D'fheidhmíomar mar idiragraí tríú páirtí

i gcás sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine in Strasbourg agus leanamar ag tógáil ár gcorpais oibre sna cúirteanna trí úsáid ár bhfeidhme *Amicus curiae*.

- Chun **reachtaíocht a neartú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí,** thugamar isteach dhá Chód Cleachtais nua i réimsí an phá chomhionainn agus an chiaptha ag an obair. Bhí raon leathan topaicí ag baint lenár rannpháirtíocht i reachtaíocht ábhartha trí aighneachtaí agus cur i láthair san Oireachtas, ina measc cinnteoireacht chuidithe, adhlacthaí institiúideacha, comhionannas inscne, aghaidh-aithint agus póilíneacht. Chabhraíomar freisin lenár gcomhlacht líonra Eorpach Equinet ina chuid oibre chun Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Caighdeáin le haghaidh Comhlachtaí Comhionannais a chur chun cinn.
- Inár gcuid oibre **monatóireachta, tuairiscithe agus forfheidhmithe,** chuireamar tuarascálacha faoi bhráid comhlachtaí idirnáisiúnta ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, Cairt Shóisialta na hEorpa, an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, ag tabhairt cuairt ar an nGinéiv agus ag oibriú leis an tsochaí shibhialta chun iarrachtaí náisiúnta a chomhordú. Sheolamar modúl ríomhfhoghlama faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí, agus d'óstálamar lá eolais faoin Dualgas le haghaidh ionadaithe tofa ag tús an téarma Dála. D'fhoilsíomar taighde ar idirdhealú faoin bhforas tithíochta agus seoladh saothar taighde ceannródaíoch a chómhaoinigh IHREC/an Chomhairle um Thaighde in Éirinn maidir le Teacht Lucht Siúil na hÉireann ar Cheartas.
- Chun **beartais agus cláir a fhorbairt,** leagamar amach ráitis beartais ar raon topaicí socheacnamaíocha gaolmhara agus athrú bunreachtúil, chuireamar leis an nuashonrú ar churaclam OSPS agus chuireamar leis an athbhreithniú ar an gCúirt Choiriúil Speisialta gan ghiúiré. Léirigh ár bpobalbhreith bhliantúil torthaí spéisiúla faoin ngéarchéim costais maireachtála agus soláthar díreach, agus choinníomar ár mbéim ar an tábhacht a bhaineann le sonraí comhionannais.
- I **rannpháirtíocht agus cumarsáid,** d'eagraíomar comhdháil ar éirigh thar cionn léi dar teideal 'Achieving Equality At Work: Care Policy and Practice Conference', agus chuir an chomhdháil sin bonn eolais faoinár bhfeachtas feasachta faoi chúram a reáchtáladh ina dhiaidh sin. Cuireadh raon tionscadal i gcrích trínár scéim deontas sna réimsí a leanas: dul chun cinn a dhéanamh ar chearta agus comhionannas sóisialta agus eacnamaíoch; ciníochas agus idirdhealú ciníoch a shárú; agus dul chun cinn a dhéanamh ar chearta daoine atá faoi mhíchumas.
- Chun **caighdeáin na freagartha frithgháinneála in Éirinn a fheabhsú,** d'fhoilsíomar ár gcéad tuarascáil bhliantúil mar Rapóirtéir, ina ndearnadh meastóireacht ar Éirinn maidir leis an treoir ón Aontas Eorpach, agus inar leagadh amach moltaí maidir le cóiríocht inscne-shonrach agus an gá le freagairt a chuireann nádúr inscneach

agus ciníoch na ceiste sin san áireamh. Moladh muid as an gcaoi a raibh an tsochaí shibhialta páirteach inár gcuid oibre agus bogadh Éire ó Liosta Faire Shraith 2.

- Laistigh dár **rialachas corparáideach agus struchtúir féin,** d'fháiltíomar roimh chomhaltaí nua ar an gCoiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais agus bhunaíomar Coiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais, chun todhchaí na reachtaíochta comhionannais in Éirinn a scrúdú. Cuirfidh obair an ghrúpa sin le hathbhreithniú leanúnach an rialtais ar na hachtanna comhionannais.
- Agus le linn **dualgas na hearnála poiblí** dár gcuid féin a chur i bhfeidhm, d'fheabhsaíomar inrochtaineacht ar ár suíomh gréasáin agus faisnéise, agus mhéadaíomar an rannpháirtíocht le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus daoine a bhfuil cearta acu.

Ba bhliain athruithe é 2022 do IHREC, agus muid ag fágáil slán lenár Stiúrthóir agus ár gcomhghleacaí le fada an lá, Laurence Bond. Bhí gairm fhada sa tseirbhís phoiblí ag Laurence ina ndearna sé iarracht dul chun cinn a dhéanamh ar an gcomhionannas agus cearta cuid de na grúpaí is imeallaithe agus is mó faoi mhíbhuntáiste i sochaí na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint. D'oibrigh sé in eagraíochtaí ceartais shóisialta tábhachtacha ar nós na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine, Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe, an Údaráis Comhionannais, agus ar deireadh, IHREC. Ba cheannaire tábhachtach é Laurence don eagraíocht seo agus ba spreagthóir tábhachtach don chomhionannas é in Éirinn leis na scórtha blianta anuas. Guímid gach rath air agus é ar scor.

Bhí an t-ádh linn freisin fáilte a chur roimh Éimear Fisher i ról an Stiúrthóra Ghníomhaigh; státseirbhíseach ar scor a d'oibrigh ar feadh na mblianta fada agus ag a bhfuil taithí mhór agus líonraí a chabhraigh linn an tréimhse idir Stiúrthóirí a líonadh. Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil le Laurence agus Éimear as an méid a chuir siad le IHREC agus a dtiomantas d'Éirinn chóir agus ionchuimsitheach a thógáil.

D'fhás foireann IHREC go 85, agus bhí sé thar cionn tosú arís ar chruinnithe agus imeachtaí fisiciúla, ag nascadh ár bhfoirne, an choimisiúin agus páirtithe leasmhara seachtracha ar bhealaí nua ó thosaíomar ar an gcianobair i gcaitheamh na paindéime. Tá aitheantas ollmhór tuillte ag foireann IHREC as a n-iarrachtaí seasta chun Éire níos córa agus níos ionchuimsithí a chruthú, agus tá an Coimisiún thar a bheith buíoch as an tiomantas agus an díograis leanúnach sin.





**Sinéad Gibney**

An Príomh-Choimisinéir

# Cé muid féin

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ('an Coimisiún') an 1 Samhain 2014, mar chomhlacht poiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ('Acht fán gCoimisiún'). Is muid Institiúid Náisiúnta neamhspleách na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas. Ó 2020, is muid Rapóirtéir Náisiúnta Neamhspleách na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc freisin.

Ceapann an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh do dhá Theach an Oireachtais rún a rith.

Feidhmímid go neamhspleách ar an Rialtas, agus ráthaítear ár neamhspleáchas institiúideach inár reachtaíocht bhunaithe, ina bhforáiltear do chuntasacht an Choimisiúin dár bhfeidhmeanna reachtúla don Oireachtas.

## Sainordú reachtúil

Is iad ár bhfeidhmeanna foriomlána reachtúla a ndéantar foráil maidir leo in alt 10 den reachtaíocht:

- cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn;
- forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát;
- tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát;
- dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh, caoinfhulaingt don éagsúlacht agus glacadh léi sa Stát a chur chun cinn agus meas ar shaoirse agus dínit gach duine; agus
- oibriú i dtreo deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscthe.

Agus muid ag tabhairt faoinár sainordú, ceanglaítear go sonrach orainn cur le forbairt sochaí mar seo a leanas:

- sochaí ina bhfuil meas ar chearta daonna gach duine, agus ina gcosnaítear iad;
- sochaí ina bhfuil meas ar dhínit agus ar luach gach duine;
- sochaí ina gcinntítear nach bhfuil srian ar chumas duine a lánacmhainneacht a bhaint amach mar gheall ar chlaontacht, ar idirdhealú, ar fhaillí nó mar gheall ar iompar coiscthe;
- sochaí ina bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol geilleagrach, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha an Stáit; agus
- sochaí ina bhfuil cóimheas idir daoine, lena n-áirítear aicmí daoine, bunaithe ar chomhthuiscint ar luach na héagsúlachta laistigh de shochaí agus ar chóimheas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas.

# Comhaltaí an Choimisiúin in 2022



**Sinéad Gibney**
An Príomh-Choimisinéir



**Adam Harris**



**An tOllamh Caroline Fennell**



**Colm O'Dwyer SC**



**An Dr Frank Conaty**



**Heydi Foster-Breslin**



**Jim Clarken**



**An tOllamh Kathleen Lynch**



**An Dr Lucy Michael**



**Michael Finucane**



**An tOllamh Ray Murphy**



**An Dr Rosaleen McDonagh**



**An Dr Salome Mbugua**



**Sunniva McDonagh SC**



**Tony Geoghegan**

# Tuarascáil ar ghníomhaíocht

# An Réamhrá

Cuimsítear an chéad bhliain dár Ráiteas Straitéise le haghaidh 2022–2024 sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Leagtar amach ann ár ngníomhaíochtaí i rith 2022 chun dul chun cinn a dhéanamh ar chúig thosaíocht straitéiseacha an Choimisiúin:




1. Comhionannas geilleagrach
2. Ceartas
3. Meas agus aitheantas:
4. Seasmhacht i leith na todhchaí
5. Dualgas na hEarnála Poiblí

Tuairiscímid ar ár ngníomhaíochtaí chun dul chun cinn a dhéanamh ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha faoi na ceannteidil a leanas:

1. A chur ar chumas daoine aonair a gcearta a chosaint níos fearr
2. Reachtaíocht a neartú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí
3. Monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú
4. Beartais agus cláir a fhorbairt
5. Rannpháirtíocht agus cumarsáid
6. Caighdeáin na freagartha frithgháinneála in Éirinn a fheabhsú

Tuairiscítear ansin i gcuid a seacht ar an gcaoi ar chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí corparáideacha agus comhlíonta sa bhliain atá á hathbhreithniú.

Ar deireadh, san ochtú cuid, tuairiscímid ar ár n-obair chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, mar a éilítear ar gach comhlacht poiblí faoi Alt 42 den Acht fán gCoimisiún.

# A chur ar chumas daoine aonair a gcearta a chosaint níos fearr

# Seirbhís faisnéise ‘Do Chearta’

Feidhmímid an tseirbhís faisnéise ‘Do Chearta’ chun eolas a thabhairt don phobal faoina gcearta faoin dlí um chomhionannas agus cearta an duine in Éirinn. Cuireann an tseirbhís eolas ar fáil faoi na roghanna atá ag daoine má chreideann siad go ndearnadh idirdhealú orthu, nó gur sáraíodh a gcearta.

Fuair an tseirbhís **1,441** fiosrúchán ar leith ón bpobal, ar an nguthán, ar ríomhphost agus tríd an bpost.

Cé gurb é cuspóir na seirbhíse eolas a bhaineann leis an dlí um chearta an duine agus comhionannas in Éirinn a thabhairt do dhaoine aonair, tugtar eolas freisin faoi eagraíochtaí agus acmhainní eile a d’fhéadfadh cabhrú, ag brath ar an gcineál ceiste a chuirtear.



**1,441** ceist faoi dhlí chearta an duine agus an chomhionannais lenar phléigh 'Do Chearta' in 2021

**398** a bhain leis na hAchtanna um Stádas Comhionann

| | | | |
|---|---|---|---|
| 42 % | 16 % | 8 % | 8 % |
| An Foras Míchumais | An Foras Cine | An Foras Inscne | An Foras Aoise |

**233** a bhain leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta

| | | | |
|---|---|---|---|
| 39 % | 16 % | 12 % | 12 % |
| An Foras Míchumais | An Foras Inscne | An Foras Cine | An Foras Aoise |

**425** a bhain le dlí chearta an duine

| | | | |
|---|---|---|---|
| 22 % | 16 % | 12 % | 11 % |
| Tearmann agus Imirce | Easpa dídine, tithíocht shóisialta agus dálaí maireachtála | An tSláinte agus Sláine Colainne | Ceart chun oibre/ Obair chuibhiúil |

**29** a bhain leis an Acht Deochanna Meisciúla, 2003

| | | | |
|---|---|---|---|
| 31 % | 17 % | 11 % | 9 % |
| An Foras Aoise | An Foras Míchumais | An Foras Lucht Siúil | An Foras Cine |

**8** a bhain le fógraíocht idirdhealaitheach

Níor tugadh aon ghearán os comhair CCÁC

Tá sé de chumhacht againn gearáin/cásanna idirdhealaithe a thionscnamh inár n-ainm féin os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ('CCÁC') más cosúil gur tharla idirdhealú faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta nó na hAchtanna um Stádas Comhionann agus nach bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil go dtionscnóidh an té a ndearnadh idirdhealú air cás (alt 85, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta[2] agus [3]alt 23, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta[2]).

**348** a bhí taobh amuigh dár sainchúram agus nuair ba chuí, rinneadh atreorú chuig acmhainní nó seirbhísí eolais eile, lena n-áirítear, mar shampla, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, oifigí Ombudsman, comhlachtaí rialála ar nós an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, nó an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus Ionaid Comhairle Dlí Saor in Aisce ('FLAC').

# Cé a théann i dteagmháil le Seirbhís Faisnéise ‘Do Chearta’?

## Inscne

| Fireann | Baineann | Inscne eile | Níor sonraíodh |
|---|---|---|---|
| 35.38 % | 38.45 % | 0.68 % | 25.49 % |

## Aois

| 0-17 | 18-36 | 40-59 | 60-79 | 80+ | Níor sonraíodh |
|---|---|---|---|---|---|
| 9 | 205 | 304 | 103 | 6 | 840 |

## Suíomh

| Cúige Chonnacht | Cúige Mumhan | Cúige Laighean | Cúige Uladh | Lasmuigh d’Éirinn | Níor sonraíodh an suíomh |
|---|---|---|---|---|---|
| 63 | 142 | 556 | 26 | 84 | 596 |

# Cabhair dhlíthiúil a sholáthar do dhaoine aonair

Faoi Alt 40 den Acht fán gCoimisiún, féadfaimid, i gcúinsí áirithe, cabhair dhlíthiúil a thabhairt do dhuine a dteastaíonn uaidh cás a bhaineann le cúrsaí comhionannais nó chearta an duine a thabhairt os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na gCúirteanna. Is féidir comhairle dlí amháin nó comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a thabhairt mar chabhair.

Amhail tús na bliana, bhí 167 cliant ar leith againn ar deonaíodh cabhair dhlíthiúil dóibh agus a raibh a gcásanna fós ar bun. Astu siúd, faomhadh 34 le haghaidh comhairle dhlí amháin agus faomhadh 133 le haghaidh comhairle dhlí agus ionadaíocht dhlíthiúil. Bhí 41 iarratasóir eile ó 2021 ag fanacht ar chinneadh faoina n-iarratais ar chúnamh.

## Iarratais ar chabhair dhlíthiúil

Anuas ar an 41 iarratas a lean ar aghaidh ó 2021, fuarthas 106 iarratas nua ó dhaoine aonair ar chabhair dhlíthiúil i rith na bliana.

I mbliana:

- faomhadh 60 iarratas, agus astu siúd;
  - faomhadh 45 le haghaidh comhairle dhlí amháin; agus
  - faomhadh 15 le haghaidh comhairle dhlí agus ionadaíocht dhlíthiúil;
- diúltaíodh do 45 iarratas;
- tarraingíodh siar nó scoireadh de 32; agus
- bhí 10 gcinn ag fanacht ar chinneadh ag deireadh na bliana.

Chuireamar ár gcuid oibre ar 18 gcomhad cliaint ar leith i gcrích, comhaid a osclaíodh roimhe sin ina measc. Deonaíodh comhairle dhlí amháin do thriúr de na cliaint sin, agus tugadh comhairle dhlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do 31 cliant ar leith. Tá sonraí faoi na cásanna a cuireadh i gcrích sna táblaí seo a leanas.

## Cabhair comhairle dlí a cuireadh i gcrích

I rith na bliana, deonaíodh cabhair comhairle dlí do thrí chomhad cliaint/cáis ar leith, ach ní ionadaíocht dhlíthiúil, sna réimsí seo a leanas:

| Foras an Idirdhealaithe | Líon Cliant | Comhairle amháin faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018: |
|---|---|---|
| **Míchumas** | 1 | Chuireamar comhairle dhlí ar an gcliant ag a bhfuil stair d'fhadhbanna meabhairshláinte agus a d'iarr maireachtáil go neamhspleách. I ndiaidh ár gcomhairle a fháil, fuair siad rochtain ar chóiríocht neamhspleách. |
| **Míchumas** | 1 | Chuireamar comhairle dhlí ar an gcliant atá bodhar agus nár caitheamh chomh fabhrach céanna leo nuair a bhí siad ag déanamh iarracht cumarsáid a dhéanamh le soláthraí seirbhíse iompair. |
| **Míchumas** | 1 | Chuireamar comhairle dhlí ar an gcliant a cuireadh i sraith de shuíomhanna cúraim chónaithigh míchuí nach raibh oiriúnach dá riachtanais. I ndiaidh ár gcomhairle a fháil, tá an cliant ag maireachtáil go neamhspleách anois. |

## Cabhair ionadaíochta dlíthiúla a cuireadh i gcrích

I rith na bliana, cinneadh 15 chás (a bhain le 31 cliant ar leith ar deonaíodh comhairle dhlí agus ionadaíocht dhlíthiúil dóibh) sna réimsí seo a leanas:

### Cásanna faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 – 2018

| Cás | Triúr Cliant v Saoráid Chúraim |
|---|---|
| Foras | **Míchumas** |
| Líon Cliant | 3 |
| Ceist | Dheonaíomar comhairle dhlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do thriúr cliant ar leith a gcuireann míchumais isteach go mór ar a ngluaiseacht agus ar a gcumas a gcógas a thógáil gan tacaíocht.<br><br>Bhí na cliaint ar fad á n-óstáil ag an soláthraí seirbhíse céanna a thug isteach Beartas maidir le Tabhairt Cógais, inar éilíodh go ndéanfadh dochtúir gach cógas (bídís á dtabhairt ar oideas nó thar an gcuntar) a cheadú/a ordú, agus go dtaifeadfaí an cógas ar fad ar bhileog oidis inmheánach sula dtabharfaí aon tacaíocht lena thabhairt. Ní raibh an beartas sin i bhfeidhm ach ina gcás siúd ar theastaigh cúnamh uathu le cógas a thógáil agus ní raibh sé i bhfeidhm ar úsáideoirí seirbhíse eile nach mbíonn tacaíocht uathu chun cógas a thógáil.<br><br>Chabhraíomar leis na cliaint trí ghearán ar leith a thabhairt os comhair CCÁC faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, ag maíomh gur tharla idirdhealú ar an bhforas míchumais. |

| | |
|---|---|
| **Toradh** | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí na páirtithe ar fad sásta leis an réiteach.<br><br>Ach tháinig fadhbanna chun cinn ina dhiaidh sin le tabhairt an chógais.<br><br>Deonaíodh tuilleadh cabhair dhlíthiúil do na cliaint chun cabhrú leo an cás a réiteach. |

| **Cás** | **Úsáideoir Seirbhíse Ospidéil v Ospidéil** |
|---|---|
| **Foras** | **Míchumas** |
| **Líon Cliant** | 1 |
| **Ceist** | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla don chliant seo, a líomhain go ndearna ospidéal idirdhealú agus ciapadh air mar gheall ar a mhíchumas.<br><br>Nuair a d'fhreastail an cliant ar an ospidéal, le haghaidh gnáth-mháinliacht lae, fágadh go deireadh an liosta máinliachta é mar go bhfuil sé VEID-deimhneach.<br><br>Chabhraíomar leis an gcliant gearán a chur faoi bhráid CCÁC faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, ag maíomh gur tharla idirdhealú ar an bhforas míchumais. |
| **Toradh** | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an cliant sásta leis an réiteach, agus tharraing sé siar an gearán a rinne sé le CCÁC. |

| **Cás** | **Máthair v na Roinne Oideachais** |
|---|---|
| **Foras** | **Míchumas** |
| **Líon Cliant** | 1 |
| **Ceist** | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm comhairle dlí agus thugamar cabhair phraiticiúil don chliant seo, máthair bheirt bhuachaillí óga ag a bhfuil riachtanais chasta.<br><br>Rinne an cliant iarratas ar an gClár Samhraidh Baile-Bhunaithe thar ceann a beirt mhac. Faoi théarmaí an Chláir ag an am, múintear siblíní ag a bhfuil riachtanais chasta atá sa teaghlach céanna le chéile go hiondúil, agus bíonn siad i dteideal níos lú uaireanta ar an iomlán ná páistí gan siblíní ag a bhfuil riachtanais chasta, faoi réir cúpla eisceacht theoranta.<br><br>Scríobhamar chuig an Roinn Oideachais, le fianaise saineolaí faoi iamh agus d'áitíomar toisc nár cuireadh riachtanais oideachais speisialta dhifriúla na siblíní in oideachas príomhshrutha san áireamh, go bhféadfadh gurb ionann téarmaí an Chláir agus idirdhealú ar an bhforas míchumais, rud a sháraigh alt 5 de na hAchtanna um Stádas Comhionann agus an dearbhú bunreachtúil comhionannais os comhair an dlí. |

| | |
|---|---|
| **Toradh** | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, rinne an cliant iarratas ar an gClár agus dheonaigh an Roinn Oideachais leithdháiltí ar leith ar an mbeirt pháistí. |

| **Cás** | **Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta v na Seirbhísí Cóiríochta Idirnáisiúnta Cosanta ('IPAS')** |
|---|---|
| **Foras** | **Míchumas** |
| **Líon Cliant** | 1 |
| **Ceist** | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil agus tugadh ionadaíocht theoranta don chliant seo a bhí ina iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta agus a bhí faoi mhíchumas fisiciúil.<br><br>Tá míchumas tromchúiseach fisiciúil ar an gcliant, agus teastaíonn tacaíocht shuntasach uaidh. Sula raibh sé ag plé linne, scríobh an cliant agus ionadaí chuig IPAS cúpla uair ag iarraidh go n-aistreofaí duine muinteartha leis (iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta freisin) chun go mbeidís sa chóiríocht chéanna agus go bhféadfadh sé cabhrú leis lena riachtanais laethúla. |
| **Toradh** | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, i ndiaidh cumarsáid a dhéanamh le IPAS, inar thagraíomar do riachtanais ar leith an chliaint mar dhuine atá faoi mhíchumas agus do phrionsabal aontachta an aonaid teaghlaigh, cuireadh na daoine muinteartha i gcóiríocht le chéile agus tháinig réiteach dearfach ar an gcás. |

| **Cás** | **Úsáideoir Seirbhíse v Aerlíne** |
|---|---|
| **Foras** | **Míchumas** |
| **Líon Cliant** | 1 |
| **Ceist** | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm comhairle dlí agus thugamar ionadaíocht don chliant seo, ar theastaigh aerálaí uaidh le linn aerthaistil mar gheall ar mhíchumas.<br><br>Mhaígh an cliant gur theip ar an aerlíne freastal réasúnta a dhéanamh air, rud a sháraigh na hAchtanna um Stádas Comhionann, toisc gur diúltaíodh aerálaí a iompar sa chaoi ar theastaigh sé ón gcliant.<br><br>Chabhraíomar leis an gcliant gearán a chur faoi bhráid CCÁC faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, ag maíomh gur tharla idirdhealú ar an bhforas míchumais. |
| **Toradh** | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an cliant sásta leis an réiteach. D'aontaigh an aerlíne iompar aerálaí an chliaint a éascú agus cúiteamh a íoc. D'aontaigh an aerlíne freisin oiliúint nuashonraithe ar chomhionannas a sholáthar don fhoireann agus ráiteas faoi stádas comhionann / fhreastal réasúnta a chur ar a suíomh gréasáin. |

## Cásanna faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015

| Cás | Taighdeoir Acadúil v Institiúid Tríú Leibhéal agus Corparáid Idirnáisiúnta |
|---|---|
| Foras | **Cine** |
| Líon Cliant | 1 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla don chliant seo a bhí ina thaighdeoir acadúil in institiúid tríú leibhéal.<br><br>Fuair an cliant socrúchán le cuideachta idirnáisiúnta a ceapadh chun taithí sa tionscal a thabhairt dó. Ach d'inis an chuideachta don chliant go gcuirfí srian ar a rochtain ar a háitreabh toisc, de bharr raon smachtbhannaí idirnáisiúnta a bhí i bhfeidhm i dtír bhunaidh na cuideachta, nach raibh cead ag an gcuideachta dul i mbun gnó le haon duine de náisiúntacht an chliaint.<br><br>Chabhraíomar leis an gcliant gearán a chur faoi bhráid CCÁC faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, ag maíomh go ndearna an institiúid tríú leibhéal agus an chuideachta idirdhealú air ar an bhforas míchumais. |
| Toradh | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an cliant sásta leis an réiteach. |

| Cás | Fostaí v Fostóra |
|---|---|
| Foras | **Inscne agus Stádas Teaghlaigh** |
| Líon Cliant | 1 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla don chliant seo a bhí ar shaoire mháithreachais ar feadh cuid den bhliain féilire in 2020.<br><br>Fuair an cliant íocaíocht bhónais óna fostóir in 2020, ach níor chlúdaigh sí an chuid den bhliain a raibh sí ar shaoire mháithreachais.<br><br>Chabhraíomar leis an gcliant gearán a chur faoi bhráid CCÁC inar maíodh go ndearna an fostóir idirdhealú uirthi faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta nuair a diúltaíodh íocaíocht bhónais a íoc léi a chuimsigh an tréimhse a raibh sí ar shaoire mháithreachais. |
| Toradh | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an cliant sásta leis an réiteach. Fuair sí an chuid eile den bhónas a bhain leis an tsaoire mháithreachais, chomh maith le cúiteamh óna fostóir.<br><br>D'aontaigh an fostóir freisin beartas nuashonraithe faoi bhónais a fhoilsiú agus a scaipeadh. |

| **Cás** | **Fostaí v Sheirbhís Phríosúin na hÉireann** |
|---|---|
| **Foras** | **Cine** |
| **Líon Cliant** | 1 |
| **Ceist** | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla don chliant seo a d'fhostaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar oifigeach príosúin.<br><br>D'fhulaing an cliant drochúsáid chiníoch go rialta agus go leanúnach ó phríosúnaigh. Chuir an cliant go leor tuairiscí faoi bhráid oifigigh a bhí os a chionn de réir Rialacha an Phríosúin, sular thionscain sé imeachtaí le CCÁC, áit a ndearnamar ionadaíocht air. Mhaígh an cliant gurb ionann gníomhartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus idirdhealú díreach, idirdhealú indíreach, ciapadh, agus/nó íospairt ar an bhforas cine. Ag an éisteacht, ghlac an fostóir gur fhulaing an cliant drochúsáid chiníoch arb ionann agus ciapadh í faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Ach d'fhéach an fostóir le brath ar an gcosaint faoi alt 14A de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, is é sin go raibh siad, mar fhostóir, tar éis na bearta a bhí indéanta le réasún a dhéanamh chun an ciapadh a chosc. Chinn CCÁC i bhfabhar an fhostóra is freagróir agus díbheadh na héilimh ar fad. |
| **Toradh** | Rinne an cliant achomharc leis an gCúirt Oibreachais, áit ar dheonaíomar ionadaíocht air arís. Dhíbh an chúirt an t-achomharc agus sheas sí le cinneadh CCÁC nach féidir alt 14A de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta a léirmhíniú mar "chur chuige a oireann do gach cás" a fhorálann le haghaidh oibleagáidí fostóirí agus gur suíomh faoi leith í timpeallacht an phríosúin. D'ordaigh sí freisin don tSeirbhís Príosún "tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar a straitéis agus beartais in aghaidh an chiníochais agus aird ar shamplaí den dea-chleachtas idirnáisiúnta." |

*Léirigh an fhoireann ar fad ag IHREC a bhí ag plé le mo chás an leibhéal is airde gairmiúlachta, comhbhá agus tacaíochta domsa le linn an dá bhliain a raibh mo chás gníomhach... Táim thar a bheith buíochas as gach rud a rinne an fhoireann ag IHREC dom. Míle buíochas!*

| Cás | Iarrthóir v Cuideachta Iarnróid |
|---|---|
| Foras | **Míchumas** |
| Líon Cliant | 1 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla don chliant seo a chuir isteach ar phost mar thiománaí traenach leis an gcuideachta iarnróid.<br><br>Mar chuid den phróiseas iarratais, nocht an cliant gur fhulaing sé de bharr imní roimhe sin agus gur bhainistigh sé an riocht le cógas. Dúradh leis ina dhiaidh sin nár éirigh leis sa scrúdú leighis, toisc nach bhféadfaí a mheas go raibh sé oiriúnach do róil sábháilteachta chriticiúla mar gheall ar imní ghinearálta.<br><br>Chabhraíomar leis an gcliant gearán a chur faoi bhráid CCÁC faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, ag maíomh go raibh cosc iomlán ag an gcuideachta ar iarrthóirí a mbíonn imní orthu a earcú agus go ndearna sí idirdhealú air ar an bhforas míchumais. |
| Toradh | Chinn CCÁC nach raibh dóthain fianaise ann chun tacú leis an maíomh go raibh cosc iomlán ar iarrthóirí a mbíonn imní orthu a earcú. Ghlac CCÁC le seasamh na cuideachta freisin nach bhféadfaí freastal a thabhairt isteach do ról an tiománaí traenach a bheadh comhréireach agus réasúnta. |

| Cás | Grúpa Fostaithe Mná v Fostóra |
|---|---|
| Foras | **Inscne** |
| Líon Cliant | 6 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla do ghrúpa ban chun gearán a dhéanamh in aghaidh iarfhostóra faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.<br><br>Mhaígh na cliaint go raibh a n-iarfhostóir i mbun cleachtais oibre éagothroma/ éagóracha maidir le luach saothair/pá comhionann.<br><br>Chabhraíomar leis na cliaint gearáin ar leithligh a chur faoi bhráid CCÁC faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, ag maíomh gur tharla idirdhealú ar an bhforas inscne. |
| Toradh | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, shocraigh na mná a n-éilimh ar théarmaí sásúla. |

> *Theastaigh uaim freisin an deis a thapú buíochas ó chroí a ghabháil libhse, an fhoireann… Ba mhór an pléisiúr oibriú libh.*

| Cás | Fostaí v Fostóra |
|---|---|
| Foras | **Míchumas** |
| Líon Cliant | 1 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla don chliant seo ar theastaigh freastal réasúnta óna fhostóir dó mar gheall ar a mhíchumas.<br><br>Mhaígh an cliant, i ndiaidh diagnóis a fháil go raibh Scléaróis Iolrach air, gur fhulaing sé raon idirdhealaithe i rith a fhostaíochta.<br><br>Chabhraíomar leis an gcliant gearán a chur faoi bhráid CCÁC faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, ag maíomh gur tharla idirdhealú ar an bhforas míchumais toisc nach ndearnadh freastal réasúnta air, le gearáin nasctha faoi chiapadh agus íospairt. |
| Toradh | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an cliant sásta leis an réiteach. |

| Cás | Iarratasóir ar Phost v Fostóra |
|---|---|
| Foras | **Inscne** |
| Líon Cliant | 1 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla don chliant seo chun tabhairt faoi ghearáin faoi idirdhealú ar an bhforas inscne, agus íospairt faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.<br><br>Chuir an cliant isteach ar ról mar Chúntóir an Ard-Rúnaí i gCumann Ionadaíochta an Gharda Síochána agus dúradh léi, cé gur chomhlíon sí na spriocanna cáilíochta, nár éirigh lena hiarratas. Chuir sí tús le gearán faoi idirdhealú inscne os comhair CCÁC.<br><br>Nuair a fógraíodh an post arís, chuir an cliant isteach arís air agus níor éirigh léi arís. I rith an phróisis áfach, d'fhulaing sí íospairt mar gheall gur chuir sí an chéad mhaíomh faoi idirdhealú faoi bháid CCÁC.<br><br>Chabhraíomar leis an gcliant an dá ghearán a chur faoi bhráid CCÁC faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, ag maíomh gur tharla idirdhealú ar na forais inscne agus íospartha. |
| Toradh | Chinn CCÁC gur chomhlíon an cliant na critéir don phost agus gur fhulaing sí íospairt. D'ordaigh sé go gceapfaí an cliant sa ról faoi cheann sé seachtaine. |

## Cásanna a bhain le cearta an duine

| Cás | Teaghlach v Údarás Áitiúil |
|---|---|
| Foras | **Tithíocht / Cine** |
| Líon Cliant | 8 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla do theaghlach a tháinig go hÉirinn ar dtús mar dhídeanaithe cláir in 2006.<br><br>Chónaigh an teaghlach in iarthar na hÉireann ar dtús agus cuireadh ar liosta tithíochta iad. Ach d’fhulaing an teaghlach feachtas ciaptha agus imeaglaithe. D’iarr siad ar an údarás áitiúil iad a bhogadh go háit eile, agus chuir an t-údarás áitiúil comhairle orthu a n-iarratais ar thithíocht a tharraingt siar ionas go bhféadfaidís cur isteach ar liosta tithíochta áit éigin eile.<br><br>Nuair a d’iarr siad cúnamh ar údarás áitiúil eile, tugadh cóiríocht éigeandála dóibh ar dtús, ach fágadh gan dídean iad ina dhiaidh sin agus chodail siad ina gcarr ar feadh cúpla mí.<br><br>Le cúnamh uainne, thionscain an teaghlach imeachtaí iomlánacha san Ard-Chúirt in aghaidh an údaráis áitiúil ag maíomh gur theip air, faoi na hAchtanna Tithíochta, gníomhú ar bhealach a chosain cearta an teaghlaigh i gcúinsí ina raibh siad ag teitheadh ó chiníochas. |
| Toradh | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, comhaontaíodh socrú agus rialaigh an Ard-Chúirt air i leith na ngearánaithe faoi aois. Íocadh cúiteamh leis an teaghlach a léirigh tionchar suntasach na n-imeachtaí ar na páistí. |

> *Go raibh míle maith agaibh as ucht bhur gcúnaimh. Táim an-sásta anois. Bhí mé in ísle brí agus i m’aonar, agus tá rudaí feabhsaithe anois dom. Tá súil agam go mbeidh mé in ann todhchaí a thógáil dom féin agus do mo theaghlach anseo in Éirinn.*

> *Táim faoi chomaoin go héag agaibh as an obair a rinne sibh ar mo shon.*

| Cás | Cliant v na Roinne Dlí agus Cirt |
|---|---|
| Foras | **Cearta an Duine / Cine** |
| Líon Cliant | 1 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil agus ionadaíocht don chliant seo ar náisiúnach de chuid SAM agus duine faoi mhíchumas í.<br><br>D'iarr an cliant athrú ar chead imirce Stampa 1 dá cuid in 2022 chun go bhféadfadh sí a bheith féinfhostaithe sa Stát. Níor thug cead Stampa 1 ach cead di a bheith fostaithe mar fhostaí, agus ní mar dhuine féinfhostaithe. Diúltaíodh an t-athrú trí bhotún don chliant i mí an Mheithimh 2022 ar an mbonn nach bhféadfadh náisiúnach de thír eile a bheith féinfhostaithe ar chead Stampa 1 agus gurb é Stampa 4 an t-aon chead a d'fhéadfadh sin a dhéanamh. Thar ceann an chliaint, rinneamar agóid in aghaidh chinneadh na Roinne Dlí agus Cirt diúltú don athrú. |
| Toradh | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an cliant sásta leis an réiteach.<br><br>Deonaíodh síneadh ar an gcabhair dhlíthiúil ina dhiaidh sin ionas go bhféadfaimis comhairle a chur ar an gcliant agus cabhrú léi le hiarratas nua ar athrú a chur isteach le go ndéanfadh an Roinn Dlí agus Cirt athmhachnamh air. Bhí an t-iarratas sin á ullmhú ag deireadh mhí na Nollag 2022 lena chur isteach i dtús 2023. |

| Cás | Cliant v an Aire Coimirce Sóisialaí |
|---|---|
| Foras | **Cearta an Duine – diúltú do Phinsean Stáit (Neamhranníocach) ar bhonn cead imirce** |
| Líon Cliant | 1 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil agus ionadaíocht don chliant seo, náisiúnach nach as an Aontas Eorpach ná an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch í, ar deonaíodh cead di fanacht in Éirinn.<br><br>Chuir an cliant isteach ar Phinsean Stáit Neamhranníocach, ach diúltaíodh dó ar an mbunús gur coinníoll dá cead fanachta nach mbeadh sí "ina hualach ar an Stát." Rinneadh achomharc faoin gcinneadh leis an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh, a sheas leis an gcinneadh diúltú don iarratas.<br><br>Chabhraíomar leis an gcliant achomharc reachtúil in aghaidh an chinnidh a thabhairt os comhair na hArd-Chúirte ar an mbunús go ndearna an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh earráid dlí agus gur ghníomhaigh sí lasmuigh de shainchúram an Achta Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005. |

| | |
|---|---|
| **Toradh** | A bhuíochas dár gcabhrach dlíthiúla, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an cliant sásta leis an réiteach. Rialaigh Máistir na hArd-Chúirte ar shocrú an cháis seo.<br><br>Rinneadh athmhachnamh ar iarratas an chliaint ar Phinsean Stáit Neamhranníocach ina dhiaidh sin agus faigheann sí an íocaíocht anois. |

| **Cás** | **Náisiúnach Úcránach v na Roinne Dlí agus Cirt** |
|---|---|
| **Foras** | **Cosaint Shealadach**<br><br>**Cine**<br><br>**Diúltaíodh Cosaint Shealadach do náisiúnach Úcránach d'eitneacht Romach** |
| **Líon Cliant** | 1 |
| **Ceist** | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíochta dlíthiúla do náisiúnach Úcránach d'eitneacht Romach maidir lena iarratas ar Chosaint Idirnáisiúnta in Éirinn faoi alt 60 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015.<br><br>Theith an cliant ón gcogadh san Úcráin i dteannta a mhná céile agus beirt pháistí faoi aois, a raibh an triúr acu tar éis Cosaint Shealadach a fháil in Éirinn roimhe sin. Dá ainneoin sin, diúltaíodh ar dtús d'iarratas an chliaint don Chosaint Shealadach nuair a shroich sé an Lárionad Cosanta Sealadaí. Scríobhamar chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus iarradh ar an gcliant iarratas nua a chur isteach. |
| **Toradh** | Le cúnamh uainne, chuir an cliant iarratas nua isteach ar Chosaint Shealadach, i dteannta fianaise nua chun tacú lena iarratas. D'fhreastail an cliant, i dteannta duine dár n-aturnaetha, ina dhiaidh sin ar an lárionad Cosanta Sealadaí agus dheonaigh an Stát Cosaint Shealadach air. Mar chuid den chás seo, d'aithin an Roinn Dlí agus Cirt gur cheart cinneadh faoi dhiúltú a thabhairt i scríbhinn ina dtugtar cúis don diúltú do Chosaint Shealadach. |

> *Tá meas agam orm féin arís i ndiaidh an cháis seo, rud a bhí bainte díom roimhe seo.*

| Cás | Teaghlach Romach Úcránach v na Roinne Dlí agus Cirt |
|---|---|
| Foras | **Diúltaíodh Cosaint Shealadach do náisiúnaigh Úcránacha d'eitneacht Romach**<br><br>**Cine** |
| Líon Cliant | 4 |
| Ceist | Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil agus thugamar ionadaíocht do theaghlach Úcránach d'eitneacht Romach a theith ón gcogadh san Úcráin maidir lena n-iarratas ar Chosaint Idirnáisiúnta in Éirinn.<br><br>Theith an teaghlach, lánúin agus beirt pháistí, ón gcogadh san Úcráin. Diúltaíodh ar dtús Cosaint Shealadach a thabhairt dóibh nuair a shroich siad an Lárionad Cosanta Sealadaí. Scríobh an Coimisiún chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus iarradh ar an teaghlach a n-iarratas a chur isteach an athuair. |
| Toradh | Le cúnamh uainne, chuir an teaghlach iarratais nua isteach ar Chosaint Shealadach. D'fhreastail an teaghlach, i dteannta duine dár n-aturnaetha, ina dhiaidh sin ar an lárionad Cosanta Sealadaí agus dheonaigh an Stát Cosaint Shealadach orthu. |

## Ag feidhmiú mar *amicus curiae*

Féadfaimid iarratas a dhéanamh leis na hUaschúirteanna ar chead a fháil láithriú mar *amicus curiae* ('cara na cúirte') in imeachtaí os comhair na cúirte sin a bhaineann le cearta an duine nó cearta comhionannais do dhuine ar bith. Is faoi rogha na Cúirte ár rannpháirtíocht a cheadú nó a dhiúltú.

Mar *amicus curiae*, ní dhéanaimid ionadaíocht ar aon pháirtí sa chás; ina ionad sin, cabhraímid leis an gCúirt maidir le ceisteanna chearta an duine agus/nó comhionannais a bhaineann leis an gcás.

Amhail tús na bliana, bhíomar páirteach mar *amicus curiae* i seacht gcás a bhí ar bun sna hUaschúirteanna (críochnaíodh ceithre cinn i gcaitheamh na bliana). Bhíomar páirteach freisin mar idiragraí tríú páirtí i gcás sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine in Strasbourg.

I rith na bliana, d'iarramar cead, agus tugadh dúinn é, idirghabháil mar *amicus curiae* i sé chás eile. Cuireadh cás amháin i gcrích i rith na bliana, agus bhí ceithre cinn fós ar bun. Amhail an 31 Nollaig, bhíomar fós i mbun an phróisis a bhain le cead a iarraidh ar an gCúirt Uachtarach idirghabháil a dhéanamh mar *amicus curiae* sa séú cás.

Amhail deireadh na bliana mar sin, bhíomar páirteach mar *amicus curiae* in ocht gcás a bhí fós ar bun.

Tá forbairtí níos nuaí maidir leis na cásanna sin agus le cásanna dlí eile ina bhfuil an Coimisiún ag feidhmiú ina ról *amicus curiae* le feiceáil ar ár suíomh gréasáin. Foilsítear ár n-aighneachtaí *amicus curiae* ar ár suíomh gréasáin nuair a chuirtear éisteacht an cháis i gcrích.

### Cásanna a cuireadh i gcrích

Cuireadh obair ar chúig chás *amicus curiae* i gcrích i rith na bliana.

Cuireadh i gcrích freisin an cás ina rabhamar páirteach mar idiragraí tríú páirtí i gcás sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine in Strasbourg.

Tá sonraí faoi na cásanna a cuireadh i gcrích sna táblaí seo a leanas:

| Ainm an Cháis | Maidir le halt 34 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 (arna leasú ag alt 21 den Acht um Chheartas Coiriúil 2006 agus alt 47 den Acht um an gCúirt Achomhairc, 2014) an Pobal (ar agra an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí) v JD |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Uachtarach |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 4 Deireadh Fómhair 2021 |

| | |
|---|---|
| **Dáta na hÉisteachta** | 19 Deireadh Fómhair 2021 |
| **Breithiúnas** | 24 Deireadh Fómhair 2022 |
| **Sonraí** | Sna himeachtaí seo, cúisíodh JD (an Cosantóir) as cúpla cion, ach ní raibh ach ceann amháin (cúiseamh as cur i mbaol) ina chion indíotáilte. In 2017, i gCúirt Chuarda an Longfoirt, mheas breitheamh na trialach nár chloígh na Gardaí le gnásanna córa, nuair a teipeadh ar an gCosantóir a chur faoi agallamh maidir leis an gcion indíotáilte. Threoraigh breitheamh na trialach don ghiúiré an Cosantóir a fháil neamhchiontach i leith an chúisimh sin (ach ní i leith na gcúiseamh eile). D'éirigh le hachomharc an cháis sa Chúirt Achomhairc, agus tugadh os comhair na Cúirte Uachtaraí é ina dhiaidh sin, a thug cead dúinn leas a bhaint as ár bhfeidhm *amicus curiae*.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae*, d'áitíomar go mbíonn dualgas ar údaráis fiosrúcháin, a mhéid is indéanta go réasúnta, fógra a thabhairt d'amhrastach faoi aon líomhain a bhféadfadh cúiseamh eascairt aisti. D'áitíomar go bhfuil an ceanglas sin ina gné den cheart chun triail chóir a fháil a chumhdaítear in Airteagal 38.1 den Bhunreacht, agus má theipeann ar na húdaráis fiosrúcháin cuntas cúisí a fháil go bhféadfaí cur isteach ar éifeachtacht an phróisis fiosrúcháin agus cothroime trialach. |
| **Toradh** | Dhíbh an Chúirt Uachtarach an t-achomharc. Ina rialáil, chinn an Chúirt Uachtarach go raibh breitheamh trialach na Cúirte Cuarda mícheart sa dlí nuair a ordaíodh don ghiúiré fíorasc neamhchiontachta a thabhairt ar chúiseamh cur i gcontúirt nuair nach raibh agallamh leis an gcúisí ina chuid d'fhiosrúchán na nGardaí. |

| **Ainm an Cháis** | **Comhairle Contae an Chláir v Bernard McDonagh agus Helen McDonagh agus Choimisiún na hÉireann Um Chearta an Duine agus Comhionannas** |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Uachtarach |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 22 Samhain 2021 |
| **Dáta na hÉisteachta** | 17 Nollaig 2021 |
| **Breithiúnas** | 31 Eanáir 2022 |

| | |
|---|---|
| **Sonraí** | Bhain na himeachtaí le muintir McDonagh a lorg cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach, mar bhaill de mhionlach eitneach aitheanta. Dhírigh an cás ar a láithreacht neamhúdaraithe ar láithreán ar leis Comhairle Contae an Chláir é, toisc nár thug an Chomhairle cóiríocht oiriúnach aon áit eile dóibh. Mhaígh Comhairle Contae an Chláir gurbh ionann a n-áitíocht ar an talamh ar leis an Chomhairle í agus forbairt gan chead faoin dlí pleanála. Dheonaigh an Ard-Chúirt faoiseamh urghaire (i bhfoirm orduithe díshealbhaithe) in aghaidh mhuintir McDonagh. Sheas an Chúirt Achomhairc leis sin. Dheonaigh an Chúirt Uachtarach bac ar na horduithe díshealbhaithe fad a éisteadh achomharc.<br><br>Inár ról dleathach mar *amicus curiae* mhaíomar gur theip ar Chomhairle Contae an Chláir ina hoibleagáidí reachtúla measúnú ceart agus comhréireach a dhéanamh ar chearta teaghlaigh den Lucht Siúil sular agair sí dlíthe pleanála chun iad a dhíshealbhú ó láithreán sa chontae. |
| **Toradh** | Sheas an Chúirt Uachtarach d'aon ghuth le hachomharc mhuintir McDonagh. Gné lárnach an achomhairc seo ab ea scrúdú na Cúirte Uachtaraí ar cibé an bhfuil oibleagáid ar údarás áitiúil breithniú a dhéanamh ar thionchar an díshealbhaithe ar dhaoine ar nós mhuintir McDonagh agus a n-ionchais chun cóiríocht dhleathach a fháil áit eile, chomh maith le leasanna, cumhachtaí agus oibleagáidí na Comhairle féin, mar úinéir talún, agus mar údarás tithíochta agus pleanála. |

| **Ainm an Cháis** | **Robert agus Henry Donnelly (ag déanamh agra trína athair agus trína neaschara Robert Donnelly) v an Aire Coimirce Sóisialaí, Éire agus an Ard-Aighne** |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Uachtarach |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 14 Deireadh Fómhair 2021 |
| **Dáta na hÉisteachta** | 18 Eanáir 2022 |
| **Breithiúnas** | 4 Iúil 2022 |
| **Sonraí** | Bhain an cás seo le hathair a measadh a bheith neamh-incháilithe le haghaidh Liúntas Cúraim Bhaile fad a bhí a pháiste atá faoi mhíchumas trom ina chónaí in ospidéal ar feadh tréimhsí a bhí níos faide ná mar a sonraíodh sa reachtaíocht ábhartha atá mar fhoras leis an íocaíocht.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae*, mhaíomar nach dtagann 'athrú ábhartha' ar chúram tuismitheora do pháiste faoi mhíchumas nuair a chuirtear an páiste sin san ospidéal. |
| **Toradh** | Dhíbh an rialáil agóid, a rinneadh faoi Airteagal 40.1 den Bhunreacht agus Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, in aghaidh chinneadh an Aire Coimirce Sóisialaí agus forálacha áirithe den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005. |

| Ainm an Cháis | UM (mionaoiseach ag déanamh agra trína neaschara MM) v an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Uachtarach |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 19 Eanáir 2022 |
| **Dáta na hÉisteachta** | 15 Feabhra 2022 |
| **Breithiúnas** | 2 Meitheamh 2022 |
| **Sonraí** | Dhírigh an cás ar 'UM' a rugadh in Éirinn agus a mhaígh go raibh saoránacht Éireannach aige ar bhonn chónaitheacht a athar Afganastánaigh sa tír, mar dhídeanaí, sular rugadh é. Deonaíodh stádas dídeanaí ar a athair in 2006. Ach d'inis an Roinn Dlí agus Cirt don athair i mí Lúnasa 2013 go raibh an tAire ag cúlghairm a stádais dídeanaí de bharr calaoise.<br><br>Diúltaíodh d'iarratas UM ar phas Éireannach, a rugadh sular cúlghaireadh stádas dídeanaí a athar, dhá bhliain níos deireanaí, ar an mbunús nach bhféadfaí brath ar aon chónaitheacht a d'eascair as deonú dídeanaí a athar chun críocha mhaíomh UM i leith saoránachta.<br><br>D'éist an Chúirt Uachtarach an cás toisc gur tharraing sé ceisteanna suntasacha anuas maidir le tionchar cur i bhfeidhm iarghabhálach cinnidh chun stádas teifigh a chúlghairm, agus tionchar an chinnidh sin ar pháiste atá ina shaoránacht trí bhreith, gan tuismitheoir Éireannach a bheith aige.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae*, d'áitíomar go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha agus fadbhunaithe don pháiste ag aon chinneadh a chúlghaireann stádas dídeanaí an tuismitheora go cúlghabhálach, leis an éifeacht go séantar saoránacht Éireannach ar an bpáiste sin. Mhaíomar go gcaithfidh aon chinneadh as a n-eascraíonn séanadh shaoránacht an pháiste sin a bheith faoi réir cosaintí nósmhaireachta agus measúnú comhréireachta. |
| **Toradh** | Cheadaigh an Chúirt Uachtarach achomharc UM agus leag sí amach:<br><br>*"tá fáil nó caillteanas saoránachta ina ábhar ollmhór suntasach don té lena mbaineann. Is gné thábhachtach de stádas duine ar bith í saoránacht"*<br><br>ag glacadh leis an tábhacht a bhaineann le cearta díorthacha a chur san áireamh, ar nós cearta páistí a mbeadh tionchar ag aon chinneadh chun stádas dídeanaí a chúlghairm orthu. Luaigh an Chúirt freisin go bhféadfadh cur chuige uileghabhálach a mhaíonn go "scaoileann calaois gach rud" a bheith contúirteach ar raon cúiseanna, ina measc an tionchar ar chearta díorthacha. |

| Ainm an Cháis | PD v an Aire Oideachais, Éire agus an Ard-Aighne agus Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Ard-Chúirt |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 3 Deireadh Fómhair 2022 |
| **Dáta na hÉisteachta** | Socraíodh an cás roimh an éisteacht |
| **Breithiúnas** | N/A |
| **Sonraí** | Bhain an cás le rochtain ar an Scéim Ex Gratia Athbhreithnithe le haghaidh na ndaoine a d'fhulaing mí-úsáid stairiúil ar scoil. Dhírigh an cás, go sonrach, ar an gceanglas faoin scéim go mbeadh marthanóirí tar éis, faoin 1 Iúil 2021, imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh in aghaidh an Stáit ag lorg damáistí as mí-úsáid ghnéis i scoileanna lae roimh 1991 agus 1992 i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna faoi seach, agus i ndiaidh rialú na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine sa chás O'Keeffe v na hÉireann.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae*, chuireamar aighneachtaí faoi bhráid na hArd-Chúirte maidir le rochtain chomhionann ar shásamh do gach duine a d'fhulaing mí-úsáid ghnéasach i scoileanna lae. |
| **Toradh** | Socraíodh an cás idir na páirtithe i mí na Nollag 2022, sular thug an Chúirt a Breithiúnas. |

| Ainm an Cháis | Faulkner v na hÉireann agus McDonagh v na hÉireann |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 21 Nollaig 2021 |
| **Dáta na hÉisteachta** | N/B |
| **Breithiúnas** | 31 Márta 2022 |
| **Sonraí** | Bhain na himeachtaí le muintir McDonagh agus muintir Faulkner (ar den Lucht Siúil iad), a rinne agóid in aghaidh orduithe na Cúirte Cuarda faoi alt 160 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. Dhírigh an cás ar chearta daoine den Lucht Siúil chun cóiríochta, cúnamh dlíthiúil agus triail chóir.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar Idirghabhálaí Tríú Páirtí, rinneamar aighneachtaí difriúla maidir le cearta tithíochta an Lucht Siúil, cleachtais idirdhealaitheacha i soláthar seirbhísí poiblí don Lucht Siúil, an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus an ceart chun triail chóir a fháil faoi Airteagal 6. |

| | |
|---|---|
| **Toradh** | Dhíbh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine in Strasbourg na hachomhairc d'aon ghuth. Dhírigh an rialáil ar chearta Airteagal 8. Ní dhearna an Chúirt machnamh cuimsitheach ar chearta Airteagal 6 (an ceart chun triail chóir a fháil), ceist ar dhírigh ár n-aighneachtaí dlíthiúla uirthi freisin. Cé go luaitear ár n-aighneachtaí sa Bhreithiúnas, chinn an Chúirt ar deireadh nach raibh aon bhunús ann chun teacht ar an gconclúid go raibh na bealaí a úsáideadh chun na haidhmeanna dlisteanacha a d'fhéach an t-údarás áitiúil lena bhaint amach díréireach leis na haidhmeanna sin |

## Cásanna fós ar bun

Amhail deireadh na bliana, bhíomar páirteach mar *amicus curiae* nó idiragraí tríú páirtí i naoi gcás a bhí fós ar bun.

Tá sonraí faoi na cásanna a bhí fós ar bun sna táblaí seo a leanas:

| **Ainm an Cháis** | **Digital Rights Ireland Limited v an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Choimisinéir an Gharda Síochána, Éire agus an Ard-Aighne (Cosaint Sonraí)** |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Ard-Chúirt |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 1 Iúil 2008 |
| **Dáta na hÉisteachta** | N/B |
| **Breithiúnas** | Ar bun |
| **Sonraí** | Tarraingíonn na himeachtaí anuas ceisteanna maidir le raon feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') agus maidir le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar chearta príobháideachais; raon feidhme substainteach phrionsabal na comhréireachta agus an gaol idir an Chairt, an Bunreacht agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. |
| **Toradh** | Tá na himeachtaí fós ar bun. |

| Ainm an Cháis | V v an Aire Sláinte, an Aire Dlí agus Cirt, Éire agus an Ard-Aighne agus Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Ard-Chúirt |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 18 Samhain 2020 |
| **Dáta na hÉisteachta** | Ar bun |
| **Breithiúnas** | Ar bun |
| **Sonraí** | Baineann an cás seo le fear ('An tUasal V.') atá faoi mhíchumas intleachtúil a dteastaíonn uaidh a fiancée a phósadh. Cuireadh cosc ar an lánúin pósadh i ndiaidh iarratas a cuireadh faoi bhráid na hArd-Chúirte coimircí cúirte a dhéanamh den Uasal V. Dheonaigh an Ard-Chúirt urghaire chun cosc a chur ar an searmanas. Ardaíodh imní os comhair na hArd-Chúirte faoi chumas an Uasail V. pósadh.<br><br>Mhaígh dlíodóirí an Uasail V. nach raibh fiosrúchán coimircíochta ina fhóram cuí chun a chumas chun pósadh a chinneadh, toisc go bhfuil difríocht idir na tástálacha dlí le haghaidh coimircíochta agus le haghaidh cumas cinnteoireachta chun pósadh. Mhaígh siad dá ndéanfaí coimircí cúirte den Uasal V., chuirfeadh an Marriage of Lunatics Act 1811 cosc air a fiancée a phósadh. Dá réir sin, chuirfí cosc air a fiancée a phósadh sula bhféadfaí a chinneadh an bhfuil an cumas chun pósadh aige. Chuir an tUasal V. i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte éisteacht leis an bhfiosrúchán coimircíochta sula gcinnfí an bhfuil an cumas chun pósadh aige nó nach bhfuil.<br><br>Tá foireann dlí an Uasail V. ag déanamh agóid in aghaidh bhunreachtúlacht dhlínse coimircíochta na hArd-Chúirte, chomh maith lena chomhoiriúnacht leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Anuas air sin, tá sé ag déanamh agóid in aghaidh bhunreachtúlacht an Marriage of Lunatics Act 1811 agus a chomhoiriúnacht leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Inár ról dleathach mar *amicus curiae*, táimid ag cabhrú leis an Ard-Chúirt le haighneachtaí faoi chearta daoine atá faoi mhíchumas faoi Bhunreacht na hÉireann, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas ('UNCRPD') agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. |
| **Toradh** | Ar an 10 Samhain 2022, chuir an Ard-Chúirt an fiosrúchán ar choimircíocht ar atráth, chomh maith leis na himeachtaí bunreachtúla, chuig dáta i mí Eanáir 2023, ag súil go réiteodh tosach feidhme an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 an cheist.<br><br>Amhail an 31 Nollaig 2022, níor cuireadh tús fós leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015. |

| Ainm an Cháis | Robert O'Brien agus Lorcan O'Brien Amigo (ag déanamh agra trína athair agus trína neaschara Robert O'Brien) v Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Achomhairc |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 26 Samhain 2021 |
| **Dáta na hÉisteachta** | 22 Eanáir 2022 |
| **Breithiúnas** | Ar bun |
| **Sonraí** | Baineann an cás seo le páiste atá sé bliana d'aois a atreoraíodh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le haghaidh measúnú ar mhíchumas faoin Acht um Míchumas 2005. Is achomharc é os comhair na Cúirte Achomhairc a bhaineann le diúltú FSS míchumas páiste a dhiagnóisiú agus na tacaíochtaí a eascraíonn as diagnóis dá leithéid. Ag feidhmiú faoi Nós Imeachta Oibriúcháin Caighdeánach nua, dhiagnóisigh FSS go raibh an páiste faoi mhíchumas, chuir síos ar na comharthaí sóirt agus d'atreoraigh an páiste chuig na seirbhísí cuí. Ach níor dhiagnóisigh FSS an míchumas, ag rá nár éilíodh é sin air faoin Acht um Míchumas, 2005. Rinne athair an pháiste agóid in aghaidh an chinnidh sin san Ard-Chúirt, agus chinn sí sin i bhfabhar FSS. Rinne athair an pháiste agóid ansin in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte sa Chúirt Achomhairc.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae*, mhaíomar go bhféadfadh go bhfuil léirmhíniú FSS faoi láthair ar mhíchumas faoin Acht um Míchumas ag séanadh a gceart bunúsach ar dhaoine agus go sáraíonn sé UNCRPD agus Airteagal 42A den Bhunreacht. |
| **Toradh** | Bhíothas ag fanacht ar Bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar an 31 Nollaig 2022. |

| Ainm an Cháis | A, B agus C (mionaoiseach ag déanamh agra trína neaschara, A) v an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála |
|---|---|
| An Chúirt | An Chúirt Uachtarach |
| Idirghabháil an Choimisiúin | 12 Bealtaine 2022 |
| Dáta na hÉisteachta | 29 Meitheamh 2022 |
| Breithiúnas | Ar bun |
| Sonraí | Scrúdaíonn an cás seo saoránacht páiste (ar a dtugtar 'C') a rugadh trí mháthairionadaíocht sa Ríocht Aontaithe in 2015. Nuair a rugadh an páiste, taifeadadh a mháthair ionaid agus a athair bitheolaíoch (ar a dtugtar 'B'), ar a theastas breithe mar a thuismitheoirí. Eisíodh ordú tuismitheoireachta ina dhiaidh sin faoi dhlí na Ríochta Aontaithe, a d'athshann tuismitheoireacht an pháiste dá athair bitheolaíoch, B, agus a thuismitheoir beartaithe (ar a dtugtar 'A'). Cuireadh aon chearta a bhí ag an máthair ionaid ar ceal leis an ordú sin.<br><br>Go luath in 2017, chuir an tuismitheoir Éireannach, A, isteach ar phas Éireannach do C. Ní dhearna an tAire Gnóthaí Eachtracha cinneadh ar an iarratas. Léirigh an tAire go ndiúltófaí don iarratas toisc nár ghlac sé leis faoi dhlí na hÉireann go raibh an tuismitheoir neamhbhitheolaíoch, A, mar thuismitheoir C tráth a bhreithe, agus mhaígh sé nach rabhthas in ann glacadh leis an bpáiste mar shaoránach Éireannach de bhun Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956. Ní dhearnadh aon chinneadh deiridh agus bhí an t-iarratas fós ar bun go dtí gur cuireadh tús le himeachtaí in 2020, chun iallach a chur ar an Stát cinneadh a dhéanamh.<br><br>Rialaigh an Ard-Chúirt go raibh an páiste i dteideal saoránacht Éireannach, agus d'ordaigh sí don Aire cinneadh a dhéanamh faoin iarratas ar phas. Ach d'éirigh le hiarratas an Aire ansin ar achomharc cliobógach sa Chúirt Uachtarach ar an mbunús go dtarraingíonn na cásanna ábhair lena ngabhann tábhacht phoiblí anuas.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae* leagamar amach ár ndearcadh go bhfuil páiste, faoin mBunreacht, a bheirtear trí mháthairionadaíocht i dteideal aitheantais agus cosanta dá gcaidrimh theaghlaigh mar a bheadh aon pháiste eile. Is féidir féachaint ar na cosaintí sin mar ghné de dhínit an pháiste, a gcearta pearsanta agus a gcearta teaghlaigh. D'éilíomar ar an gCúirt machnamh a dhéanamh ar iallach a chur ar an Stát aitheantas a thabhairt do cheart an pháiste chun saoránachta ag an mbreith. Luamar cé go bhfuil sí sách forleathan, go bhfuil an mháthairionadaíocht fós go hiomlán gan rialáil i ndlí na hÉireann. Inár n-aighneachtaí dlíthiúla don Chúirt, leagamar amach go bhféadfadh saoránacht a dtuismitheora a shéanadh ar pháiste drochthionchar a imirt ar a n-ionchais saoil agus a bhfolláine ar bhealaí éagsúla, ina measc stádas dhá leibhéal a chruthú laistigh den teaghlach, toisc gur saoránaigh Éireannacha agus saoránaigh AE dá bhrí sin iad cuid de pháistí an teaghlaigh ach nach ionann an cás do pháistí eile. |

| | |
|---|---|
| **Toradh** | Bhíothas ag fanacht ar Bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar an 31 Nollaig 2022. |

| **Ainm an Cháis** | **Jaimee Middlekamp v an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais** |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Uachtarach |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 15 Meitheamh 2022 |
| **Dáta na hÉisteachta** | 18 Deireadh Fómhair 2022 |
| **Breithiúnas** | Ar bun |
| **Sonraí** | Baineann an cás seo le hachomharc leis an gCúirt Uachtarach chun machnamh a dhéanamh ar an bhfuil iarratasóir nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad, a fuair cead teoranta cónaí agus oibriú sa Stát agus a gheall fágáil nuair a thagann deireadh leis an gcead sin, i dteideal a gceart chun saol príobháideach agus teaghlaigh, mar a chosnaítear faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, i dtaobh nuair atá athrú ar stádas imirce á lorg faoi Alt 4(7) den Acht Imirce, 2004.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae*, scrúdaíomar an dualgas atá ar an Aire machnamh a dhéanamh ar chearta bunúsacha iarratasóra nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi Alt 4(7) den Acht Imirce, 2004 agus an leagann cosaintí faoi Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus faoi Bhunreacht na hÉireann dualgas ar an Aire cearta chun saol príobháideach agus teaghlaigh a mheas i gcinnteoireacht imirce. |
| **Toradh** | Bhíothas ag fanacht ar Bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar an 31 Nollaig 2022. |

| **Ainm an Cháis** | **An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Patrick Quirke** |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Uachtarach |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 6 Deireadh Fómhair 2022 |
| **Dáta na hÉisteachta** | 12 agus 13 Nollaig 2022 |
| **Breithiúnas** | Ar bun |

| | |
|---|---|
| **Sonraí** | Baineann an cás seo le hachomharc leis na gCúirt Uachtarach maidir le raon an cheanglais a bhféadfaí a chuardach nuair atáthar ag cur isteach ar bharántas cuardaigh a shainaithint. Sa chás seo, rinneadh agóid ag triail faoin mbarántas cuardaigh a d'úsáid an Garda Síochána chun gléas sonraí leictreonach arb leis an Uasal Quirke é a ghabháil (fear a ciontaíodh as dúnmharú i mí na Bealtaine 2019), agus san achomharc, ar an mbunús nár shainaithin an barántas cuardaigh go raibh ríomhairí le gabháil mar chuid den chuardach, ná ní raibh sé san fhaisnéis ar ar bunaíodh an t-iarratas ar bharántas cuardaigh a cuireadh faoi bhráid an Bhreithimh Cúirte Dúiche. Níor éirigh leis an agóid in aghaidh an bharántais cuardaigh sa triail ná san achomharc os comhair na Cúirte Achomhairc. Maíonn an tUasal Quirke go sáraíonn sé sin grinnscrúdú breithiúnach agus cosaintí ar shárú mídhleathach na gceart bunreachtúil.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae*, tharraingíomar aird ar an ngá le cearta príobháideachais daoine a chosaint, agus a chinntiú freisin go bhfuil barántais chuardaigh a fhaigheann na póilíní láidir, agus go dtagann fiosrúcháin éifeachtacha agus córa astu. |
| **Toradh** | Bhíothas ag fanacht ar Bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar an 31 Nollaig 2022. |

| **Ainm an Cháis** | **Gideon Odum agus Sophie Chukwudi (Naíon ag déanamh agra trína hathair agus a neaschara Gideon Odum) agus Richard Chukwuebuke Agbonhese (Naíon ag déanamh agra trína athair agus a neaschara Gideon Odum) agus William Onyinye Agbonhese (Naíon ag déanamh agra trína athair agus a neaschara Gideon Odum) v an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais** |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Uachtarach |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 24 Samhain 2022 |
| **Dáta na hÉisteachta** | N/B |
| **Breithiúnas** | Ar bun |
| **Sonraí** | Baineann an cás seo le machnamh a dhéanamh ar chearta bunúsacha i gcomhthéacs orduithe díbeartha agus fiosraítear nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi dhíbirt tuismitheora ar náisiúnach eachtrach iad le páistí a chónaíonn sa Stát go dleathach ar cheart, agus cá mhéad ar cheart, don Aire Dlí agus Cirt tagairt shonrach a dhéanamh do shárú féideartha ar chearta bunreachtúil a bhainfeadh le cinneadh mar sin agus machnamh a dhéanamh ar an méid sin. Measfaidh an Chúirt Uachtarach an léirítear go cruinn dlí na hÉireann sa tástáil a chuir an Ard-Chúirt i bhfeidhm – go dteastaíonn "caidreamh bríoch bainteach" idir an tuismitheoir agus na páistí lena mbaineann sula dtiocfadh machnamh ar shárú ceart bunreachtúil chun cinn.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae*, molaimid aghaidh a thabhairt ar chearta bunúsacha duine atá faoi réir Orduithe Díbeartha, go háirithe a gcearta teaghlaigh faoin mBunreacht. |

| | |
|---|---|
| **Toradh** | Tá na himeachtaí fós ar bun agus tá an cás le héisteacht go luath in 2023. |

| **Ainm an Cháis** | **Stephen Tallon v an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an Ard-Aighne** |
|---|---|
| **An Chúirt** | An Chúirt Achomhairc |
| **Idirghabháil an Choimisiúin** | 15 Nollaig 2022 |
| **Dáta na hÉisteachta** | N/B |
| **Breithiúnas** | Ar bun |
| **Sonraí** | Sa chás seo, rinneadh ordú um iompar frithshóisialta in aghaidh an Fhreagróra, an tUasal Tallon, a ciontaíodh ina dhiaidh sin as an ordú um iompar frithshóisialta a shárú faoi dhó. Baineann an cás le hoibríocht Chuid 11 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 a fhorálann do dhéanamh orduithe sibhialta a shrianann iompar frithshóisialta. Is cion coiriúil é ordú sibhialta a dhéantar faoi Chuid 11 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 a shárú.<br><br>Inár ról dlíthiúil mar *amicus curiae*, molaimid aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna um chearta an duine a tháinig chun cinn sa chás, ina measc an ceanglas le haghaidh cinnteacht dhlíthiúil i dtéarmaí orduithe um iompar frithshóisialta agus an ceanglas reachtúil agus bunreachtúil maidir le comhréireacht nuair atá orduithe um iompar frithshóisialta á gceapadh.<br><br>An 15 Nollaig 2022, chuireamar páipéir faoi bhráid na Cúirte Achomhairc ag lorg cead chun idirghabháil mar *amicus curiae* sa chás seo. |
| **Toradh** | Tá an t-iarratas ar chead liostáilte lena éisteacht an 13 Eanáir 2023. |

# Reachtaíocht a neartú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí

# Cóid chleachtais a ullmhú

Tá cumhachtaí reachtúla againn faoi alt 31(2) den Acht fán gCoimisiún, chun cóid chleachtais a réiteach chun cur le ceann amháin nó níos mó de na haidhmeanna seo a leanas:

- cearta an duine a chosaint;
- idirdhealú a dhíbirt;
- comhionannas deiseanna san fhostaíocht a chur chun cinn; agus
- comhionannas deiseanna maidir leis na hábhair sin ina mbíonn na hAchtanna um Stádas Comhionann i bhfeidhm a chur chun cinn.

Is féidir forálacha na gCód sin a úsáid mar fhianaise inghlactha agus is féidir iad a chur san áireamh in aon imeachtaí os comhair na cúirte, an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na Cúirte Oibreachais.

I mí an Mhárta, d'eisigh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige na Cóid Chleachtais a leanas, a cuireadh faoina bhráid lena bhfaomhadh:

- Cód Cleachtais maidir le Pá Comhionann; agus
- Cód Cleachtais i leith Ciapadh Gnéasach agus Ciapadh ag an Obair.

Nuair a shíníonn an tAire iad, foilsítear Cóid Chleachtais ar ár suíomh gréasáin.






Rinneamar an méid seo a leanas freisin i rith na bliana:

- Chuireamar i gcrích an próiseas comhairliúcháin phoiblí reachtúil maidir le dréacht de Chód Cleachtais maidir le Pá Comhionann; agus
- Chuireamar dréacht deiridh de Chód Cleachtais maidir le Bearta a Thacaíonn le Teaghlaigh san Ionad Oibre a Chur Chun Cinn faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, i ndiaidh an próiseas chomhairliúcháin phoiblí reachtúil a chur i gcrích.

Ag deireadh na bliana, tá an dréacht de Chód Cleachtais maidir le Bearta a Thacaíonn le Teaghlaigh san Ionad Oibre a Chur Chun Cinn ag fanacht ar fhaomhadh an Aire.

## Nóta Eolais

D'fhoilsíomar nóta eolais maidir le Cearta Teaghlach ag Ionchoisní. Féachann an nóta eolais seo le treoir a thabhairt do theaghlaigh a bhfuair daoine muinteartha leo bás maidir lena rannpháirtíocht leis an bpróiseas ionchoisne (imscrúdú ar bhás) a dhéanann cróinéir faoi na hAchtanna Cróinéirí 1962-2020.



# Athbhreithnithe Comhionannais agus Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais

Tugtar faoi Athbhreithnithe Comhionannais faoi Alt 32 den Acht fán gCoimisiún. Tá cumhacht reachtúil againn iarraidh ar ghnóthais phoiblí nó phríobháideacha tabhairt faoi athbhreithniú ar chomhionannas deiseanna go ginearálta, nó ar ghné áirithe idirdhealaithe faoi reachtaíocht frith-idirdhealaithe na hÉireann, mar atá na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 agus/nó na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018. Foilsíodh cuntas ar na hAthbhreithnithe Comhionannais sin ar fad ar ár suíomh gréasáin. Féadfaimid iarraidh ar chomhlachtaí poiblí nó príobháideacha freisin Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun díriú ar réimsí sonracha a eascraíonn as athbhreithnithe comhionannais.

## Plean Gníomhaíochta Comhionannais: Soláthar cóiríochta agus seirbhísí don Lucht Siúil

De bhun Athbhreithnithe Comhionannais, a rinneadh in 2019, d’úsáideamar ár gcumhachtaí dlíthiúla, faoi Alt 32(1) den Acht fán gCoimisiún, 2014, chun iarraidh ar sheacht nÚdarás Áitiúil Plean Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh soláthar cóiríochta agus seirbhísí don Lucht Siúil.

Ba iad na hÚdaráis Áitiúla a roghnaíodh: Comhairle Contae Áth Cliath Theas, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chill Mhantáin.

Bunaíodh ár gcur chuige ar fhreagraí na nÚdarás Áitiúil ar fad ar na hAthbhreithnithe Comhionannais, agus ar a chinntiú go raibh raon tíreolaíoch ann a léirigh an tír ar fad, i measc cúinsí eile.

Thugamar treoir ghinearálta do na hÚdaráis Áitiúla a roghnaíodh chun cabhrú le hullmhú agus cur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta Comhionannais. Leagamar béim freisin ar chomhairliúchán le daoine ón Lucht Siúil, an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht an Lucht Siúil, agus grúpaí áitiúla agus náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar an Lucht Siúil, mar chuid riachtanach de chur i bhfeidhm agus de rath na bPleananna Gníomhaíochta Comhionannais sin. Amhail an 31 Nollaig 2022, tá an obair sin fós ar bun.

### Plean Gníomhaíochta Comhionannais: Taithí Neamhnáisiúnach ar Theacht ar Sheirbhísí Saor in Aisce Dochtúirí Ginearálta

In 2019, d'iarramar ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) Plean Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí ateangaireachta d'othair phoiblí a úsáideann seirbhísí dochtúirí ginearálta agus nach é an Béarla a gcéad teanga. I rith 2021, d'inis FSS dúinn gur cuireadh moill ar chur i gcrích an Phlean Gníomhaíochta Comhionannais sin mar gheall ar an mbrú a bhain le paindéim Covid-19 a bhí fós ar bun agus an cibear-ionsaí a chuir isteach ar sheirbhísí FSS.

Choinnigh FSS muid ar an eolas faoi dhul chun cinn an Phlean Gníomhaíochta Comhionannais i gcaitheamh 2021 agus cuireadh in iúl dúinn go gcuirfí plean críochnaithe faoinár mbráid go luath in 2022.

Chuir FSS Plean Gníomhaíochta Comhionannais deiridh faoinár mbráid i mí an Mheithimh. D'aontaíomar cuntais ar an Athbhreithniú Comhionannais agus ar an bPlean Gníomhaíochta Comhionannais ina dhiaidh sin, agus foilsíodh iad ar ár suíomh gréasáin.

## Breithnithe reachtaíochta

Tá cinntiú go ndéanann ár reachtóirí cearta an duine agus comhionannas sa Stát a chomhlíonadh agus a neartú ag croí ár sainordaithe. Déanaimid an méid sin trí bhreithnithe agus moltaí mionsonraithe a dhéanamh faoi impleachtaí chearta an duine agus comhionannais a bheadh ag reachtaíocht ábhartha a bheartaítear.

Rinneamar na breithnithe reachtaíochta a leanas i rith na bliana:

### Scéim Ghinearálta an Bhille um Cheartas Coiriúil (Coireacht Fuatha)

Inár n-aighneacht don Choiste um Dhlí agus Ceart, d'fháiltíomar roimh thograí reachtacha chun aghaidh a thabhairt ar ghríosú chun fuatha agus coireachta fuatha, agus tharraingíomar anuas ábhar imní nach dtagann an sainmhíniú ar 'fuath' sa reachtaíocht leis na caighdeáin idirnáisiúnta, agus nach sainmhínítear príomhthéarmaí ar nós 'gríosú', 'naimhdeas' agus 'foréigean' sa reachtaíocht. Mholamar go ndéanfaí níos mó machnaimh ar a chinntiú nach ndéantar coir as iompar nó caint a chosnaítear faoin dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Scéim Ghinearálta an Bhille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú)

Phléamar ár n-imní faoin reachtaíocht leis an Aire Stáit le freagracht as Míchumas agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus í ag dul trí Thithe an Oireachtais.

An Comhalta Coimisiúin Adam Harris os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige faoin mBille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú).




Thángamar os comhair an Choiste um Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige le haghaidh a ghrinnscrúdaithe réamhreachtaigh ar an mBille. Cuireann an reachtaíocht deireadh leis an gcóras coimircithe atá i bhfeidhm faoi láthair agus cuirtear ról an Choimisiúin mar an Sásra Faireacháin Neamhspleách le haghaidh na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas ar bhonn foirmiúil. D'fháiltíomar roimh an aistriú i dtreo cur chuige bunaithe ar chearta, le meas ar thoil agus rogha an duine. Tharraingíomar anuas roinnt ábhair imní faoi laigí sa reachtaíocht, ina measc ceart teoranta chun achomhairc, rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil, agus amlínte doiléire le haghaidh iarratais ar choinneáil.

## An Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna)

Inár n-aighneacht don Choiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, leagamar amach go mbíonn an critéar maidir le 'iardhaltaí' i mbeartais ligean isteach do scoileanna ina bhacainn, go háirithe do pháistí Lucht Siúil, imirceach agus daoine faoi mhíchumas, chun teacht ar oideachas agus go bhféadfaí go scarfaí iad i scoileanna sonracha. Mholamar go gcuirfeadh reachtaíocht ar ligean isteach i scoileanna cosc ar úsáid naisc le hiarscoláire de chuid na scoile mar chritéar i ligean isteach scoláire.

## Scéim Ghinearálta an Bhille an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta)

Inár n-aighneacht don Roinn Dlí agus Cirt, léiríomar gur mhol an reachtaíocht athruithe suntasacha ar chumhachtaí taifeadta an Gharda Síochána agus chuireamar imní in iúl maidir le leordhóthanacht na gcosaintí sa reachtaíocht. Mholamar go gcaithfeadh impleachtaí chearta an duine agus comhionannais a bheadh ag teicneolaíochtaí ar nós físcheamaraí éide agus drón a bheith faoi réir maoirsiú neamhspleách agus éifeachtach. Chuireamar aighneacht eile faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt i ndiaidh fhógra an Aire Dlí agus Cirt go raibh sé i gceist próiseáil catagóirí speisialta sonraí a reachtú, ina measc teicneolaíocht aghaidh-aitheanta agus intleacht shaorga. Tharraingíomar anuas imní faoi éifeachtacht na teicneolaíochta aghaidh-aitheanta agus na hintleachta saorga d'fhorfheidhmiú an dlí agus comhlíontacht na dteicneolaíochtaí sin le prionsabail um chearta an duine agus comhionannas.

## Scéim Ghinearálta an Bhille Meabhair-Shláinte (Leasú)

Inár n-aighneacht don Fhochoiste um Meabhairshláinte, thugamar breac-chuntas ar roinnt ábhar imní faoi chearta an duine agus comhionannas, ina measc ailíniú na reachtaíochta le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas. Mholamar go ndéanfaí athchóiriú na reachtaíochta meabhairshláinte i dteannta bearta Stáit, chun a chinntiú go bhfuil fáil ar fhoirmeacha cóireála sa phobal nach bhfuil chomh sriantach céanna agus go gcuirfí críoch ar deireadh le comhéigniú i gcóireáil daoine faoi mhíchumais shíceasóisialta.

## Scéim Ghinearálta an Bhille an Gharda Síochána (Cumhachtaí)

Inár n-aighneacht don Roinn Dlí agus Cirt, mholamar go gcaithfí breac-chuntas a thabhairt sa reachtaíocht ar raon feidhme beacht na gcumhachtaí a thugtar don Gharda Síochána, seachas aghaidh a thabhairt air i gcóid chleachtais. Mholamar freisin gur cheart go n-éileofaí go sonrach ar bhaill den Gharda Síochána bunús ciníoch agus eitneach duine a thaifeadadh i rith stop agus cuardaigh, agus gur cheart foclaíocht níos treise a chur sa reachtaíocht chun cosc a chur ar phróifíliú ciníoch.

## Scéim Ghinearálta an Bhille Sláinte (Seirbhísí Foirceanta Toirchis (Criosanna Rochtana Sábháilte))

Inár n-aighneacht don Roinn Sláinte, d'aithníomar chomh casta agus atá na ceisteanna íogaire a bhí á meas ag an Aire i leith na reachtaíochta seo. Go háirithe, d'aithníomar go mbaineann cúpla ceart le criosanna rochtana sábháilte a reachtú, ina measc: an ceart chun príobháideachais agus féinriar colainne, agus ceart chun saoirse comhthionóil, agus saoirse tuairimíochta.

## Scéim Ghinearálta an Bhille um Chigireacht ar Áiteanna Coinneála

Foráiltear sa reachtaíocht bheartaithe don sásra trína ndaingneoidh an Rialtas ar deireadh an Prótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Céasadh. Ainmnítear Sásraí Náisiúnta Coisctheacha a fheidhmeoidh mar chomhlachtaí náisiúnta cigireachta ar áiteanna coinneála in Éirinn agus ainmnítear muid mar an Sásra Náisiúnta Coisctheach comhardaithe atá freagrach as líonra na Sásraí Náisiúnta Coisctheacha a chomhordú in Éirinn. Inár n-aighneacht don Roinn Dlí agus Cirt, d’fháiltíomar roimh an reachtaíocht bheartaithe ach tharraingíomar aird ar an gcaoi nach dtéann sé sách fada i roinnt réimsí tábhachtacha a bhaineann le hacmhainní a chur ar fáil don líonra Sásraí Náisiúnta Coisctheacha agus neamhspleáchas an líonra, chomh maith le hábhar imní a tharraingt anuas faoin sainmhíniú ar ‘áiteanna coinneála’ toisc nach n-áirítear áiteanna coinneála de facto leis, ina bhféadfadh cailleadh saoirse nó coinneáil tarlú.

## An Bille um Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán

Inár n-aighneacht don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, d’éilíomar athruithe suntasacha ar an reachtaíocht chun comhlíonadh na gcaighdeán um chearta an duine agus comhionannas a chinntiú. Mholamar go mbainfí an ceanglas go mbeadh ar dhuine a chónaigh mar pháiste in institiúid ábhartha fanacht ann ar feadh sé mhí chun a bheith i dteideal cur isteach ar an Scéim Íocaíochta. Mholamar freisin gur cheart tagairt dhíreach a dhéanamh sa reachtaíocht don díobháil atá sí ceaptha a shásamh, go háirithe cailleadh an naisc idir máthair agus páiste, agus chun an ceanglas a bhaint go gcaithfí tarscaoileadh dlíthiúil a shíniú i leith aon cheart gnímh sula nglacfaí le híocaíocht. I mí na Nollag, sheolamar litir leantach chuig an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir lenár liosta d’imní a bhí fós orainn faoin reachtaíocht.

# Athchóiriú reachtach

## Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar na hAchtanna um Chionta in Aghaidh an Stáit

Bhuaileamar leis an nGrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách chun ár n-aighneacht ó mhí na Samhna 2021 don Ghrúpa Athbhreithnithe a phlé.

## Athbhreithniú ar an Acht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil)

Inár n-aighneacht don Roinn Sláinte, tharraingíomar aird ar roinnt fadhbanna sa soláthar dlíthiúil ginmhillte faoi láthair a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí foirceanta toirchis. Mholamar go ndíchoireofaí ginmhilleadh i ngach cás; go gcaithfear cleachtas na hagóide coinsiasaí a rialáil níos déine; agus go mbeadh cead ag aon duine a fhaigheann diagnóis faoi mhínormáltacht mharfach féatais rochtain a fháil ar fhoirceannadh. Tharraingíomar aird freisin ar na leibhéil dhifriúla rochtana ar sheirbhísí do dhaoine ó ghrúpaí atá leochaileach go struchtúrach agus d'éilíomar go ndéanfaí promhadh ó thaobh an chomhionannais ar an Acht.

# Monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú

# Monatóireacht conartha ar chearta an duine agus comhionannas

Mar an Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine, déanaimid monatóireacht ar chearta an duine in Éirinn. Tugaimid moltaí agus cuirimid bonn eolas faoi mheasúnuithe na gcomhlachtaí monatóireachta conartha ar an gcaoi a bhfuil Éire ag comhlíonadh a hoibleagáidí faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta um chearta an duine.

## An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú

Chuireamar tuarascáil chomhuaineach faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú mar chuid den nós imeachta leantach ar an gcúigiú go dtí an naoú tuarascáil thréimhsiúil chónasctha. Thug an Coiste moltaí a bhain le rialáil fuathchainte ar líne, an reachtaíocht bheartaithe maidir le coireacht fuatha, oiliúint faoi choireacht fuatha do na príomhghníomhaithe sa chóras dlí agus cirt, agus soláthar cúnaimh dhlíthiúil faoi láthair.

## Cairt Shóisialta na hEorpa

Chuireamar tuarascáil chomhuaineach faoi bhráid an Choiste Eorpaigh ar Chearta Sóisialta chun nuashonrú a thabhairt ar chur i bhfeidhm na hÉireann de Chairt Shóisialta na hEorpa (Athbhreithnithe). Thug an aighneacht aghaidh ar cheisteanna a bhaineann leis an ngrúpa téamach maidir le ‘Cearta Saothair’. Chuireamar imní in iúl maidir le cosaintí neamhleora d’fhostaithe, beartais idirdhealaitheacha, chomh forleathan atá gnéaschiapadh agus idirdhealú sa mhargadh saothair, agus an teip aitheantais a thabhairt do luach sóisialta agus eacnamaíocht na hoibre cúraim. D’iarramar freisin go dtabharfaí aghaidh ar na bearnaí reachtaíochta agus beartais maidir leis an gceart chun pá maireachtála agus cómhargála.

## Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla

Chuireamar tuarascáil chomhuaineach faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine chun bonn eolais a chur faoina chúigiú hathbhreithniú tréimhsiúil ar chosaint na gceart sibhialta agus polaitiúil in Éirinn. Áiríodh leis moltaí tábhachtacha maidir le póilíneacht, sárú ar chearta an duine san am atá caite, idirdhealú, comhionannas inscne, cosaint idirnáisiúnta, agus rochtain ar cheartas agus an smacht reachta. D’fhreastail toscaireacht ón gCoimisiún ina dhiaidh sin ar athbhreithniú an

Choiste ar Éirinn sa Ghinéiv i mí Iúil, agus phléigh siad le comhaltaí an Choiste chun tacú lena cheistiú díreach ar an toscaireacht Stáit. Foilsíodh Breathnuithe Deiridh an Choiste níos deireanaí i mí Iúil, agus tá a mholtaí ag teacht go dlúth lenár dtuarascáil chomhuaineach.




An Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney ag cur ár moltaí maidir le ICCPR faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine leis an gComhalta Coimisiúin Jim Clarken

## An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh




Chuireamar tuarascáil chomhuaineach faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh chun bonn eolais a chur faoina chúigiú agus a shéú hathbhreithniú tréimhsiúil cónasctha ar Éirinn. Tarraingíodh aird san aighneacht ar ár n-imní faoi chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin in Éirinn agus rinneamar os cionn 100 moladh, i réimsí ar nós bailiú sonraí; rochtain ar shaoránach; foréigean in aghaidh páistí; gáinneáil ar pháistí; dlí an teaghlaigh; páistí faoi mhíchumas; meabhairshláinte; bochtaineacht leanaí; easpa dídine; agus oideachas. Léiríomar imní faoi leith faoin neamhionannas agus eisiamh córasach a fhulaingíonn grúpaí páistí atá leochaileach go struchtúrtha in Éirinn. Phléamar le comhaltaí Coiste ina dhiaidh sin i rith cruinniú réamhsheisiúin sa Ghinéiv i mí Mheán Fómhair chun ár gceisteanna tosaíochta ar chearta an linbh in Éirinn a tharraingt anuas, agus chuireamar eolas breise faoina mbráid i mí na Nollag.

### Coinbhinsiún chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac

Chuireamar tuarascáil faoi bhráid an Ghrúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht in aghaidh Foréigean ar Mhná agus Foréigean Baile ('GREVIO') de chuid Chomhairle na hEorpa, tuarascáil inar tugadh eolas roimh a chéad nós imeachta meastóireachta bonnlíne le haghaidh na hÉireann. Shonraíomar easnaimh i gcur i bhfeidhm Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') in Éirinn, thar cheithre cholún an Choinbhinsiúin: cosc; cosaint; ionchúisimh agus comhordú beartas. Pléadh réimsí téamacha sa tuarascáil ar nós comhordú idirghníomhaireachta; feachtais agus feasacht; oideachas; cóiríocht do dhídeanaithe; sainseirbhísí tacaíochta; freagairt forfheidhmithe dlí; cosaintí i rith imeachtaí breithiúnacha; agus imirce agus tearmann.




An Comhalta Coimisiúin an tOllamh Caroline Fennell os comhair an Chomhchoiste um Chomhionannas Inscne

## Rannpháirtíocht i líonraí idirnáisiúnta

Tá sainordú againn treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí, agus iad a spreagadh, le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais.

Is comhalta muid de:

- Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine ('ENNHRI');
- Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta ('Equinet'); agus
- An Comhaontas Domhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine ('GANHRI').

I rith na bliana, leanamar ar aghaidh ag cur le rannpháirtíocht ghníomhach sna líonraí sin agus ag baint tairbhe as an rannpháirtíocht.

# ENNHRI

Déanann ENNHRI ionadaíocht ar 46 institiúid náisiúnta um chearta an duine ar fud Bhallstáit Chomhairle na hEorpa.

Ghlacamar páirt freisin in obair leanúnach ENNHRI:

- An Grúpa Oibre Dlí;
- Grúpa Oibre le haghaidh Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;
- Grúpa Oibre an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas; agus
- An Grúpa Oibre Cumarsáide.

## Tuarascáil ENNHRI maidir leis an Smacht Reachta




Chuireamar freagra isteach ar chomhairliúchán ENNHRI le haghaidh a Thuarascála maidir leis an Smacht Reachta, a foilsíodh i mí Iúil. Inár n-aighneacht don chaibidil tíre faoi Éirinn, sainaithníodh roinnt imní faoin smacht reachta ar fud raon réimsí téamacha, ina measc:

- neamhspleáchas agus éifeachtacht na hInstitiúide Náisiúnta um Chearta an Duine;
- cosantóirí chearta an duine agus spás sochaí sibhialta;
- córas srianta agus ceartúchán;
- feidhmiú an chórais dlí agus cirt;
- saoirse na meán, iolrachas agus sábháilteacht iriseoirí;
- éilliú; agus
- freagairt an Stáit do Covid-19.

Dhíríomar roinnt moltaí ar an Stát maidir le gníomhartha agus bearta chun timpeallacht an smachta reachta a fheabhsú in Éirinn. Cuirfidh an Tuarascáil le hullmhúcháin Thuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Smacht Reachta san Aontas Eorpach.

### Acmhainn Chosantóirí Chearta an Duine ó ENNHRI

Chuireamar ábhar isteach chun cur le bailiúchán dea-chleachtais ENNHRI le haghaidh Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus cosantóirí chearta an duine. Tugtar treoir in Acmhainn Chosantóirí Chearta an Duine d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine san Eoraip a dteastaíonn uathu bealaí níos éifeachtaí a aimsiú chun oibriú le cosantóirí chearta an duine agus a gcearta siúd a chosaint. Tugtar eolas agus uirlisí áisiúla san acmhainn freisin do chosantóirí chearta an duine agus don tsochaí shibhialta faoin gcaoi a bhféadfaidís comhoibriú le hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine chun dul i ngleic leis na srianta ar spás daonlathach san Eoraip atá ag dul i méid. Chuireamar ábhar isteach faoi oibriú ár Scéime Deontas, an gá le rannpháirtíocht grúpaí atá leochaileach go struchtúrtha, páistí agus daoine faoi mhíchumas ina measc, sa phróiseas cinnteoireachta agus faoi thionchar srianta maoinithe ar fheidhmiú na sochaí sibhialta.

## Equinet

Tá 49 comhlacht comhionannais as 36 tír Eorpach in Equinet, líonra Eorpach na gcomhlachtaí comhionannais náisiúnta.

I rith na bliana, ghlacamar páirt freisin in obair leanúnach ENNHRI:

- An Grúpa Oibre Cumarsáide;
- Braisle ar Mhíchumas;
- An Grúpa Oibre Ceaptha Beartas; agus
- An Grúpa Oibre Dlí Comhionannais.

Chuireamar le ceardlann Equinet i mí Eanáir faoi bhailiú sonraí i gcomhlachtaí comhionannais chun bonn eolais a chur faoi staidéar ón Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí maidir le hullmhú togra reachtach faoi chaighdeáin cheangailteacha le haghaidh comhlachtaí comhionannais.

Rinneamar cur i láthair ag imeacht Equinet i mí Aibreáin faoi ról comhlachtaí comhionannais i bhforbairt, cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais, ag díriú ar dhea-chleachtais, agus ag sainaithint na n-uirlisí a theastaigh chun rannpháirteachas agus ionchuir do na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais a láidriú tuilleadh.

Ghlacamar páirt freisin in oiliúint maidir le 'Use of Equality Data and Research in Legal Casework' i mí Dheireadh Fómhair, inar díríodh ar dhea-chleachtais a roinnt, dúshláin a phlé agus bealaí chun cinn a shainaithint.

# GANHRI

Is ball muid de GANHRI, an Comhaontas Domhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, a thugann le chéile os cionn 115 Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine as gach cearn den domhan agus a thugann ceannaireacht agus tacaíocht do chur chun cinn agus cosaint chearta an duine.

Bhuaileamar le GANHRI sa Ghinéiv i rith athbhreithniú an Choiste um Chearta an Duine ar Éirinn i leith an Chúnaint Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla.

# Rannpháirtíocht Eorpach

De réir alt 17 den Acht fán gCoimisiún, ceapaimid, as ballraíocht an Choimisiúin, duine le bheith ina chomhalta de Bhord Bainistíochta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ('FRA').

Is iad na comhaltaí Coimisiúin Jim Clarken agus an Dr Salome Mbugua (ionadaí) ceapaithe an Choimisiúin faoi láthair.

I mí Mheán Fómhair 2022, toghadh Jim Clarken ina Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta FRA.




Na Comhaltaí Coimisiúin Jim Clarken agus an Dr Salome Mbugua i mbun ionadaíochta ar an gCoimisiún ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha

Leanamar ar aghaidh ag glacadh páirte in obair leanúnach dhá chomhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh.

## Foghrúpa an Aontais Eorpaigh ar Shonraí Comhionannais

Cabhraíonn an Foghrúpa ar Shonraí Comhionannais leis na Ballstáit bailiú agus úsáid na sonraí comhionannais a fheabhsú. Éascaíonn an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha an Foghrúpa. Mar chomhalta, d'oibríomar leis an bhFoghrúpa chun dul chun cinn a dhéanamh ar nóta Treoraíochta AE maidir le bailiú agus úsáid sonraí Gnéaschlaonta, Féiniúlachta agus Léirithe Inscne, agus Tréithe Gnéis. I mí Dheireadh Fómhair, d'óstálamar an Foghrúpa le haghaidh taispeántas dhá lá ar Éirinn agus imeacht malartaithe eolais chun cur le dréachtú na céime deiridh de nóta Treoraíochta AE maidir le sonraí Gnéaschlaonta, Féiniúlachta agus Léirithe Inscne, agus Tréithe Gnéis. Thug lucht déantar beartas agus eagraíochtaí sochaí sibhialta taispeántas ar shamplaí agus foghlaim dea-chleachtais in Éirinn trí chuir i láthair malartaithe eolais agus plé painéil. Foilseoidh an tAontas Eorpach an Nóta Treoraíochta in 2023.



Rannpháirtithe ag cruinniú Fhoghrúpa an Aontais Eorpaigh ar Shonraí Comhionannais i mBaile Átha Cliath

## Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhdheiseanna do Mhná agus d'Fhir

Chuireamar le hobair Choiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhdheiseanna do Mhná agus d'Fhir a chuir dhá Thuairim i dtoll a chéile i mbliana:

- Tuairim maidir le gnéithe comhionannais inscne an athraithe aeráide; agus
- Tuairim maidir le príomhshruthú inscne i mbuiséid ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil san Aontas Eorpach.

## Ceithre dhlínse

Cothaímid caidreamh oibre láidir freisin lenár gcomhpháirtithe i dtrí dhlínse na Ríochta Aontaithe; Coimisiún Chearta an Duine i dTuaisceart Éireann, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann, Coimisiún Chearta an Duine in Albain agus Coimisiún Chearta an Duine agus Comhionannais.

Tháinig Coimisiúin na gceithre dhlínse le chéile i mí Eanáir.

## Sásraí tiomnaithe

Le hAirteagal 2 de Chreat Windsor (Prótacal na hÉireann/Thuaisceart Éireann maidir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach roimhe seo), thug Rialtas na Ríochta Aontaithe tiomantas go gcinnteofar go leanfar ag cosaint cearta áirithe comhionannais agus daonna i dTuaisceart Éireann i ndiaidh an Bhreatimeachta.

Leanamar ag obair le Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus Coimisiún Chearta an Duine i dTuaisceart Éireann chun maoirseacht a chur ar fáil ar cheisteanna ceart agus comhionannais, agus tuairisciú orthu, mar a bhaineann sé le raon feidhme cheanglas Airteagal 2 lena mbaineann gné oileán na hÉireann. Áiríodh leis sin ár gcéad Tuarascáil Bhliantúil Chomhpháirteach a sheoladh, 'Equality and rights on the island of Ireland after Brexit' chomh maith leis an Tuarascáil Bhliantúil Chomhpháirteach ó IHREC, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus Coimisiún Chearta an Duine i dTuaisceart Éireann maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2 de Phrótacal na hÉireann/Thuaisceart Éireann.

Tháinig meitheal na dtrí Choimisiún le chéile ceithre huaire i rith na bliana chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair sin.

Comhaltaí an Choimisiúin, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine ag seoladh a gcéad tuarascála bliantúla comhpháirtí



# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Éilítear ar gach comhlacht poiblí in Éirinn aird a thabhairt ar an ngá atá le hidirdhealú a chosc, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a bhfostaithe, a gcustaiméirí, lucht úsáidte a seirbhísí agus gach duine a dtéann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu a chosaint. Tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an 'Dualgas') ina chuid de dhlí na hÉireann ó 2014 i leith, agus leagtar amach é in Alt 42 den Acht fán gCoimisiún.

## Tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm go héifeachtach

Leanamar lenár gcuid oibre i gcaitheamh na bliana chun tuiscint agus glacadh níos treise i measc Ranna Rialtais agus comhlachtaí earnála poiblí a chothú maidir lena bhfreagrachtaí i dtaobh an Dualgais.



## I bhFócas – Modúl ríomhfhoghlama

I mí Aibreáin, sheol an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Roderic O'Gorman, go foirmiúil ár modúl foghlama nua ar líne chun tacú le tuiscint fostaithe sa tseirbhís phoiblí ar na hoibleagáidí um chearta an duine agus comhionannas ina gcuid oibre.

Tugann an modúl ríomhfhoghlama tuiscint d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí ar chomhionannas, cearta an duine, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine atá éigeantach, agus an chaoi lena chur i bhfeidhm ina gcuid oibre.

Cuireadh an modúl ar fáil de réir a chéile ar fud na státseirbhíse i gcomhar le OneLearning, Lárionad nua Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse. Cuireadh ar fáil freisin é ar thairseach foghlama FSS, HSeLanD, agus d'eagraíochtaí sochaí sibhialta.

Chuireamar plean cuimsitheach scaipthe eolais i bhfeidhm chun an modúl a chur chun cinn, ina measc cur chun cinn laistigh de OneLearning, fógraí i bhfoilseacháin earnála poiblí agus díriú ar earnálacha sonracha ar nós oideachais agus rialtas áitiúil.

Faoi dheireadh na bliana, chláraigh 1,800 fostaí sa tseirbhís phoiblí as 181 Comhlacht Poiblí chun tabhairt faoin modúl. Rinneamar roinnt athruithe ar an modúl freisin bunaithe ar mheastóireachtaí a fuarthas ó fhoghlaimeoirí agus beidh leagan nuashonraithe ar fáil in 2023.

Is féidir teacht ar an modúl ar www.ihrec.ie/elearning



## Cód Cleachtais a Fhorbairt

D'ullmhaíomar an chéad dréacht de Chód Cleachtais maidir leis an Dualgas. Déantar comhairliúchán poiblí i scríbhinn air leis na príomhpháirtithe leasmhara i gcomhlachtaí poiblí in 2023. Tá sé d'aidhm leis an gcód treoir phraiticiúil a thabhairt do chomhlachtaí poiblí faoi na bearta a chaithfear a dhéanamh chun an Dualgas a chomhlíonadh agus cabhrú le comhlachtaí poiblí comhlíontacht leis an Dualgas a léiriú.

## Rannpháirtíocht leis an Earnáil Phoiblí

Phléamar le 65 comhlacht poiblí, sé roinn rialtais agus 29 údarás áitiúil ina measc.

Is Saineolaí Ábhair muid le haghaidh OneLearning agus d'oibríomar leo chun cúrsaí nua a fhorbairt ina ndírítear ar chomhionannas, cearta an duine agus an Dualgas sa chéad chúrsa eile leo a thairgfear don státseirbhís.

Chuireamar treoir i dtoll a chéile chun tacú le comhlachtaí na céimeanna 'Aghaidh a thabhairt ar' agus 'Tuairisciú' den Dualgas a chur i bhfeidhm. Tugtar eolas sna treoirábhair do chomhlachtaí poiblí faoin Dualgas, agus moltar céimeanna praiticiúla chun an Dualgas a chur i bhfeidhm ina n-eagraíochtaí féin. Beidh an Treoir don Chéim 'Aghaidh a thabhairt ar' agus an Treoir don Chéim 'Tuairisciú' ar fáil lena scaipeadh ar chomhlachtaí poiblí in 2023.

D'fhorbraíomar bileog eolais aon leathanaigh le haghaidh ionadaithe tofa agus d'eagraíomar Cruinniú Faisnéise Uile-Pháirtí Oireachtais maidir leis an Dualgas i dTeach Laighean.

Cruinniú Faisnéise Uile-Pháirtí Oireachtais maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí



D'oibríomar le hAontas Rialtais Áitiúil na hÉireann chun tacú le Comhaltaí Tofa na n-údarás áitiúil tuiscint níos fearr a fháil ar an Dualgas agus an ról a bhíonn acu siúd, mar chomhairleoirí áitiúla, i dtacú lena chur i bhfeidhm.

D'oibríomar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Pobal chun oiliúint a chur ar 120 comhalta foirne ó údaráis áitiúla ar fud na tíre, chun tacú le cur i bhfeidhm an Dualgais i bhforbairt Phleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail 2023–2028.

## Rannpháirtíocht leis an tsochaí sibhialta agus treoir di

Chuamar i gcomhairle le heagraíochtaí sochaí sibhialta chun tús a chur le treoir shonrach a fhorbairt don tsochaí shibhialta. Beartaítear an treoir sin a sheoladh in 2023. Chuireamar tús freisin le hobair le 18 n-iarratasóir ón tsochaí shibhialta a fuair deontas le haghaidh tionscadal a bhaineann leis an Dualgas, chun an chaoi a bhféadfaidís leas a bhaint as ina n-obair bheartais agus abhcóideachta a fhiosrú.

Lucht freastail ag imeacht foghlama comhoibríche ar fhéidearthacht Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine le haghaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta




## Straitéisí náisiúnta comhionannais

Chuireamar leis na coistí stiúrtha agus meastóireachtaí neamhspleácha ar an bpróiseas le haghaidh cur i bhfeidhm trí straitéis comhionannais – an Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach, Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní agus an Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, mar a choimisiúnaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Foilseofar an mheastóireacht ar na straitéisí comhionannais sin go luath in 2023.

Is comhaltaí muid freisin den choiste stiúrtha le haghaidh na Straitéise Náisiúnta LADTI+.

## Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa 2021–2027

Leanamar lenár n-ionadaíocht ar Ghrúpa Stiúrtha an Phróisis Comhpháirtíochta chun pleanáil don chéad bhabhta eile de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, 2021–2027. Cuireadh Comhaontú Comhpháirtíochta Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa idir an Rialtas agus an Coimisiún Eorpach i gcrích go luath in 2022 agus d'fhaomh Coimisiún an Aontais Eorpaigh Comhaontú Comhpháirtíochta Chistí Struchtúracha na hÉireann i mí na Nollag. D'oibríomar chun a chinntiú gur cloíodh leis na coinníollacha cumasaithe maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú agus an prionsabal cothrománach maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú sna Cistí a bheidh ar fáil go luath. D'oibríomar le hÚdaráis Bainistíochta Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa chun tacú le dul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas agus cearta an duine i bpleanáil, cur i bhfeidhm, monatóireacht, tuairisciú agus meastóireacht na gclár nua le tacaíocht na treorach faoi Chomhionannas agus Cearta an Duine i gCistí AE, 2021–2027.

# Beartais agus cláir a fhorbairt

# Ráitis Beartais agus Aighneachtaí

Tá moltaí a dhéanamh don Rialtas, don Oireachtas agus do lucht déanta beartas chun cearta an duine agus comhionannas sa Stát a chomhlíonadh agus a neartú ag croí ár sainordaithe. Rinneamar na haighneachtaí agus na ráitis beartais seo a leanas i rith na bliana.

## Straitéis an Gharda Síochána maidir le Cearta an Duine

Inár n-aighneacht chomhfhreagrais don Gharda Síochána, d'fháiltíomar roimh an tagairt fhollasach do Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine sa Straitéis. Mholamar go gcuirfí gníomh sonrach sa Straitéis chun sásra a bhunú a dheimhneodh comhtháthú chearta an duine in obair an Gharda Síochána

## Seimeastar Eorpach 2022 agus an Clár Athchóirithe Náisiúnta

Ag tarraingt ar sheasaimh sheanbhunaithe, thug ár n-aighneacht do Roinn an Taoisigh aghaidh ar thionchar na paindéime ar chearta socheacnamaíocha; neamhionannas ioncaim; eisiamh sóisialta agus bochtanas; neamhionannas i gcúrsaí fostaíochta; tithíocht agus easpa dídine; cúram; ciníochas agus idirdhealú ciníoch; cearta daoine faoi mhíchumas; comhionannas inscne; cosaint idirnáisiúnta; agus ceartas aeráide.

## Reifreann faoi Thithíocht in Éirinn

Inár n-aighneacht don Choimisiún Tithíochta, d'aithníomar cé nach bhfuil aon cheart bunreachtúil ná ceart bunaithe sa dlí chun tithíochta in Éirinn, tá an ceart chun tithíocht dhóthanach ina ghné lárnach d'oibleagáidí na hÉireann faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Rinneamar moltaí éagsúla, ina measc go gcuimseofaí an ceart chun tithíocht dhóthanach go sainráite sa Bhunreacht, chomh maith le cearta eile eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, chun inbhreithnitheacht os comhair na gcúirteanna náisiúnta a chinntiú. D'éilíomar freisin bearta breise beartais agus reachtúla chun cur leis an aitheantas bunreachtúil.

## Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta: Athbhreithniú Lárthéarma

Inár n-aighneacht don Roinn Coimirce Sóisialaí ar an athbhreithniú lárthéarma ar an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025, leagamar amach ár mbreathnuithe faoi na seacht sprioc ardleibhéil a sainaithníodh: deiseanna fostaíochta a leathnú amach; tacú le hoibrithe agus le teaghlaigh; tacú le daoine aosta; tacú le teaghlaigh

agus le leanaí; tacú le daoine faoi mhíchumas; tacaíocht a thabhairt do phobail; agus bunriachtanais. D'éilíomar go mbeadh caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine agus comhionannas mar bhonn faoin athbhreithniú lárthéarma, go gcinnteodh sé cuntasacht le haghaidh easnamh leanúnach i gcur i bhfeidhm go dtí seo, agus go gcuimseofaí leasuithe síorathraitheacha ann, lena n-áirítear chun léiriú a thabhairt ar thionchar na paindéime, an Bhreatimeachta, dhúshláin mhéadaitheacha an athraithe aeráide agus an chomhshaoil, agus na ngéarchéimeanna a bhaineann le costas maireachtála, tithíocht agus ionchuimsiú sóisialta.

## Curaclaim Ghearrchúrsa OSPS sa tSraith Shóisearach

Inár n-aighneacht don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, d'éilíomar go mbeadh an curaclam oideachais nuashonraithe faoi shláinte ghnéis agus atáirgthe éigeantach, cruinn ó thaobh na heolaíochta de, bunaithe ar fhianaise, ionchuimsitheach, neamhbhreithiúnach, agus cuimsitheach. D'fháiltíomar roimh chuimsiú na folláine mothúchánaí mar shnáithe den churaclam, agus thugamar dár n-aire an gá le haghaidh a thabhairt ar bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht tríd an oideachas.

## Tuarascáil Eatramhach maidir le hAthrú a dhéanamh ar an mBunreacht ón gComhchoiste um Chomhionannas Inscne

Thugamar freagra ar iarratas ón gComhchoiste um Chomhionannas Inscne maidir le roghanna d'fhoclaíocht na leasuithe ar Airteagail 40.1 agus 41 den Bhunreacht a mholtar in 'Tuarascáil Eatramhach maidir le hAthrú a dhéanamh ar an mBunreacht' ón gComhchoiste.

Rinneamar moltaí faoin teanga inscneach sa Bhunreacht a athrú agus leasuithe a dhéanamh a léireodh tuiscint níos forásaí ar shaol an teaghlaigh agus meas ar obair chúraim.




An Comhalta Coimisiúin an tOllamh Caroline Fennell os comhair an Chomhchoiste um Chomhionannas Inscne

### Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha a Chuimsiú i mBunreacht na hÉireann

D’fhaomhamar ráiteas beartais, atá le foilsiú go luath in 2023, maidir le haitheantas bunreachtúil do chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha (ESC) ina sonraítear go gcaithfear cosaint bhunreachtúil a thabhairt do chearta, amhail an ceart chun bia, tithíochta, cúnamh sóisialta agus cúram leighis, mar a thugtar do chearta sibhialta agus polaitiúla.

Moltar freisin sa ráiteas go mbunófaí Comhchoiste Oireachtais maidir le Leasú Bunreachta le haghaidh cearta ESC, ag a mbeadh sainordú soiléir chun dréacht-téacs bunreachta a chur i dtoll a chéile le cur faoi bhráid an Oireachtais.

### Ráiteas Beartais maidir le hInnéacsnascadh Íocaíochtaí Leasa (Innéacsú Leasa)

I gcomhthéacs ár dTosaíochta Straitéisí maidir le Comhionannas Geilleagrach, d’fhaomhamar ráiteas beartais maidir le hinnéacsú leasa. Tharraing an ráiteas beartais ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus leanann sé obair an Choiste Oireachtais um Fhormhaoirsiú Buiséid, agus moladh go dtabharfadh an Rialtas tús áite do thabhairt isteach córas innéacsaithe leasa. Is é innéacsnascadh íocaíochtaí leasa an cleachtas a bhaineann le híocaíochtaí leasa shóisialaigh (pinsin ina measc) agus/nó creidmheasanna cánach agus bandaí cánach a mhéadú, de réir an bhoilscithe agus sainaithníodh é mar uirlis riachtanach chun dul i ngleic le neamhionannas ioncaim.

## Taighde

Tá sé d’aidhm ag ár dtaighde fianaise a sholáthar le haghaidh monatóireacht ar chearta an duine agus comhionannas agus le bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais i réimse chearta an duine agus an chomhionannais.

### Cúnamh Tithíochta agus Idirdhealú – Staidéar Scóipe ar an bhforas ‘Cúnamh Tithíochta’ faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018




Leagtar amach sa taighde seo an chaoi a mbíonn idirdhealú arís agus arís eile ar thionóntaí in Éirinn agus iad ag iarraidh teacht ar áit chónaithe ar cíos, nó í a choinneáil, mar gheall go bhfaigheann siad íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta. Thug an

tAcht um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 'cúnamh tithíochta' isteach mar fhoras nua idirdhealaithe i gcóiríocht faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann. Tugann an tuarascáil ionchur tábhachtach don eolas ar an 'bhforas cúnaimh tithíochta' faoin reachtaíocht comhionannais in Éirinn; tugann sé léargas go háirithe ar anailís cásdlí agus rochtain ar cheartas faoin bhforas sin.

## Teacht Lucht Siúil na hÉireann ar Cheartas

I dteannta na Comhairle um Thaighde in Éirinn, chuireamar maoiniú ar fáil do thaighdeoirí in Ollscoil Luimnigh le haghaidh taighde ina scrúdaítear an caidreamh idir an Lucht Siúil agus córas dlí choiriúil na hÉireann. Tarraingítear aird sa tuarascáil ar an gcaoi a bhfuil amhras an Lucht Siúil faoin gcóras dlí chóiriúil bunaithe ar thaithí phearsanta agus chomhroinnte ar dhéileáil mhíshásúil, agus chlaonta uaireanta, ó ghairmithe ceartais chóiriúil. Léiríodh freisin sa taighde go ndéantar róphóilíneacht ar an Lucht Siúil mar amhrastaigh agus tearc-phóilíneacht mar íospartaigh, agus tugadh fianaise ar ábhar imní suntasach maidir le cearta an duine laistigh den phróiseas cóiriúil agus ar fud an chórais i dtaobh an Lucht Siúil.

An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn ag bualadh le húdair 'Irish Travellers Access to Justice', a maoiníodh trínár Scéim Deontas



## Taithí an Aosa Óig in Éirinn ar den Dara Glúin Eitneachta Mionlaigh Iad

D'oibríomar le taighdeoirí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun tuiscint níos fearr a fháil ar thaithí an aosa óig ar den dara glúin eitneachta mionlaigh iad. Taifeadann an staidéar cáilíochtúil go mbíonn idirdhealú, ciníochas agus miocrachasáin ina ngnéithe seasta de thaithí daoine óga ar den dara glúin eitneachta mionlaigh iad, agus an tionchar a bhíonn aige sin ar a bhféinmhuinín agus a bhféinmheas.

# Sonraí

Tá bailiú sonraí leanúnacha, soiléire riachtanach chun a chinntiú go mbíonn beartais neamh-idirdhealaitheach agus go gcumasaíonn siad rannpháirtíocht chomhionann i saol na hÉireann. Táimid tiomanta do bhonn na sonraí comhionannais a neartú. I gcaitheamh na bliana, bhailíomar sonraí pobalbhreithe agus chuireamar le grúpaí éagsúla a bhíonn dírithe ar shonraí.

## Pobalbhreith bhliantúil

Is suirbhé trasearnála agus ionadaíoch é ár bpobalbhreith bhliantúil a dhéantar gach bliain. Bailíodh na sonraí trí phobalbhreith ar líne i mí na Samhna le 1,200 rannpháirtí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine.

Sa phobalbhreith seo, bhí tacaíocht d'imircigh agus dóibh siúd atá ag lorg dídine fós láidir, agus beagnach naonúr as gach deichniúr (89%) den tuairim gur cuma cé thú féin, nó cé as thú, ba cheart go gcaithfí mar an gcéanna leat. I gcodarsnacht leis sin, bhí míshásamh leis an gcóras soláthair dhírigh fós níos airde, le 64% ag aontú go bhfulaingíonn daoine sa chóras ciníochas agus idirdhealú, agus 68% den tuairim gur cheart don Rialtas dáta soiléir a leagan síos chun deireadh a chur le Soláthar Díreach.

Léiríodh sa phobalbhreith freisin go bhfuil os cionn leath (55%) na ndaoine buartha nach mbeidh siad in ann íoc as costais fuinnimh an teaghlaigh as seo go ceann bliana, le 85% ag pleanáil ídiú teasa agus leictreachais a laghdú, agus 70% ag aontú gur ceist chearta an duine í an ghéarchéim a bhaineann leis an gcostas maireachtála..







## Oibriú le Comhlachtaí Poiblí chun Sonraí Comhionannais a Fheabhsú

Is rannpháirtithe gníomhacha muid i Meitheal na Straitéise Náisiúnta Sonraí Comhionannais, Líonra Oifigigh Cosanta Sonraí na gComhlachtaí Poiblí, Grúpa Caidrimh Foirmiúil Staitisteoirí na Príomh-Oifige Staidrimh, agus Grúpa Comhairleach Teicniúil an Treochláir um an Ionchuimsiú Sóisialta.

# Rannpháirtíocht agus cumarsáid

# Ár spás poiblí a úsáid chun tacú leis an tsochaí shibhialta

Bhí an-áthas orainn ár spás poiblí a athoscailt i mí Mheán Fómhair, i ndiaidh níos mó ná dhá bhliain, le go bhféadfadh eagraíochtaí sochaí sibhialta a chuireann cearta an duine agus comhionannas chun cinn é a úsáid. Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag, reáchtáladh 15 imeacht sheachtracha. Ina measc siúd bhí comóradh 50 bliain One Family, Searmanais Bronnta Solise, comhdhálacha, seimineáir agus tionscnaimh forbartha acmhainne ar raon topaicí lena n-áirítear: dlí um chearta an duine; cearta na mban; Sláinte LADTA+; daoine faoi mhíchumas intleachtúil agus na meáin; agus uasoiliúint a chur ar cheannairí imirceacha mar oiliúnaithe idirchultúrtha.

Déanann One Family ceiliúradh ar 50 bliain a mbunaithe inár spás imeachta a osclaíodh le deireanaí




An Príomh-Choimisinéir ag Seimineár Malartaithe Eolais Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil agus Chumann Thuaisceart Éireann le haghaidh Cúram agus Athlonnú Ciontóirí



# I bhFócas – Comhionannas Inscne a Bhaint Amach ag an Obair: Beartas agus Cleachtas Cúraim

Reáchtáladh ár gcomhdháil Achieving Gender Equality at Work: Care Policy and Practice in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh i mí na Samhna. Eagraíodh í i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí agus le tacaíocht ghníomhach Ibec agus ICTU. Ghlac nach mór 200 rannpháirtí páirt ann, 46 cainteoir agus cathaoirleach ina measc. Leagadh amach sna seisiúin iomlánacha an clár oibre le haghaidh cur chuige níos iomlánaíche i leith beartas agus cleachtas cúraim, le dearcthaí á roinnt ag daoine a bhfuil cearta acu, acadóirí, comhlachtaí sochaí sibhialta, Idirnáisiúnta agus an Aontais Eorpaigh agus ionadaithe polaitiúla, ina measc an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus Ivana Bacik TD, Cathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Chomhionannas Inscne. Rinneadh plé cuimsitheach sna painéil tráthnóna ar raon leathan ceisteanna cúraim.




















Achieving Gender


Equality At Work
Care Policy and Practice
Conference






Achieving Gender
Equality At Work
Care Policy and Practice
Conference

# Scéim Deontas chun tacú leis an tsochaí shibhialta agus le daoine a bhfuil cearta acu

Cuireadh €400,000 ar fáil chun tacú le tionscadail a dhéanfaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta ar fud na tíre. Dhírigh Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2022–23 ar phéire dár dtosaíochtaí straitéiseacha: Dul Chun Cinn a Dhéanamh ar Chomhionannas Geilleagrach Níos Fearr; agus Tacú le Comhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Bhí dhá shnáithe sa scéim. Bhí an chéad snáithe oscailte don tsochaí shibhialta náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus díríodh an dara snáithe go sonrach ar ghrúpaí pobail áitiúla agus daoine a bhfuil cearta acu.

Seoladh an scéim i mí an Mhárta. Fuarthas 65 iarratas incháilithe san iomlán.

Bronnadh tacaíocht deontais ar 32 tionscadal, a chuimsigh raon ceisteanna, ina measc: liúntas cúramóirí, mná imirceacha faoin tuath in Éirinn agus teacht ar fhostaíocht; teacht daoine atá faoi mhíchumas ar thithíocht shóisialta; daoine a ciontaíodh cheana ag sárú bacainní ar fhostaíocht; taithí daoine bodhra ar fhostaíocht; raon agus nádúr an bhochtanais sláinteachais; feasacht daoine imirceacha ar a gcearta comhionannais fostaíochta; daoine a tháinig slán ó dhúshaothrú gnéasach, gáinneáil ar dhaoine agus foréigean inscnebhunaithe agus a dteacht ar fhostaíocht agus tithíocht; feasacht agus úsáid Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine in obair bheartais agus abhcóideachta raon eagraíochtaí sochaí sibhialta. Tá liosta iomlán de na tionscadail ar éirigh leo in Aguisín 7.

Grianghraf ó scannán Obair d'Ógra Éireann, 'Waiting Waiting Waiting', a maoiníodh trínár Scéim Deontas



# Feasacht an phobail

Leanadh lenár bhfeachtas “Mar gur daoine muid ar fad, is mar a chéile muid ar fad” den tríú bliain rathúil. D’fhill ár bhfeachtas náisiúnta feasachta ar chearta daoine faoi mhíchumas ar na haerthonnta i mí Eanáir ar feadh ceithre seachtaine ar an teilifís, an raidió, na meáin shóisialta agus ar líne.

Tá sé d’aidhm ag an bhfeachtas #AllHuman #AllEqual dúshlán na sochaí agus meon daoine aonair a thabhairt toisc go gcuireann siad srian ar dhaoine atá faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa ghnáthshaol.

Ceapadh an feachtas i gcomhar le daoine faoi mhíchumas a stiúir an feachtas, agus roinn siad a ndearcthaí pearsanta ar a saol laethúil agus ar chuid de na constaicí a bhíonn roimh dhaoine ar a bhfuil uathachas, míchumas intleachtúil, riachtanais chasta, míchumas fisiciúil nó droch-mheabhairshláinte nó daoine dalla, lagamhairc, nach bhfuil an éisteacht go maith acu nó Bodhra.

Dhírigh torthaí pobalbhreitheanna REDC ar thionchar dearcaidh an fhógra teilifíse, agus léirigh go ndúirt 90% de na daoine a d’fhreagair an phobalbhreith go raibh sé dearfach cloisteáil faoi mhíchumas go díreach ó dhaoine faoi mhíchumas, agus go ndúirt 89% de na daoine a d’fhreagair an phobalbhreith gur chuir sé ar a shúile dóibh go gcaithfear níos mó a dhéanamh chun feasacht a mhéadú ar shaol daoine faoi mhíchumas in Éirinn.



# Sna meáin

Tá ár rannpháirteachas leis na meáin áitiúla, náisiúnta, idirnáisiúnta agus ar líne fós ina chuid riachtanach dár n-obair chun príomhcheisteanna chearta an duine agus comhionannais a chur in iúl.

Bhí cuid mhór dár dtuairisciú ar na meáin réamhghníomhach agus ag eascairt cuid mhaith as ár n-aschuir ar fud ár n-oibre dlí, beartas agus taighde. Áiríodh le béim shonrach ár dtuairiscithe: ár ról mar *amicus curiae* i gcásanna difriúla, gáinneáil ar dhaoine, teacht ar cheartas, cóiríocht don Lucht Siúil, cosaint idirnáisiúnta, cearta an linbh, cearta daoine faoi mhíchumas, cearta príosúnach, agus cumhachtaí póilíní.

Áiríodh leis an tuairisciú ar na meáin dá bharr scéalta agus eagarfhocail inár nuachtáin náisiúnta. Chuireamar ailt eagarfhocail tuairimíochta ar fáil freisin agus thugamar agallaimh do nuachtáin náisiúnta ar cheisteanna maidir le soláthar tithíochta leordhóthanaí, cearta socheacnamaíocha, gáinneáil ar dhaoine, córais dhá leibhéal do theifigh agus cearta trasinscne.

Mar chuid den tuairisciú ar na meáin chraoltóireachta, thug an Príomh-Choimisinéir agallaimh beo ar theilifís agus raidió náisiúnta agus ar stáisiúin raidió réigiúnacha.


Report finds recipients of Hap victimised

Unfair treatment by landlords of those receiving housing assistance 'prevalent'

IHREC report says discrimination against vulnerable households must be tackled

KITTY HOLLAND


Rights body uses legal powers to call councils to meeting over lack of Traveller accommodation


Ireland has 'steady stream' of inequality issues

Noel Baker
Social Affairs Correspondent

Discrimination against people with a disability prompted the most contacts to the country's human rights watchdog last year, and also topped the list of concerns in cases involving employment issues.

The 2021 annual report from the Irish Human Rights and Equality Commission showed that disability discrimination represented 46% of contacts related to ser-


Why is there a two-tier system for refugees?

Sinéad Gibney
Opinion

European solidarity in taking Ukrainians fleeing war contrasts with the treatment of people from elsewhere

All human beings are equally susceptible to the effects of war, violence and torture


Gangs taking advantage of the Border for trafficking, finds report

JACK POWER

Criminal gangs may be taking advantage of the Border and the "unique policing conditions" between the Republic and Northern Ireland to traffic victims for sexual and labour exploitation, according to a new report.

The Irish Human Rights and Equality Commission (Ihrec) report, published today, said 44 victims of trafficking were identified in the State last year.

Twenty-five of the victims were trafficked for sexual exploitation such as prostitution, while 19 were trafficked for labour exploitation in the fishing industry, the food production sector, as well as for agriculture and domestic work.

The vast majority of victims came from Africa and about two-thirds of trafficking victims last year were women.

The report warned that "highly organised" transnational criminal groups were operating between the Republic and the UK trafficking victims. It said these criminal gangs saw the island of Ireland as a "single market" and take advantage of the Common Travel Area and "unique jurisdiction and policing conditions between the countries" when trafficking victims.

The commission said that victims were "moved easily and often across the Border", with traffickers running bases in both jurisdictions, and making frequent use of the "extensive air and sea connections between the UK, Ireland and Europe".

**Trafficked**

In one case study highlighted by the report, a man was trafficked from southern Africa through Northern Ireland to work on a fishing boat in the Republic, where he had no access to washing facilities and was told he would not be paid until he worked off the cost of his journey to the State, Ihrec said.

For the second year in a row authorities did not identify a single child victim of trafficking, which the commission warned could point to problems in the system for identifying underage victims.

"The lower than average trend in the preceding years, and the lack of identifications of child victims over the last two years, is a cause of concern," the report said.

## Buaicphointí na meán sóisialta

**Twitter**

**3,002,555**

Taispeáint – 250,212 in aghaidh na míosa ar an meán

**LinkedIn**

**23%**

An méadú ar leantóirí ó 7,756 go 9,512

**Instagram**

**52%**

An méadú ar leantóirí ó 2,139 go 3,240 faoi dheireadh na bliana

**Leantóirí/Síntiúsóirí amhail deireadh 2022**

| Twitter | Instagram | LinkedIn | Nuachtlitir | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 18,455 | 3,240 | 9,512 | 3,828 | 35,035 |

## Buaicphointí an tsuímh gréasáin

**588,134**

**Amharc leathanaigh ar ár suíomh gréasáin**

49,011 in aghaidh na míosa ar an meán

**33%**

**Feabhas ar inrochtaineacht ar fud ár suímh gréasáin**

### Na leathanaigh is mó ar tugadh cuairt orthu

I ndiaidh ár leathanaigh baile, ná iad siúd a dhírigh ar chóir chomhionann i rochtain ar sheirbhísí (31,700 amharc leathanaigh), ár leathanach lamairne le haghaidh 'Do Chearta' (20,851 amharc leathanaigh), agus eolas faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta le haghaidh fostóirí (15,755 amharc leathanaigh).

# Caighdeáin na freagartha frithgháinneála in Éirinn a fheabhsú

Bunaíodh ár ról mar Rapóirtéir Náisiúnta Neamhspleách na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 432 de 2020 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac) (An Rapóirtéir Náisiúnta), 2020, ag féachaint le treochtaí a mheasúnú, torthaí a thomhas, sonraí a bhailiú agus tuairisciú a dhéanamh.

Is é ár gcuspóir mar Rapóirtéir maoirsiú éifeachtach, neamhspleách agus fónta a sholáthar ar bhearta an Stáit chun dul i ngleic le gáinneáil ar dhaoine agus íospartaigh a chosaint trí aird a tharraingt ar na láidreachtaí agus na bearnaí agus treochtaí a shainaithint. Áitímid go gcabhródh ceart reachtúil chun faisnéis chuí a iarraidh agus a fháil le tabhairt faoi dhualgais an Rapóirtéara Náisiúnta go héifeachtach, rud a bhíonn ag brath ar chomhoibriú ó chomhghleacaithe faoi láthair.

## I bhFócas – An Chéad Tuarascáil Bhliantúil mar Rapóirtéir Náisiúnta Neamhspleách um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc




D’fhoilsíomar ár gcéad Mheastóireacht ar Chur i bhFeidhm na Tuarascála faoi Threoir Frithgháinneála an Aontais Eorpaigh ar bhearta an Stáit chun dul i ngleic le gáinneáil ar dhaoine. Tugtar anailís dhomhain sa tuarascáil ar chomhlíontacht na hÉireann leis an Treoir, agus déantar meastóireacht ar iarrachtaí cur i bhfeidhm an Stáit, ag féachaint le cuir chuige dea-chleachtais a bhunú chomh maith le réimsí ina dteastaíonn feabhas agus athchóiriú a shainaithint. Anuas ar roinnt moltaí ar leith do phríomhghníomhaireachtaí stáit, d’eisigh an tuarascáil roinnt moltaí mionsonraithe freisin a theastaíonn i réimsí beartas, cleachtas, athchóirithe reachtaigh agus nósanna imeachta, agus tábhacht faoi leith ag baint le:

- Bunú práinneach Sásra Náisiúnta Atreorúcháin a bheadh i bhfeidhm do gach íospartach agus ag a bhfuil sásra ar leith do pháistí. Caithfear croífhorálacha an tSásra (sainaithint, cúnamh, agus tacaíocht) a chur ar bhonn reachtúil.

- Go bhforbródh agus go gcomhaontódh an Stát ar bhonn práinne Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua maidir le Gáinneáil ar Dhaoine ina bhfuil amlínte agus táscairí dul chun cinn soiléire, lena n-áirítear tiomantais oiliúna, de réir an dea-chleachtais do cháipéisí gnímh straitéisigh.
- Caithfidh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua ailíniú le pleananna straitéiseacha ábhartha eile a glacadh, agus tagairt a dhéanamh dóibh – ina measc an Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais.
- Caithfidh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua gníomhartha praiticiúla a chuimsiú chun an cur chuige inscne-shonrach i leith seirbhísí a láidriú. Go háirithe, an gá práinneach atá le cóiríocht shábháilte, inscne-shonrach.
- Neamh-ionchúiseamh íospartach gáinneála a láidriú i gcás coireanna ar cuireadh iallach orthu a dhéanamh le linn na gáinneála.
- Bealaí praiticiúla cúitimh a bhunú atá ar fáil d'íospartaigh gáinneála i gcás gach cineáil dúshaothraithe.

Seoladh an tuarascáil i mí an Mheithimh ag comhdháil ar líne, a mheall ionchur ó phríomh-shaineolaithe sa saol náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar nós Chomhordaitheoir Frithgháinneála an AE, an Ionadaí Speisialta maidir le Gáinneáil ar Dhaoine ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, Rúnaí Feidhmiúcháin GRETA Chomhairle na hEorpa, na Roinne Dlí agus Cirt, an Gharda Síochána, na Stiúrthóireachta Ionchúiseamh Poiblí, saineolaithe ó na príomh-eagraíochtaí sochaí sibhialta frithgháinneála agus saineolaithe dlí. Bhí ceardlanna téamacha ina gcuid den seoladh agus tarraingíodh aird ar ionchuir daoine a tháinig slán ó gháinneáil ar dhaoine.

# Athbhreithniú ar Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Frithgháinneáil

Chuireamar leis an athbhreithniú ar Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Frithgháinneáil. Mholamar go leathnófaí sainmhíniú an Aontais ar gháinneáil ar dhaoine chun cineálacha nua gáinneála a chuimsiú, ar nós póstaí éigeantais agus uchtuithe neamhdhleathacha; foráil chun gnéithe digiteacha na gáinneála ar dhaoine a chuimsiú; agus foráil cheangailteach maidir le coiriúlú úsáideoirí seirbhísí a bhaintear ó íospartaigh na gáinneála.

Ombudsman Neamh-Idirdhealaithe agus Rapóirtéir Náisiúnta um Gháinneáil na Fionlainne, Kristina Stenman, agus Ceannasaí an Aonaid um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc, an Dr Nusha Yonkova



# An Ceathrú Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn maidir leis an gComhrac in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine san Aontas Eorpach

Chuireamar isteach ár gcéad “Contribution to the 4th Progress Report on the Fight against Trafficking in Human Beings in the European Union”. D’fháiltíomar roimh mhaoiniú méadaithe an Stáit d’eagraíochtaí tacaíochta túslíne, infheistíochtaí i méadú feasachta, agus na chéad chiontuithe rathúla as gáinneáil ar dhaoine, ach, leagamar béim arís ar ár n-ábhar imní tromchúiseach maidir leis an easpa tearmainn speisialta d’íospartaigh na gáinneála. Cuirfimid ionchuir dá leithéid i dtoll a chéile gach dhá bhliain, mar a éilítear sa Treoir.

### Forbairtí Dearfacha

Bhí roinnt forbairtí dearfacha suntasacha againn i gcaitheamh na bliana. Tugadh aird ar leith ar Éirinn mar eiseamláir dea-chleachtais toisc gur áiríodh go foirmiúil Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta sa dlí beartaithe lena mbunaítear Sásra Náisiúnta Atreorúcháin chun íospartaigh na gáinneála a shainaithint sa Cheathrú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ón gCoimisiún Eorpach.

Tarraingímid aird freisin ar uasghrádú na hÉireann ó Liosta Faire Shraith II chuig an aicmiú feabhsaithe Sraith II i dtuairisc Roinn Stáit SAM maidir le Gáinneáil ar Dhaoine. Inár ráiteas ina leith sin, fáiltíodh roimh an dul chun cinn a rinneadh ach tugadh foláireamh go bhfuil Éire ag tosú ó bhonn íseal – níl na príomh-réamhchoinníollacha le haghaidh freagairt éifeachtach ar gháinneáil ar dhaoine á gcomhlíonadh fós, an gá riachtanach le haghaidh cóiríocht inscne-shonrach le haghaidh íospartaigh na gáinneála ina measc. Leagamar béim ar an ngá atá le dlús a chur le cur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua agus go dtabharfadh an Rialtas tús áite do Shásra Atreorúcháin reachtúil nua.

## Sásra Náisiúnta Atreorúcháin nua chun íospartaigh na gáinneála a shainaithint agus cúnamh a thabhairt dóibh

D’fháiltíomar roimh an gcéim reachtúil chun Sásra Náisiúnta Atreorúcháin a bhunú le haghaidh íospartach, rud a d’aithníomar mar an dul chun cinn is suntasaí in íospartaigh a shainaithint agus cúnamh a thabhairt dóibh, ó rinneadh coir den gháinneáil ar dhaoine in Éirinn (in 2008). Rinneamar Aighneacht don Choiste um Dhlí agus Ceart ar Chuid 3 de Scéim Ghinearálta an Bhille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine). Luamar an tábhacht a bhaineann le cosaint reachtúil ar ionchúiseamh a chinntiú d’íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, agus mholamar go leasófaí an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008 chun cosaint reachtúil shonrach a thabhairt d’íospartaigh na gáinneála má rinne siad coireanna mar iarmhairt dhíreach a ngáinneála. Mholamar freisin go dtabharfaí na cosaintí céanna a fhaigheann íospartaigh éignithe agus cionta ionsaithe ghnéasaigh i dtrialacha coiriúla d’íospartaigh a ndearnadh gáinneáil orthu chun dúshaothrú gnéasach a dhéanamh orthu.

Thángamar, ina dhiaidh sin, os comhair éisteacht speisialta den Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart ar an mBille.

D’fhreastalaíomar freisin ar chruinnithe comhairliúcháin leis an Roinn Dlí agus Cirt agus chuireamar aiseolas mionsonraithe agus moltaí isteach ar dhá dhréacht den Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua beartaithe maidir le Gáinneáil ar Dhaoine, 2022–2026.

Ghlacamar páirt i gcruinnithe débhliantúla Líonra an Aontais Eorpaigh de Rapóirtéirí Náisiúnta agus Meicníochtaí Coibhéiseacha. Díríodh sa chéad cheann ar gháinneáil ar mhaithe le dúshaothrú saothair agus gné dhigiteach na gáinneála ar dhaoine, agus pléadh Plean Coiteann Frithgháinneála an Aontais ag an dara ceann chun daoine ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin a chosaint chomh maith le cur i bhfeidhm Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac (2021-2025).

Mar fhreagairt ar an gcogadh in aghaidh na hÚcráine, tionóladh trí chruinniú urghnácha de Líonra an Aontais de Rapóirtéirí Náisiúnta. Cruthaíonn díláithriú ollmhór daoine ag teitheadh ón gcogadh baol an-sonrach i leith na gáinneála, go háirithe i gcás na mban agus na bpáistí. Bhíomar páirteach in iarrachtaí tráthúla sioncronaithe an Aontais chun méadú na gáinneála ar dhaoine mar dhroch-éifeacht chomhthaobhach an chogaidh a chosc.




An Comhalta Coimisiúin an Dr Salome Mbugua os comhair an Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart

# Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

I mbliana, thugamar tús áite dár bplé leanúnach leo siúd a tháinig tríd an ngáinneáil ar dhaoine, ar gné dea-chleachtais é in iarrachtaí frithgháinneála faoi láthair. Thionólamar comhairliúcháin agus fóraim plé leo siúd a tháinig trí chineálacha éagsúla dúshaothraithe mar gheall ar gháinneáil ar dhaoine, agus d'éascaíomar a nguth ag seoladh ár gcéad tuarascála bliantúla mar Rapóirtéir i mí an Mheithimh.

D'eagraíomar ceithre chomhairliúchán le heagraíochtaí sochaí sibhialta, ar dheiseanna tábhachtacha iad do phlé agus sainaithint na bpríomhfhadhbanna a bhíonn ag an tsochaí shibhialta agus iad ag tacú le hiarrachtaí Frithgháinneála in Éirinn, agus chun bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre mar Rapóirtéir Náisiúnta. I mí Feabhra, d'eagraíomar plé comhchéime dar teideal 'Matters Arising in Housing Trafficked Victims'; i mí an Mhárta, comhairliúchán ar 'War Refugees and Human Trafficking'; i mí Iúil, ar na príomhghnéithe i bplean gnímh nua-aimseartha; agus i mí Mheán Fómhair, comhairliúchán ar fhorbairtí frithgháinneála reatha, ar fhreastail acadóirí agus eagraíochtaí frithgháinneála air.

I mí na Nollag, labhair an Príomh-Choimisinéir le comhdháil náisiúnta dar teideal 'Breaking the Silence'. D'eagraigh Ruhama agus Clár Taighde um Dhúshaothrú Gnéasach an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) an chomhdháil, le tacaíocht ónar scéim deontas. Scrúdaíodh an foréigean agus dúshaothrú gnéasach faoi cheilt a imrítear ar mhná i dtrádáil an ghnéis in Éirinn agus go domhanda lena linn. Thug an Príomh-Choimisinéir breac-chuntas ar na dúshláin a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine i dtrádáil an ghnéis in Éirinn trínár dtuarascáil a chur i láthair. Labhair daoine a tháinig trí gháinneáil agus foréigean faoina dtaithí féin agus a n-aistear i dtreo an téarnaimh, agus tharraing siad aird ar an díobháil a d'fhulaing siad féin, agus an tábhacht a bhaineann le saintacaíocht. Ghlacamar páirt freisin in imeacht plé painéil maidir le Gáinneáil ar Leanaí ar mhaithe le Dúshaothrú Coiriúil a Dhéanamh Orthu, a d'eagraigh MECPATHS, i gcomhar leis an bhFeisire de Pharlaimint na hEorpa, Maria Walsh, inar phléamar na riachtanais shonracha nach dtugtar aghaidh faoi láthair orthu a bhíonn ag íospartaigh na gáinneála ar páistí iad mar a bhaineann sé lena sainaithint mar íospartaigh leochaileacha na coiriúlachta.

Leanamar ag plé le páirtithe leasmhara reachtúla ábhartha, ina measc an Roinn Dlí agus Cirt, ina ról mar an Comhordaitheoir Náisiúnta um Gháinneáil ar Dhaoine, FSS, Tusla, an Garda Síochána, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, na Seirbhísí Cóiríochta Idirnáisiúnta Cosanta, an Oifig Um Chosaint Idirnáisiúnta, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, Oifig an Ombudsman do Leanaí, agus páirtithe eile.

# Rialachas Corparáideach agus Struchtúr

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin Acht fán gCoimisiún. Is é ár sainordú reachtúil cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil. Is muid Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas.

# An Coimisiún

Tá 15 Chomhalta ag an gCoimisiún, agus an Príomh-Choimisinéir ar dhuine díobh siúd (féach ar Aguisín 1). Ceapadh forálacha an Achta fán gCoimisiún chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann an tUachtarán Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh vóta in dhá Theach an Oireachtais.

Is comhlacht corpraithe é an Coimisiún. Tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas dá fheidhmeanna reachtúla agus cinneann na Comhaltaí a bheartas agus a ghníomhaíochtaí go neamhspleách. Tugtar faoi chinnteoireacht ag leibhéal an Choimisiúin, nuair is féidir, ar bhonn an chomhaontaithe. Má tá éagsúlacht tuairimíochta ann faoi ábhar ar leith, féadfar vóta an tromlaigh a úsáid. Aithníodh neamhspleáchas an Choimisiúin, de réir Phrionsabail Pháras, lena chreidiúnú mar stádas “A” mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe.

Reáchtálann an Coimisiún an líon cruinnithe a theastaíonn chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach i ngach bliain, ní mór dó cruinniú amháin ar a laghad a reáchtáil i ngach ráithe.

Tagann an Coimisiún le chéile go fisiciúil den chéad uair ó 2020



Bhí ocht ngnáthchruinniú iomlánacha ag an gCoimisiún, ar na dátaí seo a leanas: 27 Eanáir, 10 Márta, 21 Aibreán, 2 Meitheamh, 14 Iúil, 15 Meán Fómhair, 27 Deireadh Fómhair agus 8 Nollaig.

Reáchtáladh ceithre chruinniú urghnácha freisin, chun cinntí am-íogaire a thaifeadadh, idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh. Reáchtáladh na cruinnithe iomlánacha urghnácha ar na dátaí seo a leanas: 10 Bealtaine, 2 Meán Fómhair, 9 Meán Fómhair agus 8 Nollaig.

Leagtar amach Sceideal de Fhreastal, Táillí agus Speansais 2022 in Aguisín 5.

Caithfidh an Coimisiún, gach trí bliana, a ráiteas straitéise a fhoilsiú ina leagtar amach na príomhchuspóirí agus na straitéisí lena mbaineann, úsáid acmhainní an Choimisiúin ina measc. Caithfear an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Údaraíonn an Coimisiún buiséad agus plean oibre bliantúil freisin. Chomhaontaigh an Coimisiún a thríú Ráiteas Straitéise trí bliana, ó 2022–2024, a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais mí na Nollag 2021.

Déanann an Coimisiún cinntí straitéiseacha ar fheidhmeanna reachtúla, ráitis beartais an Choimisiúin agus úsáid a chumhachtaí dlíthiúla ina measc, seachas nuair a tharmligtear iad go sonrach.

Tharmlig an Coimisiún a chumhacht chun cabhair dhlíthiúil agus cabhair eile a sholáthar faoi alt 40 den Acht fán gCoimisiún don Cheannasaí Dlí. Tarmligtear don Cheannasaí Dlí i gcomhairle leis an Stiúrthóir cumhachtaí an Choimisiúin faoi alt 32 den Acht i leith athbhreithnithe comhionannais agus pleananna gníomhaíochta.

Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistíocht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ó lá go lá. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Coimisiún agus an ardbhainistíocht. Leagtar amach ról agus freagrachtaí an Stiúrthóra in ailt 20–23 den Acht.

Cloíonn an Stiúrthóir agus an ardbhainistíocht leis an treoir straitéiseach a leagann an Coimisiún amach. Tugann an Stiúrthóir eolas don Choimisiún faoi fheidhmíocht a bhfeidhmeanna, lena n-áirítear eolas i leith na bhfeidhmeanna sin, sa mhéid is go mbaineann siad le cúrsaí airgeadais an Choimisiúin, de réir mar a theastaíonn sé ón gCoimisiún. Ina theannta sin, cinntíonn an Stiúrthóir go bhfuil tuiscint shoiléir ag Comhaltaí uile an Choimisiúin ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad.

# Coistí

Bhunaigh an Coimisiún Coistí chun cabhrú le rialachas agus le hobair an Choimisiúin, i dtaca lena thosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn. Áirítear leo siúd an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Cásoibre Dlí, agus an Coiste Beartais agus Taighde.

Tugtar comhaltacht na gCoistí sin, agus freastal orthu i rith na bliana, in Aguisín 3.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca leordhóthanacht agus éifeachtacht ár gcóras rialaithe inmheánaigh, ár dtimpeallachta rialaithe agus ár nósanna imeachta rialaithe a mheas; maoirsiú a dhéanamh ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle agus treoir a thabhairt maidir leis na córais bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh don Stiúrthóir mar Oifigeach Cuntasaíochta agus don Choimisiún.

Reáchtáladh ceithre chruinniú: 31 Eanáir, 29 Márta, 8 Iúil agus 23 Samhain.

## An Coiste Cásoibre Dlí

Is é cuspóir an Choiste Cásoibre Dlí comhairle a chur ar an gCoimisiún ar straitéis maidir le cásobair dlí agus treoirlínte a fhorbairt, a nglacfaidh an Coimisiún leo, d’fheidhmíocht feidhm dlíthíochta/cásoibre an Choimisiúin – *amicus curiae*, imeachtaí ina ainm féin, imeachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus scéimeanna cabhrach dlíthiúla.

Reáchtáladh 16 chruinniú: 20 Eanáir, 4 Feabhra, 4 Márta, 28 Márta, 11 Aibreán, 10 Bealtaine, 23 Bealtaine, 1 Meitheamh, 4 Iúil, 14 Iúil, 5 Meán Fómhair, 17 Deireadh Fómhair, 28 Samhain, 7 Nollaig, 8 Nollaig agus 19 Nollaig.

## An Coiste Beartais agus Taighde

Is é cuspóir an Choiste Beartais agus Taighde comhairle a chur ar an gCoimisiún ar straitéis maidir lena fheidhmeanna beartais agus taighde, lena n-áirítear a idirghabhálacha reachtaíochta, tuairisciú idirnáisiúnta, ráitis beartais agus cláir sonraí agus taighde.

Reáchtáladh trí chruinniú: 22 Feabhra, 19 Bealtaine agus 10 Samhain.

# Coistí Comhairleacha

Foráiltear le halt 18 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 go ndéanfaimid, d'fhonn comhoibriú éifeachtach a bhunú agus a chothabháil le hionadaithe do ghníomhaireachtaí iomchuí agus don tsochaí shibhialta cibé Coistí Comhairleacha is cuí linn a cheapadh chun cabhair agus comhairle a thabhairt dúinn i dtaobh nithe a bhaineann lenár bhfeidhmeanna.

Áirítear leo siúd Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais, Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí agus Coiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais.

## An Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais

I ndiaidh dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, in 2018 bhunaigh an Coimisiún Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais faoi Alt 18 den Acht fán gCoimisiún.

I mí Dheireadh Fómhair, ceapadh cúigear comhaltaí nua le fónamh ar feadh téarma trí bliana. Ceapadh na comhaltaí ar fad i ndiaidh comórtas oscailte, agus is daoine faoi mhíchumas iad formhór an Choiste.

Is ról an Choiste Chomhairligh ar Ghnóthaí Míchumais:

- cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ar ábhar a bhaineann lena fheidhm athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát maidir le cosaint daoine atá faoi mhíchumas; agus
- comhairle a chur ar an gCoimisiún ar chomhlíonadh a róil neamhspleách monatóireachta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.

Ina chuid oibre, mheas an Coiste raon ceisteanna faoi chúrsaí míchumais, lena n-áirítear:

- Freastal Réasúnta;
- Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac;
- Athbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu; agus
- Plean Oibre an Choiste Chomhairligh ar Ghnóthaí Míchumais.

Thug an Coiste ionchur freisin i bhforbairt ár Ráitis Straitéise le haghaidh 2022–2024.

Reáchtáladh trí chruinniú: 11 Bealtaine, 17 Deireadh Fómhair agus 5 Nollaig.

## An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí in 2017 faoi Alt 18 den Acht fán gCoimisiún.

Is é ról an Choiste comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le:

- Ceisteanna comhionannais fostaíochta agus san ionad oibre;
- Stádas comhionann i soláthar seirbhíse;
- Cearta an duine san ionad oibre agus i soláthar seirbhíse;
- Éagsúlacht agus idirchultúrachas; agus
- Aon ábhar eile a chuireann an Coimisiún faoina bhráid.

Tá ionadaithe ar oibrithe agus fostóirí a d'ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann ('ICTU') agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann ('Ibec') ar an gCoiste Comhairleach.

I mbliana, leasaigh an Coimisiún, ar iarratas ón gCoiste, Téarmaí Tagartha an Choiste Chomhairligh d'Oibrithe agus d'Fhostóirí. Méadaíodh líon na n-ainmnithe ó Ibec agus ICTU ó cheathrar go cúigear faoi seach. Foráiltear sna Téarmaí Tagartha anois le haghaidh deiseanna méadaithe le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha leis an tsochaí shibhialta níos leithne ar cheisteanna tábhachtacha fostaíochta trí phlé comhchéime.

Ag a chruinniú deiridh i mí na Nollag, d'aontaigh an Coiste paraiméadair a chuid oibre in 2023 le béim ar thacú le fostaíocht an Lucht Siúil agus na Romach, freastal réasúnta, agus comhionannas níos fearr san ionad oibre do dhaoine ag a bhfuil freagrachtaí cúraim.

Reáchtáladh ceithre chruinniú: 5 Bealtaine, 26 Iúil, 12 Meán Fómhair agus 5 Nollaig.

## Coiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais

Bhunaigh an Coimisiún Coiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais in 2022 chun bonn eolais agus tacaíocht a thabhairt dá rannpháirtíocht leanúnach san Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas a bhí ar bun ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Aithníonn bunú an Choiste an t-athbhreithniú mar dheis shuntasach chun cód comhionannais na hÉireann a athchóiriú, agus tógann sé ar ár n-aighneacht do chomhairliúchán poiblí tosaigh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí na Samhna 2021, agus an tionscadal 'Equality ACTion' chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta leis an athbhreithniú a neartú a rinneadh i gcomhar le Ionaid Comhairle Dlí Saor in Aisce ('FLAC').

Cruinníonn an Coiste saineolaithe dlí, acadúla agus sochaí sibhialta le Comhaltaí Coimisiúin chun cabhrú linn na príomhcheisteanna a shainaithint agus a scrúdú, ar ceisteanna iad a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu chun creat níos cuimsithí agus níos éifeachtaí a thógáil don reachtaíocht comhionannais agus an bonneagar comhionannais tacaíochta. Is í an Comhalta Coimisiúin an tOllamh Caroline Fennell an Comhalta Ceannais agus is í an Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney an Leas-Chomhalta Ceannais.

Reáchtáladh seacht gcruinniú: 14 Márta, 29 Aibreán, 27 Bealtaine, 29 Iúil, 30 Meán Fómhair, 25 Samhain agus 19 Nollaig.

# Rialachas

Treoraítear creat foriomlán rialachais agus rialaithe an Choimisiúin leo seo a leanas:

- An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014;
- Caighdeán Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse, a chaithfidh an Coimisiún a chomhlíonadh toisc go maoinítear é le Vóta Státchiste;
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016;
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995;
- An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001;
- Ról agus Freagrachtaí na nOifigeach Cuntasaíochta;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, 2012; agus
- An Cód Caiteachais Phoiblí, 2013.

Tá Comhaontú Dearbhaithe maidir le Rialachas Corparáideach i bhfeidhm ag an gCoimisiún leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

## Foireann an Choimisiúin

De réir alt 24 den Acht fán gCoimisiún, is é an Coimisiún fostóir a fhoirne ar fad, ar státseirbhísigh i seirbhís an Stáit iad.

Cuireann an feidhmeannas, faoi stiúir an Stiúrthóra, straitéisí agus beartais an Choimisiúin i bhfeidhm.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 85 comhalta foirne ag an gCoimisiún (féach ar Aguisín 4). Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, pinsean agus riartha párolla ar fáil don Choimisiún.

Úsáideann an Coimisiún ePMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Fostaithe) chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt a fhoirne agus chun tacú leo. Éascaíonn an Coimisiún cumarsáid rialta ar chúrsaí tábhachtacha idir an lucht bainistíochta agus comharchumainn aitheanta na foirne.

Tá sé rannóg san fheidhmeannas:

- Oifig an Stiúrthóra
- Dlí
- Beartas agus Taighde
- Rannpháirtíocht Straitéiseach
- Seirbhísí Corparáideacha
- Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc

Cuimsíonn Ceannasaithe na rannóg sin, a thuairiscíonn don Stiúrthóir, an ardbhainistíocht.

## Ardbhainistíocht

An Ardbhainistíocht amhail an 31 Nollaig:

- An Stiúrthóir Gníomhach: Éimear Fisher;*
- An Ceannasaí Dlí: Michael O’Neill;
- An Ceannasaí Beartais agus Taighde: Iris Elliott;
- An Ceannasaí Rannpháirtíochta Straitéisí: Jean O’Mahony;
- An Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha: Niall Kelly; agus
- An Ceannasaí um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc: Nusha Yonkova.

*Chuaigh an t-iar-Stiúrthóir Laurence Bond ar scor in 2022 agus ghlac Éimear Fisher ról an Stiúrthóra Ghníomhaigh ar an 19 Meán Fómhair 2022.




## Maoiniú agus bainistíocht airgeadais

Maoinítear Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas trí Vóta Oireachtais. Is é an Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin, agus tá an fhreagracht sin ar leithligh ó fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin.

Ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas Leithreasa a ullmhú gach bliain do Vóta an Choimisiúin, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. D'fhéadfaí iarraidh ar an Oifigeach Cuntasaíochta teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí sa Dáil ansin chun fianaise a thabhairt faoin gCuntas.

Cuireadh Cuntas Leithreasa 2022 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh faoin spriocdháta reachtúil, an 1 Aibreán 2023. Áiríodh ann, mar a éilítear, ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Choimisiúin.

Ba é €7.614m an soláthar meastacháin comhlán in 2022 le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Leithdháileadh €4.356m de ar chaiteachas a bhain le cúrsaí pá, agus €3.258m ar chaiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Ba é €7.610m an toradh caiteachais sealadach (roimh iniúchadh); bhain €4.474m le cúrsaí pá, agus €3.316m le caiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Amhail deireadh na bliana, bhí barrachas €0.024m dlite le géilleadh don Státchiste.

Éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 go ndéanfadh comhlachtaí roinnt nochtadh breise maidir le catagóirí áirithe caiteachais. Leagtar amach iad sin in Aguisín 5.

## Nochtadh cosanta

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na n-imeachtaí nochta chosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta dá leithéid. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún sa tréimhse ón 1 Eanáir 2022–31 Nollaig 2022.

## An tAcht um Míchumas, 2005

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, éilítear ar chomhlachtaí na hearnála poiblí tuairisc a dhéanamh ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe leo. Léirigh torthaí ó Dhaonáireamh Foirne féintuairiscithe a rinneadh i mí an Mhárta 2022 gur sháraíomar an sprioc 3% d’fhostaíocht daoine faoi mhíchumas. Tugadh an fhaisnéis sin don Údarás Náisiúnta Míchumais i mí an Mhárta.

## An Clár ‘Willing Able Mentoring’

Leanamar lenár rannpháirteachas i gclár ‘Willing Able Mentoring’ AHEAD, clár socrúcháin oibre íoctha a bhfuil d’aidhm leis rochtain ar an margadh saothair a chur chun cinn do chéimithe faoi mhíchumas. D’fhostaíomar céimí amháin faoin gclár sin i mbliana.

## An tOifigeach Idirchaidrimh Míchumais/Rochtana

Tá comhalta foirne tiomnaithe againn i ról an Oifigigh Idirchaidrimh Míchumais/Rochtana araon. D’fheabhsaigh sé sin an tseirbhís atáimid in ann a thairiscint don phobal agus do chomhaltaí foirne a dteastaíonn comhairle agus tacaíocht uathu ar chúrsaí a bhaineann le míchumas.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Leanaimid ar aghaidh ag comhlíonadh ár ndualgas maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a fhreagairt. Tugtar breac-chuntas thíos ar Chinntí Saorála Faisnéise agus ar Chineálacha Iarratas:

### Cinntí Saorála Faisnéise

| | |
|---|---|
| Deonaithe | 6 |
| Deonaithe i bPáirt | 4 |
| Diúltaithe | 3 |
| Tarraingthe Siar/Socraithe lasmuigh den tSaoráil Faisnéise | 0 |
| **Iomlán** | **13** |

### Cineálacha iarratas

| | |
|---|---|
| Iriseoir | 3 |
| Grúpa Sainleasa Gnó | 4 |
| Cliant | 5 |
| An tOireachtas | 1 |
| **Iomlán** | **13** |

Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi Alt 15.1(c) toisc gurb é tuairim an chinn gur ghá, dá ngéillfí don iarraidh, mar gheall ar líon nó ar chineál na dtaifead lena mbaineann nó ar chineál na faisnéise lena mbaineann, líon taifead chomh mór sin a aisghabháil agus a scrúdú, nó scrúdú a dhéanamh ar na taifid lena mbaineann ar scrúdú de shórt é, go gcuirfí bac nó go gcuirfí isteach, go substaintiúil agus go míréasúnach, ar obair eile an chomhlachta um Shaoráil Faisnéise lena mbaineann (cur isteach ar obair i réimse feidhme faoi leith ina measc).

Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi alt 15(1)(a) den Acht ar an mbonn nach ann do na taifid a iarradh nó nach féidir teacht orthu i ndiaidh tabhairt faoi gach céim réasúnta chun a fháil amach cá bhfuil siad.

Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi alt 36, faisnéis a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do sheoladh nó do chaibidlí an chomhlachta um Shaoráil Faisnéise seo.

# Forléargas ar úsáid fuinnimh

I gcomhar le hIonstraim Reachtúil 426 de 2014, éilítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an bhfuinneamh a úsáideann sé agus ar aon ghníomh a rinneadh chun a ídiú fuinnimh a laghdú.

In 2022, chuimsigh ár n-úsáid fuinnimh fuinneamh eangaí amháin.

| Cineál fuinnimh | Ídithe |
| --- | --- |
| Leictreachas | 110,608 kWh |
| Breoslaí Iontaise | 0 kWh |
| Breoslaí In-athnuaite | 0 kWh |

# Tuairisc faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Foráiltear le hAlt 42(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014:

Le linn do chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird aige ar an ngá atá leis na nithe seo a leanas:

1. an t-idirdhealú a dhíchur;

2. comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn; agus

3. cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh.

Inár gcás féin, tá cosaint agus cur chun cinn chearta an duine agus comhionannais, agus idirdhealú a dhíbirt, ag croílár ár bhfeidhmeanna agus ár gcuspóra.

Faoi Dhualgas reachtúil seo na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí Measúnú, Aghaidh a thabhairt ar agus Tuairisciú ar an gcaoi a gcuimsíonn siad comhionannas agus cearta an duine ina gcuid oibre.

Inár Ráiteas Straitéise 2022-2024, chuireamar measúnú i láthair ar na ceisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreideamar atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuspóir.

Is iad seo a leanas na forbairtí agus na héachtaí maidir leis na beartais, na pleananna agus na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a mheasúnaigh IHREC a bheith ábhartha dá fheidhmeanna agus dá chuspóir.

Forbrófar gníomhartha eile chun dul chun cinn a dhéanamh ar na cuspóirí sin i rith an timthrialla straitéisigh seo, agus tuairisceofar orthu in am trátha.

## Inrochtaineacht

Tá infhaighteacht ár seirbhísí a mhéadú de réir a chéile ina tosaíocht lárnach arís dúinn le linn an timthrialla straitéisigh.

Tá spás imeachtaí atá go hiomlán inrochtana inár n-oifigí. D'athoscail an spás sin i mí Mheán Fómhair i ndiaidh phaindéim Covid-19, agus cuireadh tús le huasghrádú chun éascaíocht níos fearr a dhéanamh d'imeachtaí inrochtana hibride agus ar líne.

## Faisnéis faoi chearta a chur in iúl ar bhealach níos forleithne le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Chun inrochtaineacht ár n-imeachtaí ar líne agus ár bhfíseán a fheabhsú, úsáidimid fotheidil go caighdeánach, agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) nuair is cuí. Cuireadh ateangaireacht ISL ar leath de na físeáin uile le haghaidh cumarsáid sheachtrach in 2022, agus tá sé mar chuspóir againn sin a dhéanamh le haghaidh gach físeáin in 2023.

Tairgeadh oiliúint in ISL (QQI, Leibhéal 3) don fhoireann ar fad.

Cuireadh ateangaireacht in ISL ar fáil do sheisiún eolais roimh spriocdháta na Scéime Deontas, agus leanfar leis sin sna seisiúin eolais amach anseo.

## Daoine atá faoi mhíchumas intleachtúil

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí reachtúil maidir le dréacht de Chód Cleachtais maidir le Freastal Réasúnta, chruthaíomar eolas i bhformáid atá éasca le léamh le go mbeadh sé níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil a bheith páirteach sa chomhairliúchán.

Cuireadh treoir atá éasca le léamh i dtoll a chéile chun an próiseas earcaíochta a mhíniú do Choiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais an Choimisiúin.

Táthar i mbun machnamh faoi láthair ar ghníomhartha amach anseo chun faisnéis faoi chearta a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil.

## Ár suíomh gréasáin

Thugamar tiomantas do chinntiú go bhfuil ár suíomh gréasáin ag comhlíonadh na gcaighdeán inrochtaineachta ina n-iomláine. Gníomh leanúnach a bheidh ansin i gcaitheamh an timthrialla straitéisigh seo. Thugamar faoi obair shuntasach i mbliana ar inrochtaineacht ár suímh gréasáin a feabhsú. I gcaitheamh na bliana, dheisíomar thart ar 1,700 fadhb inrochtaineachta a shainaithin an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, ina ról mar Chomhlacht Náisiúnta Faireacháin le haghaidh Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Áiríodh leis sin codarsnacht idir dathanna a fheabhsú, téacs malartach a chur le híomhánna, agus os cionn 1,400 PDF nach raibh inrochtana a bhaint anuas, a athfhormáidiú agus a ath-uaslódáil. Dá bharr sin, comhlíontar i bhfad níos fearr na treoirlínte maidir le hinrochtaineacht gréasáin agus táimid ag leanúint orainn le feabhsúcháin ar fud an tsuímh gréasáin.

## Faisnéis faoi chearta a chur faoi bhráid grúpaí a bhíonn i mbaol ar leith

Thugamar tiomantas do thionscnaimh shaincheaptha bhreise a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear ár bhfaisnéis faoi chearta ar fáil do ghrúpaí a bhíonn i mbaol ar leith.

Chuireamar ár dtreoracha faisnéise maidir leis na hAchtanna um Stádas Comhionann agus um Chomhionannas Fostaíochta ar fáil san Úcráinis. Tá na leabhráin sin ar fáil i ndeich dteanga anois.

Chuir ár bhfoireann Dlí tús freisin le clár for-rochtana d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn le daoine a bhfuil cearta acu chun feasacht a mhéadú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann leo, agus ar thacaíochtaí atá ar fáil chun na cearta sin a éileamh. Tá an clár sin fós ar bun.

Tuairisceofar ar ghníomhartha eile i rith an timthrialla straitéisigh seo.

## Faisnéis a chur ar fáil i mBéarla Simplí

Tairgeadh oiliúint i mBéarla simplí don foireann ar fad agus chuireamar tús le hobair ar thionscadal suntasach chun ár bhfaisnéis faoi chearta a chur ar fáil i mBéarla simplí, agus leanfar leis sin in 2023.

## Aghaidh a thabhairt ar eisiamh digiteach

Mar chomhlacht poiblí a chuireann seirbhís ar fáil don phobal, is maith is eol dúinn nach bhfuil gach duine in ann teacht ar ár bhfaisnéis go digiteach. Cuireann IHREC seirbhís gutháin ar fáil a sholáthraíonn faisnéis faoi chearta comhionannais agus cearta an duine. D'fhostaíomar sé Oifigeach Seirbhíse Dualgais freisin chun éascaíocht a dhéanamh d'athoscailt ár bhfáiltithe don phobal inár n-oifigí ar Shráid na Faiche. Tá machnamh á dhéanamh ar ghníomhartha eile chun aghaidh a thabhairt ar eisiamh digiteach féideartha na n-úsáideoirí seirbhíse.

## Cleachtais oibre agus comhionannas

Tá beartais na státseirbhíse a bhaineann le cleachtais oibre solúbtha i bhfeidhm ar ár bhfoireann freisin. Chuireamar beartas oibre solúbtha i bhfeidhm don fhoireann ar fad in 2022. Tuairisceofar ar ghníomhartha eile i rith an timthrialla straitéisigh seo.

## Cumas a thógáil chun dul i ngleic le comhionannas agus cearta an duine san ionad oibre

Ó 2022, éilítear ar an bhfoireann uile tabhairt faoinár modúl ríomhfhoghlama faoi chomhionannas agus cearta an duine sa tseirbhís phoiblí. Rinneadh urraíocht ar chúigear comhaltaí foirne chun tabhairt faoi Dhioplóma Gairmiúil bliana i gCearta an Duine agus Comhionannas ag an bhForas Riaracháin.

# Aguisíní

# Aguisín 1: Próifílí Chomhaltaí an Choimisiúin

## An Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney

Stiúrann Sinéad Gibney Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ina mhisean sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas agus a chuireann chun cinn iad. Ba í Sinéad an chéad Stiúrthóir ar an gCoimisiún ó 2014–2016, agus roimhe sin thóg sí agus stiúir sí feidhm freagrachta sóisialta corparáidí Google Ireland, Social Action. Bhíodh Sinéad ina cathaoirleach ar bhord One Family agus d'fhóin sí ar roinnt boird eile: Digital Charity Lab, Victims' Rights Alliance, agus Grúpa Comhairleach Tionscail an Taighde Fhreagraigh agus na Nuálaíochta Freagraí.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## Jim Clarken

Is é Jim Clarken Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Oxfam Ireland agus tá sé ina Stiúrthóir Feidhmeannach ar Oxfam International. Tá taithí fhairsing ceannaireachta agus rialachais chorparáidigh aige, ag obair ar leibhéal na hardbhainistíochta agus an bhoird san earnáil chorparáideach agus in earnáil idirnáisiúnta na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha le nach mór tríocha bliain anuas. Bhí sé i bhfách go mór le cearta na mban riamh anall, agus spreag Jim fócas ar inscne ag Oxfam agus stiúir sé an Irish Consortium on Gender Based Violence. Bhí baint aige le bunú Irish Refugee and Migrant Coalition, Stop Climate Chaos, Irish Coalition for Business and Human Rights agus is iarchathaoirleach é ar Dóchas.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An Dr Frank Conaty

Is Ánra de Chuntasóirí Cairte na hÉireann é an Dr Frank Conaty agus ball den fhoireann teagaisc i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J. E. Cairnes in Ollscoil na Gaillimhe. Chuir taithí mhuintir Frank ar mhíchumas bonn eolais faoina chúlra in eagraíochtaí pobail agus neamhbhrabúis, agus áirítear leis sin sé bliana ar bhord agus mar chathaoirleach ar the National Parents & Siblings Alliance, eagraíocht náisiúnta a phléann le cearta agus abhcóideacht míchumais. Is ball cleamhnaithe den fhoireann teagaisc é freisin san Ionad um Dhlí agus Beartas Míchumais in Ollscoil na Gaillimhe. Tá Frank ag fónamh ar a dhara téarma, i ndiaidh a cheapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 – Deireadh Fómhair 2017.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

## An tOllamh Caroline Fennell

Is Ollamh Emerita le Dlí í an tOllamh Caroline Fennell i Scoil Dlí Choláiste na hOllscoile Corcaigh (‘UCC’). Díríonn a cuid taighde ar cheartas coiriúil agus dlí na fianaise, le béim faoi leith ar inscne, comhionannas, agus cruthú ceart agus chothrom na Féinne i ngéarchéim. Bhí Caroline ina comhalta bunaithe ar Bhord Léann na mBan agus an M.A. i Léann na mBan in UCC, agus ina comhalta bunaithe agus ina Comh-Stiúrthóir ar an Ionad um Cheartas Coiriúil agus Cearta an Duine. Bhí go leor ról ag Caroline i mbainistíocht na hOllscoile: Déan, Ceann Coláiste, Leas-Uachtarán Sinsearach Acadúil agus glacadh mar chomhalta d’Acadamh Ríoga na hÉireann í in 2009. Bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoiste Frithchiníochais Neamhspleách 2020–2022 a dhréachtaigh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais (a ghlac an Rialtas in 2023). Ceapadh mar chomhalta den Choimisiún Toghcháin í in 2022.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

## Michael Finucane

Is aturnae agus gníomhaí ar son chearta an duine é Michael Finucane atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Is é an Príomhdhlíodóir é ina ghnóthas dlí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, a dhíríonn ar chosaint coirpeach agus dlíthíocht chearta an duine. Is Comhalta Coiste Chearta an Duine é i nDlí-Chumann na hÉireann, a raibh sé ina chathaoirleach air ó 2012–2014 freisin, agus is sainchomhairleoir agus oiliúnaí é le tionscadal SUPRALAT in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath/Dlí-Chumann na hÉireann.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## Heydi Foster-Breslin

Is í Heydi Foster-Breslin an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar An Cosán, an eagraíocht oideachais pobail is mó in Éirinn. Roimhe sin, bhí Heydi ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Misean Cara, gníomhaireacht forbartha Éireannach a oibríonn le cuid den pobail is imeallaithe agus is leochailí i dtíortha i mbéal forbartha. Bhí Heydi ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Sheirbhís Náisiúnta Lucht Siúil Exchange House Ireland freisin. Is as Guatamala ó dhúchas do Heydi, agus tá an-taithí aici i mórán tíortha ar oibriú ar son comhionannais, chearta an duine agus seirbhísí sóisialta a chur ar fáil do ghrúpaí mionlaigh, lena n-áirítear páistí, mná, dídeanaithe, agus daoine atá easáitithe ina dtír féin agus daoine de na pobail Lucht Siúil, Latino, Mheiriceánacha Afracacha, Sintíoch agus Romach. Tá Heydi ag fónamh ar a dara téarma, i ndiaidh a ceapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 – Deireadh Fómhair 2017.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

## Tony Geoghegan

D’oibrigh Tony i réimse na handúile le tríocha bliain anuas in Éirinn agus sa Bhreatain. Bhí Tony ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Merchants Quay Ireland, Seirbhísí Drugaí agus do Dhaoine Gan Dídean, ar feadh 28 bliain. Is sainchomhairleoir andúile creidiúnaithe agus maoirseoir cliniciúil é agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Addiction Counsellors of Ireland. Is é ionadaí na hÉireann é faoi láthair ar an nGrúpa Saineolaithe ar Bheartais Drugaí agus Cearta an Duine de chuid Ghrúpa Pompidou i gComhairle na hEorpa. Tá Dioplóma sa Staidéar Andúile aige ó Choláiste na Tríonóide agus MA i mBeartas Sóisialta.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## Adam Harris

Is é Adam Harris Bunaitheoir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin AsIAm, Carthanas Náisiúnta Uathachais na hÉireann. Bhunaigh Adam an eagraíocht bunaithe ar a thaithí féin ag fás aníos ar speictream an uathachais. Cuireann AsIAm tacaíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil uathachas orthu agus dá muintir, bíonn sé ag obair ar son an phobail agus oibríonn sé chun tacú le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideacha agus le pobail éirí ionchuimsitheach agus inrochtana.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An tOllamh Kathleen Lynch

Is socheolaí í an tOllamh Kathleen Lynch agus chaith sí a saol oibre ar fad ag cur comhionannas, cearta an duine agus ceartas sóisialta chun cinn trí oideachas agus taighde. D’fhoilsigh sí ocht leabhar agus 300 alt ar gach cineál ceiste comhionannais. Bhí ról lárnach aici i mbunú an Ionaid Léann Comhionannais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) in 1990 agus i Scoil na Córa Sóisialta in 2004/5. Chomh maith leis sin, stiúir sí forbairt an M.Sc. agus an Dioplóma i Léann an Chomhionannais in UCD in 1990, d’fhorbair sí roinnt cláir For-rochtana i Léann an Chomhionannais i gcomhar le Grúpaí Pobail in imeacht tríocha bliain, agus bhí sí i dtús cadhnaíochta maidir le BCL (Dlí agus Cóir Sóisialta) a fhorbairt le Foireann Teagaisc Dlí UCD in 2013/14.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An Dr Salome Mbugua

Is taighdeoir, gníomhaí ar son comhionannas inscne agus tacadóir do chearta an duine í an Dr Salome Mbugua. Is í bunaitheoir agus iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

AkiDwA – Líonra na nImirceach Ban í agus tá taithí os cionn fiche bliain aici ar oibriú le grúpaí faoi ghannionadaíocht, go háirithe mná, páistí agus an t-aos óg, san Eoraip, san Afraic agus go hidirnáisiúnta.

Ó 2015 i leith, tá sí ag tacú le forbairt Wezesha, eagraíocht forbartha faoi stiúir Dhiaspóra na hAfraice a thacaíonn le mná agus páistí a raibh tionchar, nó ar dócha go mbeidh tionchar, ag coimhlintí, foréigean, cogaíocht agus bochtanas orthu, le treoirthionscadail sa Chéinia agus i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá Salome ina cathaoirleach ar Líonra Eorpach na nImirceach Ban agus suíonn sí ar Ghrúpa Saineolaithe an Aontais Eorpaigh ar Imirce Eacnamaíoch.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

## An Dr Rosaleen McDonagh

Is bean den Lucht Siúil í an Dr Rosaleen McDonagh atá faoi mhíchumas. Is as Sligeach ó dhúchas di, agus is í an ceathrú páiste is sine i gclann fiche páiste í. D’oibrigh sí in Ionad Pavee Point don Lucht Siúil agus na Romaigh ar feadh deich mbliana, ag bainistiú an chláir ‘Foréigean in aghaidh Ban’, agus tá sí ina comhalta boird de fós. Scríobhann sí go rialta don Irish Times, agus scríobh sí bunaithe ar a léargas mar fheimineach ón Lucht Siúil. Áirítear le hobair Rosaleen mar dhrámadóir Mainstream, The Baby Doll Project, Stuck, She’s Not Mine, agus Rings.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## Sunniva McDonagh SC

Is Abhcóide Sinsearach í Sunniva McDonagh a chleachtann go príomha i réimse na gceart bunúsach, riaracháin agus dlí bhunreachtúil. D’oibrigh sí ar go leor cásanna ceannródaíocha, lena n-áirítear i réimse na himirce agus na gceart chun triail chóir i gcásanna drochíde san am atá caite. Tá spéis faoi leith ag Sunniva i gcearta an duine agus an Smacht Reachta. Tá sí ina Leas-Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha, is iar-Chathaoirleach í ar an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, agus is í an Cathaoirleach reatha í ar an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Is Comhalta í den Choiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine sa Gharda Síochána, agus Comhalta de Chomhairle Preasa na hÉireann. Tá Sunniva ag fónamh ar a dara téarma, i ndiaidh a ceapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 go Deireadh Fómhair 2019.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An Dr Lucy Michael

Is socheolaí cleachtach í an Dr Lucy Michael agus sainchomhairleoir ar cheisteanna comhionannais agus imeasctha. Tugtar aghaidh go háirithe ina cuid oibre ar fhoréigean agus idirdhealú ciníoch, taithí íospartach, agus róil na n-institiúidí reachtúla agus na sochaí sibhialta i gcur i gcoinne na coireachta fuatha agus eisiaimh. Thug Lucy faoi thaighde le réimse leathan comhlachtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe agus an Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais. Is comhúdar í le INAR ar chóras tuairiscithe teagmhas ciníoch ar iReport.ie, córas a úsáidtear chun an ciníochas in Éirinn a mhapáil.Bhí poist léachtóireachta aici roimhe seo le hOllscoil Uladh agus Ollscoil Hull, agus is iar-Uachtarán í ar an Sociological Association of Ireland.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An tOllamh Ray Murphy

Is ollamh é Ray Murphy in Ionad na hÉireann um Chearta an Duine in Ollscoil na Gaillimhe. Chomh maith lena phost in Ionad na hÉireann um Chearta an Duine is comhalta é freisin d'fhoireann na hInstitiúide Idirnáisiúnta d'Imscrúduithe Coiriúla. Ba é Saineolaí Sinsearach na hÉireann é ar Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus comhalta de Choiste Feidhmiúcháin Chomhlachas na nInstitiúidí um Chearta an Duine. Ba chomhalta agus Leas-Chathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Amnesty International (Ireland) é Ray. Thug sé faoi oiliúint freisin thar ceann Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, No Peace without Justice, Amnesty International, na Náisiún Aontaithe, agus International Institute for Humanitarian Law agus Pearson Peacekeeping Centre (Ceanada). Tá Ray ag fónamh ar a dhara téarma, i ndiaidh a cheapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 go Deireadh Fómhair 2019.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## Colm O'Dwyer SC

Is Abhcóide Sinsearach é Colm O'Dwyer SC a speisialaíonn i gcearta an duine, cosaint idirnáisiúnta agus dlíthíocht an dlí phoiblí. Pléadálann sé os comhair na nUaschúirteanna in Éirinn go rialta agus phléadáil sé d'iarratasóirí/ghearánaithe nó *amicus curiae* i roinnt cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh suntasacha a luaitear go minic a bhaineann le dlí chearta an duine in Éirinn, an Aontais Eorpaigh agus saoránachta. Is iarchomhalta de Chomhairle Bharra na hÉireann é Colm agus ba é an chéad chathaoirleach é ar Choiste Chearta an Duine i gComhairle Bharra na hÉireann. Bhíodh sé ina chathaoirleach ar Ruhama freisin, eagraíocht neamhrialtasach a chabhraíonn agus a thacaíonn le mná a mbíonn tionchar ag striapachas orthu agus le híospartaigh gáinneála.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

# Aguisín 2: Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin

Bhí ocht ngnáthchruinniú iomlánacha ag an gCoimisiún. Reáchtáladh ceithre chruinniú urghnácha de chuid an Choimisiúin freisin, chun cinntí am-íogaire a thaifeadadh idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh. Faigheann comhaltaí an Choimisiún táille bhliantúil €7,695.

Ní bhfuair beirt chomhaltaí, Frank Conaty agus Ray Murphy, táille ar bith faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

### Cruinnithear ar freastalaíodh:

| Comhalta an Choimisiúin | Gnáthchruinnithe ar ar Freastalaíodh | Cruinnithe Urghnácha ar ar Freastalaíodh |
|---|---|---|
| Sinéad Gibney, An Príomh-Choimisinéir | 8 of 8 | 3 of 4 |
| Heydi Foster-Breslin | 8 of 8 | 1 of 4 |
| Jim Clarken | 6 of 8 | 2 of 4 |
| Dr Frank Conaty* | 3 of 4 | 0 of 3 |
| Professor Caroline Fennell | 7 of 8 | 3 of 4 |
| Michael Finucane | 8 of 8 | 3 of 4 |
| Tony Geoghegan | 7 of 8 | 1 of 4 |
| Adam Harris | 6 of 8 | 4 of 4 |
| Professor Kathleen Lynch | 7 of 8 | 2 of 4 |
| Dr Salome Mbugua | 4 of 8 | 1 of 4 |
| Dr Rosaleen McDonagh | 6 of 8 | 1 of 4 |
| Sunniva McDonagh SC | 6 of 8 | 2 of 4 |
| Dr Lucy Michael | 6 of 8 | 3 of 4 |
| Professor Ray Murphy | 8 of 8 | 3 of 4 |
| Colm O'Dwyer SC | 8 of 8 | 4 of 4 |

* Bhí an Dr Frank Conaty ar shaoire shabóideach ó ghnó an Choimisiúin ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh.

# Aguisín 3: Freastal ar Choistí

## An Coiste Cásoibre:

| Comhalta an Choimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Colm O'Dwyer SC (An tIar-Chathaoirleach)* | 14 as 16 |
| Sinéad Gibney - An Príomh-Choimisinéir | 11 as 16 |
| An tOllamh Caroline Fennell | 9 as 16 |
| Michael Finucane (An Cathaoirleach) | 15 as 16 |
| Sunniva McDonagh SC | 9 as 16 |
| An Dr Lucy Michael | 7 as 16 |
| An tOllamh Ray Murphy | 12 as 16 |

* Tháinig deireadh le téarma Choilm O'Dwyer mar Chathaoirleach i mí na Samhna. Ceapadh Michael Finucane ina Chathaoirleach i mí na Samhna.

## An Coiste Beartais agus Taighde:

| Comhalta an Choimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| An Dr Lucy Michael (An Cathaoirleach) | 3 as 3 |
| Sinéad Gibney - An Príomh-Choimisinéir | 3 as 3 |
| An Dr Frank Conaty | 1 as 3 |
| An tOllamh Caroline Fennell | 1 as 3 |
| Adam Harris | 1 as 3 |
| An tOllamh Kathleen Lynch | 3 as 3 |
| An Dr Salome Mbugua | 2 as 3 |
| An Dr Rosaleen McDonagh | 1 as 3 |
| Colm O'Dwyer SC | 1 as 3 |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:

| Comhalta an Choimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| David Scott (An Leas-Chathaoirleach Seachtrach)* | 1 as 1 |
| Jim Clarken (An Cathaoirleach Gníomhach) | 4 as 4 |
| Heydi Foster-Breslin | 3 as 4 |
| An Dr Frank Conaty ** | 1 as 2 |
| Adam Harris | 3 as 4 |

* Tháinig deireadh le téarma David Scott i mí Eanáir.

** Bhí an Dr Frank Conaty ar shaoire shabóideach ó ghnó an Choimisiúin ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2022.

## An Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais:

| Comhalta an Choimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| An Dr Rosaleen McDonagh (An Cathaoirleach) | 3 as 3 |
| Adam Harris (An Leas-Chathaoirleach) | 2 as 3 |
| Sinéad Gibney - An Príomh-Choimisinéir | 3 as 3 |
| Gary Allen | 2 as 3 |
| Adrian Carroll | 3 as 3 |
| Fiona Anderson* | 2 as 2 |
| James Cawley* | 2 as 2 |
| Brian Hayes | 3 as 3 |
| Peadar O'Dea* | 2 as 2 |
| Aoife Price* | 2 as 2 |
| Frank Conaty** | 1 as 1 |
| Jacqui Browne | 2 as 3 |
| An Dr John Bosco Conama | 2 as 3 |
| Michelle Gaynor | 2 as 3 |
| An Dr Vivian Rath | 2 as 3 |
| Michael Seifu* | 1 as 2 |
| Eliona Gjecaj | 2 as 3 |

* Chuaigh Fiona Anderson, James Cawley, Peadar O'Dea, Aoife Price agus Michael Seifu sa Choiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais i mí Dheireadh Fómhair 2022.

** Bhí an Dr Frank Conaty ar shaoire shabóideach ó ghnó an Choimisiúin ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2022.

## An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí:

| Comhalta an Choimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Tony Geoghegan (An Cathaoirleach) | 3 as 4 |
| Kathleen Lynch (An Leas-Chathaoirleach) | 4 as 4 |
| Sinéad Gibney - An Príomh-Choimisinéir | 4 as 4 |
| Jim Clarken | 4 as 4 |
| Ethel Buckley, SIPTU | 3 as 4 |
| Meadhbh Costello, Ibec* | 0 as 1 |
| An Dr Michelle Cullen, Accenture | 4 as 4 |
| Seamus Dooley, NUJ | 2 as 4 |
| Norman Harte, Iarnród Éireann* | 0 as 1 |
| David Joyce, ICTU | 3 as 4 |
| An Dr Kara McGann, Ibec | 2 as 4 |
| Deirdre O'Connor, INTO | 2 as 4 |
| Sam Owens, Ibec* | 2 as 4 |
| Katie Morgan, Fórsa* | 3 as 3 |
| Harry Wall, Ibec* | 3 as 3 |
| Elizabeth Bowen, SFA* | 1 as 3 |

* D'éirigh Norman Harte as an gcoiste i mí na Bealtaine.
* D'éirigh Meadhbh Costello as an gcoiste i mí na Bealtaine.
* Chuaigh Katie Morgan sa choiste i mí Iúil.
* Chuaigh Harry Wall sa choiste i mí Iúil.
* Chuaigh Elizabeth Bowen sa choiste i mí Iúil.
* Chuaigh Vivienne Kavanagh sa choiste i mí Iúil.
* Chuaigh Sam Owens, Ibec, in áit an Dr Kara McGann, Ibec, le haghaidh dhá chruinniú.

## Coiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais:

| Comhalta an Choimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| An tOllamh Caroline Fennell, Comhalta an Choimisiúin (An Cathaoirleach) | 7 as 7 |
| Sinéad Gibney, An Príomh-Choimisinéir (An Leas-Chathaoirleach) | 5 as 7 |
| Eilis Barry, FLAC | 5 as 7 |
| An tOllamh Mark Bell, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 7 as 7 |
| Niall Crowley, Values Lab | 6 as 7 |
| David Fennelly, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 6 as 7 |
| Paul Ginnell, An Líonra Eorpach um Fhrithbhochtaineacht in Éirinn | 6 as 7 |
| David Joyce, Comhdháil na gCeardchumann | 5 as 7 |
| Maria Joyce, National Traveller Women's Forum | 6 as 7 |
| An tOllamh Kathleen Lynch, Comhalta an Choimisiúin | 6 as 7 |
| An Dr Rosaleen McDonagh, Comhalta an Choimisiúin | 4 as 7 |
| Darren McKinstry, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann | 5 as 7 |
| An tOllamh Colm O'Cinneide, Coláiste na hOllscoile, Londain | 5 as 7 |
| Orla O'Connor, Comhairle Náisiúnta na mBan | 1 as 7 |
| Pauline O'Hare, Ibec | 5 as 7 |
| Ade Oluborode, Abhcóide | 6 as 7 |
| Sara Phillips, Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne | 3 as 7 |
| An Dr Judy Walsh, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | 5 as 7 |

# Aguisín 4: Foireann an Choimisiúin

Bhí 85 comhalta foirne sa Choimisiún amhail an 31 Nollaig, leis an struchtúr grád seo a leanas:

| Grád | Líon na foirne de réir gráid |
|---|---|
| An Príomh-Choimisinéir | 1 |
| Stiúrthóir | 2 |
| Príomhoifigeach | 5 |
| Cuntasóir Gairmiúil, Grád 1 | 1 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 16 |
| Ardfheidhmeannach Dlíthiúil | 2 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 15 |
| Oifigeach Riaracháin | 15 |
| Feidhmeannach Dlíthiúil | 2 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 10 |
| Oifigeach Cléireachais | 16 |
| **Iomlán** | **85** |

* Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí ár n-iar-Stiúrthóir fós ar an bpárolla toisc go raibh teidlíochtaí ar shaoire bhliantúil aige fós.

# Aguisín 5: Nochtadh airgeadais breise

Maoinítear an Coimisiún trí Vóta Oireachtais. Is é an Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin.

Cuireadh Cuntas Leithreasa 2022 le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh faoin spriocdháta reachtúil, an 1 Aibreán 2023.

Éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 go ndéanfadh comhlachtaí roinnt nochtadh breise maidir le catagóirí áirithe caiteachais agus luach saothair, agus leagtar amach iad sin thíos:

## Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Cuirtear sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad i gcatagóirí de réir na mbandaí seo a leanas:

| Sochair fostaithe ghearrthéarmacha | Líon Fostaithe i mBanda | |
|---|---|---|
| € | 2021 | 2022 |
| 60,000-69,999 | 3 | 4 |
| 70,000-79,999 | 4 | 6 |
| 80,000-89,999 | 1 | 3 |
| 90,000-99,999 | 3 | 1 |
| 100,000-109,999 | - | 2 |
| 110,000-119,999 | 2 | |
| 120,000-129,999 | - | 2 |
| 130,000-139,999 | - | |
| 140,000-149,999 | 1* | |
| 150,000 – 159,000 | | 1* |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.
*Tuarastal an Phríomh-Choimisinéara, nach n-áirítear i líon na foirne in Aguisín 4.

| Sochair fostaithe an phríomhphearsanra bainistíochta | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin | 86,569 | 92,340 |
| Tuarastal (An Príomh-Choimisinéir san áireamh) | 703,139 | 807,005 |
| Liúntais | - | 22,430 |
| Sochair foirceanta | - | - |
| Árachas Sláinte | - | - |
| **Iomlán** | **789,708** | **921,775** |

Áirítear le príomhphearsanra bainistíochta an Choimisiúin comhaltaí an Choimisiúin, lena n-áirítear an Príomh-Choimisinéir lánaimseartha, an Stiúrthóir agus comhaltaí na Foirne Ardbhainistíochta. Léiríonn na figiúirí an fíorluach saothair don tréimhse.

| Tuarastal an Phríomh-Choimisinéara | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Buntuarastal | 144,859 | 158,541 |
| Árachas Sláinte | - | - |
| **Iomlán** | **144,859** | **158,541** |

| Tuarastal Stiúrthóra | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Buntuarastal | 118,607 | 142,184 |
| Árachas Sláinte | - | - |
| **Iomlán** | **118,607** | **142,184** |

I rith na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag, íocadh dhá thuarastal stiúrthóra toisc go raibh teidlíochtaí ar shaoire bhliantúil ag an stiúrthóir a chuaigh ar scor.

| Costais sainchomhairleoireachta | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí dlí | - | - |
| Comhairleach | 76,458 | 97,410 |
| **Iomlán** | **76,458** | **97,410** |

| Taisteal agus cothabháil | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| Taisteal intíre | € | € |
| An Coimisiún | 177 | 5,042 |
| Fostaithe | 2,083 | 3,326 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | | |
| An Coimisiún | | 7,250 |
| Fostaithe | 1,247 | 11,950 |
| **Iomlán** | **3,507** | **28,517** |

| Costais dlí agus socruithe | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| Ní raibh aon chostais dá leithéid ann in 2022. | | |

| Costais fáilteachais | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas Foirne | | |
| Fáilteachas Tríú Páirtí | | |
| **Iomlán** | **Nialas** | **Nialas** |

# Aguisín 6: Foilseacháin

| Ainm | Cineál | Dáta |
|---|---|---|
| **Tuarascáil Bhliantúil 2021** | Foilseacháin Chorparáideacha | Iúil |
| **Code of Practice on Equal Pay** | Cód Cleachtais | Márta |
| **Code of Practice on Sexual Harassment and Harassment at Work** | Cód Cleachtais | Márta |
| **Information on the Rights of Families at Inquests** | Treoracha agus Faisnéis | Bealtaine |
| **Simplified Information on the Rights of Families at Inquest** | Treoracha agus Faisnéis | Bealtaine |
| **Treoir maidir leis na hAchtanna um Stádas Comhionann – Úcráinis** | Treoracha agus Faisnéis | Meán Fómhair |
| **Treoir maidir leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta – Úcráinis** | Treoracha agus Faisnéis | Meán Fómhair |
| **Ireland and the International Covenant on Economic, Social and Cultural Rights** | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Eanáir |
| **Contribution to the 4th Progress Report on the Fight against Trafficking in Human Beings in the European Union** | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Márta |
| **Ireland and the Convention on the Elimination of All Forms of Racial Discrimination** | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Márta |
| **Ireland and the International Covenant on Civil and Political Rights – Submission to the Human Rights Committee on Ireland's 5th Periodic Report** | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Meitheamh |
| **Evaluation of the Implementation of the EU Anti-Trafficking Directive** | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Meitheamh |
| **Comments on Ireland's 19th National Report on the implementation of the European Social Charter** | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Iúil |
| **Ireland and the Rights of the Child** | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Meán Fómhair |
| **Additional Submission to the Committee on the Rights of the Child** | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Nollaig |

| Ainm | Cineál | Dáta |
|---|---|---|
| **Recommendations on the Review of the Equality Acts** | Breithnithe Reachtaíochta | Eanáir |
| **Report of a review of section 19 of the Intoxicating Liquor Act 2005 carried out pursuant to section 30 of the Irish Human Rights and Equality Commission Act 2014** | Breithnithe Reachtaíochta | Feabhra |
| **Submission on the General Scheme of the Criminal Justice (Hate Crime) Bill** | Breithnithe Reachtaíochta | Márta |
| **Submission to the Minister for Justice on the General Scheme of the Garda Síochána (Digital Recording) Bill** | Breithnithe Reachtaíochta | Aibreán |
| **Submission on the General Scheme of the Mental Health (Amendment) Bill** | Breithnithe Reachtaíochta | Bealtaine |
| **Legislative Submission to the Garda Síochána (Powers) Bill** | Breithnithe Reachtaíochta | Bealtaine |
| **Submission on the General Scheme of the Health (Termination of Pregnancy Services (Safe Access Zones)) Bill** | Breithnithe Reachtaíochta | Deireadh Fómhair |
| **Submission on the General Scheme of a Mother and Baby Institutions Payment Scheme Bill** | Breithnithe Reachtaíochta | Deireadh Fómhair |
| **Submission on the General Scheme of the Inspection of Places of Detention Bill** | Breithnithe Reachtaíochta | Samhain |
| **Submission to the Review of the Health (Regulation of Termination of Pregnancy) Act 2018** | Breithnithe Reachtaíochta | Samhain |
| **Submission on Part 3 of the General Scheme of the Criminal Justice (Sexual Offences and Human Trafficking) Bill** | Breithnithe Reachtaíochta | Nollaig |
| **Submission to the Department of Social Protection's public consultation on the Roadmap for Social Inclusion: Mid-Term Review** | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Deireadh Fómhair |
| **IHREC response to SPHE Curriculum Consultation** | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Deireadh Fómhair |
| **Housing Assistance and Discrimination – A Scoping Study on the 'Housing Assistance Ground' under the Equal Status Acts 2000-2018** | Tuarascáil Taighde | Aibreán |
| **Equality and Rights on the island of Ireland after Brexit** | Tuarascáil Taighde | Samhain |

# Aguisín 7: Deontais

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann** | | Think Ahead, Think Housing 2023 | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo feachtas feasachta a fhorbairt chun aird a tharraingt ar thaithí saoil daoine faoi mhíchumas ar an margadh tithíochta, agus go háirithe ar an liosta feithimh le haghaidh tithíocht shóisialta fhaofa ar fud na tíre. Tarraingeoidh an tionscadal seo aird ar réimsí neamh-chomhlíontachta le comhionannas agus cearta an duine san earnáil phoiblí ó thaobh taithí saoil daoine a bhfuil cearta acu. |
| **Longford Women's Resource Group** | Comhairle Náisiúnta na mBan agus Ollscoil Mhá Nuad | Migrant women's experience of economic inequality | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde chun taithí saoil ban imirceach i bpobail faoin tuath i Lár Tíre na hÉireann atá i mbaol neamhionannas geilleagrach a ghabháil. Aistreofar na torthaí go moltaí beartais agus bearta praiticiúla comhchruthaithe chun ionchuimsiú agus rannpháirtíocht ghníomhach ban imirceach sa lucht saothair agus níos forleithne a éascú. Áirítear leis na torthaí inbhraite lámhleabhar le haghaidh daoine a bhfuil cearta acu chun tacú lena n-ionchuimsiú agus rannpháirtíocht i bpobail tuaithe agus treoir dea-chleachtais le haghaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta chun a chinntiú go mbíonn mná imireacha páirteach i struchtúir áitiúla cinnteoireachta. |
| **Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil** | | Working with Conviction | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi staidéar ar na bacainní ar fhostaíocht a bhíonn os comhair daoine ar ciontaíodh cheana iad agus an ndéantar idirdhealú orthu agus iad ag iarraidh teacht ar obair chuibhiúil agus dhóthanach, rud is féidir tionchar a imirt dá réir ar a gceart chun caighdeán maireachtála dóthanach agus comhionannas geilleagrach. Áireofar leis béim faoi leith ar mheon fostóirí. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal fianaise a thabhairt chun tacú le foras ciontaithe choiriúil a chuimsiú san athbhreithniú ar reachtaíocht comhionannais a dhéanfar go luath. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Family Carers Ireland** | | Valuing Care work: Improving Family Carers' Access to Adequate Income Supports | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo dul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas geilleagrach níos fearr le haghaidh cúramóirí teaghlaigh trí thogra athchóirithe maidir le tacaíocht ioncaim a fhorbairt. Trí thaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil a úsáid, scrúdófar na dúshláin a bhíonn roimh chúramóirí chun teacht ar Liúntas Cúramóra, agus tabharfaidh an tionscadal le chéile eolas cúramóirí, cleachtóirí agus acadóirí chun réitigh a chur i dtoll a chéile in éindí agus togra athchóirithe nithiúil maidir le tacaíocht ioncaim ina bhfuil moltaí cur i bhfeidhm le haghaidh cúramóirí a chomhfhorbairt. |
| **Cumann Bodhar na hÉireann** | | Breaking Down the Barriers | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil ar mhná agus fir fhásta bodhra faoina dtaithí fostaíochta le deich mbliana anuas. Féachtar le bacainní ar dheiseanna comhionannais fostaíochta a shárú trí réimsí a chuireann cosc ar dhaoine bodhra fostaíocht a fháil agus a chothú a shainaithint, agus teacht ar réitigh a chuirfidh le comhionannas geilleagrach níos mó, rogha níos fearr agus cothroime i gcás na fostaíochta. |
| **Hygiene Bank Ireland** | | Understanding Hygiene Poverty | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde ar éifeachtaí na bochtaineachta sláinteachais in Éirinn. Trí thuiscint níos fearr a fháil ar an mbochtaineacht sláinteachais, tá sé d'aidhm ag Hygiene Bank Ireland tionchar a imirt ar an sainmhíniú ar bhochtaineacht chun an cineál sin bochtaineachta a áireamh agus a chinntiú go gcuirtear an t-éagumas íoc as earraí sláinteachais mar tháscaire díothachta na Príomh-Oifige Staidrimh. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Doras** | | Transformative Human Rights Education for Migrant & Refugee Communities | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo oideachas/oiliúint inrochtana um chearta an duine a fhorbairt agus é a dhearadh i gcomhar le daoine a bhfuil cearta acu chun scileanna agus saineolas ceannaireachta a thógáil sna pobail imirceach agus teifeach chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas geilleagrach. Áireofar leis an tionscadal sraith de cheardlanna fisiciúla agus acmhainní oideachais idirghníomhacha ar líne a bheidh ar fáil i dteangacha éagsúla agus a roinnfear ar an ardán oideachais SaorEd. Díreofar leis ar thuiscint a fháil ar chearta fostaíochta agus oideachas claochlaitheach um chearta an duine chun gníomhú ar son leas sóisialach, tithíochta agus oideachais. |
| **Comhairle Dídeanaithe na hÉireann** | | Improving the living conditions of newly arrived people seeking international protection | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo dul chun cinn a dhéanamh ar chearta daonna daoine nuathagtha atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta in Éirinn trí thabhairt faoi shuirbhé chun tuiscint níos fearr a fháil ar a ndeacrachtaí airgeadais nuair a thagann siad agus iniúchadh ar an liúntas costas laethúil. Eascróidh foilsiú páipéir beartais as sin, ina mbeidh moltaí chun an córas a fheabhsú agus éileofar athruithe ar na beartais agus an reachtaíocht ábhartha. |
| **ActionAid** | Comhairle Náisiúnta na mBan | Economic Equality for Carers: A Symposium on Care | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo abhcóideacht agus cumas cúramóirí mná a neartú, tabhairt faoi anailís ar bheartais, agus Siompóisiam faoi Chúram a eagrú ina dtabharfar daoine a bhfuil cearta acu agus saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile chun réitigh a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaimis cúram a atheagrú. Cuirfidh an obair sin bonn eolais faoi fhorbairt páipéir beartais ina dtabharfar sraith réitigh beartais agus méadófar feasacht ar chúram mar cheist thábhachtach chearta an duine agus comhionannais i measc polaiteoirí, an lucht déanta beartas, na meán agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Phoenix Women's Centre, Ciarraí** | | Race and Gender: An Examination of Intersectional Barriers in Employment in Rural Ireland | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil chun guth a thabhairt do mhná de dhath i dtaobh a dtaithí ar fhostaíocht agus scrúdú a dhéanamh ar na bacainní a bhíonn os a gcomhair i mbaile tuaithe in Iardheisceart na hÉireann. Tabharfaidh taighdeoirí ó Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann, i dteannta Phoenix Women's Centre faoin taighde, agus fiosrófar na bealaí sonracha ina mbíonn inscne agus cine ag (a)táirgeadh neamhionannais inár margadh saothair. Tá sé d'aidhm leis sraith tacaíochtaí a mholadh d'fhostaithe agus fostóirí chun dul i ngleic le hatáirgeadh claonta thrasnaigh agus iad sin a chur chun cinn do pháirtithe leasmhara ábhartha. |
| **Ionchuimsiú Éireann** | | Make it Work – Promote Employment for All! | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo cumas grúpa daoine faoi mhíchumas intleachtúil a thógáil chun plé a stiúradh agus a éascú le daoine eile faoi mhíchumas intleachtúil chun labhairt faoina gceart chun oibre. Beidh an grúpa páirteach i bhfeachtas Cháinaisnéis 2024 chun aird a tharraingt ar cheisteanna a bhaineann le fostaíocht. Cuirfidh an tionscadal cód dea-chleachtais i dtoll a chéile freisin d'fhostóirí le hionchur cuideachtaí. Tarraingeofar aird ar eiseamláirí den dea-chleachtas fostaíochta in Éirinn trí fhíseáin agus podchraoltaí. |
| **Irish Network Against Racism** | Community Action Network (CAN) | Communities Speaking Out: Minority Ethnic Leaders STAND against racism | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo clár oiliúna a sholáthar ina dtugtar aghaidh ar an gciníochas, ciníochas institiúideach agus struchtúrtha ina measc. Áireofar leis ról Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Forbrófar scileanna grúpa ceannairí eitneachta mionlaigh a dteastaíonn uathu a bheith ina n-éascaitheoirí frithchiníochais agus cuirfear oiliúint bunaithe ar chearta an duine agus á stiúradh ag luachanna ar fáil. Líonfaidh sé sin bearna le haghaidh oiliúint faoi stiúir mionlach eitneach san earnáil seo. Tá sé i gceist go leathnófar an clár go samhail fiontraíochta sóisialta, ina ndéantar oiliúnóirí íoctha as na Ceannairí Eitneachta Mionlaigh. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Ruhama** | Clár Taighde um Dhú-shaothrú Gnéasach an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) | The sexual violence and trauma of prostitution - supporting exit pathways and ending the sex trade | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal, trí chomhdháil, athrú dearfach a dhéanamh ar eolas agus tuiscint ar thionchar an striapachais, na gáinneála agus an dúshaothraithe ghnéasaigh. Tabharfar guth do dhaoine a mbíonn tionchar orthu trí ionchur uathu siúd a tháinig slán. Tá sé d'aidhm leis plé a dhéanamh ar thacaíochtaí a theastaíonn chun mná a chumhachtú leis an striapachas a fhágáil agus dul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas geilleagrach le haghaidh ban trí thacú le cosáin chuig neamhspleáchas geilleagrach. Scaipfear tuarascáil na comhdhála. |
| **Gorm Media** | | Intercultural Training Programme to promote compliance with the Public Sector Duty | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo taighde rannpháirtíochta a fhorbairt le daoine a bhfuil cearta acu ó chúlraí éagsúla cultúrtha, taighde a chuireann bonn eolais faoi fhorbairt cláir oiliúna idirchultúrtha chun tacú le comhlachtaí poiblí cloí lena ndualgas chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint. Tabharfar sásra chun tacú le comhlachtaí poiblí a rannpháirtíocht i bplé idirghrúpa a fheabhsú agus cur chuige bunaithe ar fhianaise a ghlacadh i leith a measúnuithe um chearta an duine agus comhionannas ionas gur féidir cosaint níos fearr a thabhairt do chearta grúpaí imeallaithe ó chúlraí éagsúla cultúrtha agus aghaidh a thabhairt ar na cearta sin. |
| **All Together in Dignity Ireland** | | Voicing and Acting on Socio-Economic Discrimination: Taking a Human Rights Approach to Raising Awareness and Building a Deeper Understanding | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo sraith uirlisí a fhorbairt, ina measc páipéar acadúil, taispeántas, agus gearrscannán le daoine a bhfuil cearta acu a bhfuil taithí saoil acu, chun feasacht a ardú agus dúshláin meonta i leith idirdhealú socheacnamaíoch a thabhairt, agus a ábharthacht do dhualgas na hearnála poiblí. Tá sé d'aidhm leis bacainní a bhriseadh idir daoine a bhfuil cearta acu agus comhlachtaí poiblí (acadóirí agus cleachtóirí ina measc) agus dá réir spás a thabhairt do daoine a bhfuil cearta acu / piarthaighdeoirí chun a gceisteanna a chur i láthair na gcomhlachtaí poiblí ábhartha agus tacú le comhlachtaí poiblí agus iad ag glacadh cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith a measúnaithe um chomhionannas agus cearta an duine. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Community Law and Mediation** | | Capacity Building Training Sessions of Public Bodies' on the Public Sector Duty | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo trí sheisiún oiliúna a sholáthar do chomhlachtaí poiblí chun tacú leo tuiscint níos fearr a fháil ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus é a chur i bhfeidhm mar chuid dá bpleanáil straitéiseach, agus a gcomhlíontacht a neartú dá réir. Tá sé d'aidhm leis an oiliúint cabhrú le hathrú cultúrtha agus go mbeadh cur chuige réamhghníomhach ag comhlachtaí poiblí chun cuid lárach dá n-obair a dhéanamh de chomhionannas agus cearta an duine. |
| **Cónaidhm na hÉireann um Míchumas** | | Building capacity on the Public Sector Duty for DFI and its Member Organisations. | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo forbairt acmhainne, oiliúint agus oideachas ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a sholáthar chun a chur ar chumas Chónaidhm na hÉireann um Míchumas tuiscint agus aitheantas a fháil ar a fhreagrachtaí féin agus ar fhreagrachtaí a 121 eagraíocht is comhalta chun tacú le comhlíonadh an dualgais san earnáil míchumais. Déanfar meastóireacht ar an dul chun cinn toisc go bhfuil sé d'aidhm leis an tionscadal athruithe ar mheonta agus iompar a chothú trí oideachas agus oiliúint a fhorbraítear de bharr an tionscnaimh seo. |
| **Cultúr Migrants Centre, an Mhí** | | Peer To Peer: Community Human Rights Platform | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo Ardán Pobail um Chearta an Duine a chruthú ina mbeidh eagraíochtaí agus ceannairí imirceach sa Mhí chomh maith le clár gníomhaíochtaí a chruthóidh feasacht agus tuiscint i measc pobail imirceach agus pobail áitiúla ar a gcearta agus ar oibleagáidí iad siúd ar a bhfuil dualgais, ina measc feidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus an chaoi a bhféadfadh a chur i bhfeidhm rochtain agus taithí ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Inner City Organisations Network** | | Applying a Public Sector Duty Approach to the Human Rights and Equality Issues identified by Service Users of Drug Treatment Services In the North East Inner City (NEIC). | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo cur chuige Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm ar cheisteanna a shainaithníonn úsáideoirí seirbhíse na dtionscadal cóireála drugaí sa Lár Cathrach Thoir Thuaidh. Soláthróidh an tionscadal taighde bunaithe ar fhianaise faoi stiúir piaraí, chomh maith le feasacht a mhéadú ar an Dualgas i gcomhthéacs níos leithne trí imeachtaí pobail. Is féidir an cur chuige comhcheangailte a úsáid chun athruithe ar reachtaíocht, beartais agus cleachtas a éileamh, agus d'fhéadfadh comhoibriú níos fearr leo siúd ar a bhfuil dualgais eascairt as. |
| **Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill** | | Your Rights Roadshow – Promoting the Public Sector Equality and Human Rights Duty | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo cruinnithe abhcóideachta hibride a óstáil i gcúig láthair le daoine atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu chun feasacht níos fearr a bhaint amach ar fheidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Moltar a scileanna abhcóideachta a mhéadú chuige sin agus tacú leis na líonraí áitiúla sin chun plé leis an tseirbhís phoiblí/na seirbhísí poiblí atá ar fáil go háitiúil. Cabhróidh sé freisin le caidrimh agus cumas a thógáil chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa todhchaí. |
| **Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann** | | Traveller Accommodation Rights and Policy Online Hub | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo mol eolais ar líne a chruthú faoi chearta agus beartas cóiríochta don Lucht Siúil chun abhcóideacht agus cumas eagraithe a láidriú, agus feasacht a mhéadú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus an bhaint atá aige le cearta cóiríochta don Lucht Siúil a fheabhsú dóibh siúd ar séanadh a gcearta orthu go córasach. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **SAOL Project** | | Understanding and responding to addiction and domestic abuse in the North Inner City | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde cainníochtúil agus cáilíochtúil chun an bonn fianaise a mhéadú ar raon agus tionchar na handúile agus na drochíde sa teaghlach chun bonn eolais a chur faoi sheirbhísí poiblí agus tacaíochtaí agus a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach dá gcuspóir i dtéarmaí feidhmiú mar sheirbhísí comhtháite agus cearta daonna na mban a úsáideann substaintí agus a fhulaingíonn foréigean ina n-áit chónaithe a chosaint. |
| **ASIAM** | | Inclusive Education in Ireland - Rights, Responsibilities and Duties | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi chomhairliúchán agus anailís ar bheartais maidir le hoideachas ionchuimsitheach in Éirinn, le béim ar leith ar thráthchlár laghdaithe, fionraí, agus díbirt as scoil. Eascróidh tuarascáil ar an staid mar atá faoi láthair as sin. Cuirfear bonn eolais faoi fhorbairt Treorach Acmhainn don phobal uathach, an pobal míchumais níos leithne agus a dteaghlaigh chun iad a chumhachtú lena gcearta ar oideachas oiriúnach a éileamh. Úsáidfear an tuarascáil go háirithe chun eolas a thabhairt do chomhlachtaí poiblí agus a chur ina luí orthu a n-oibleagáidí comhionannais agus chearta an duine i leith an oideachais a chomhlíonadh. |
| **Aoisghníomhaíocht Éireann** | | Digital First Should Not Mean Digital Only – The Public Sector Duty and Digital Exclusion | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo daoine scothaosta a dhéanamh páirteach i mbonn eolais a chur faoi anailís comhionannais agus chearta an duine ar na straitéisí agus beartais ábhartha chun dul chun cinn a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí poiblí go digiteach. Soláthróidh an tuarascáil bonn fianaise chun eisiamh digiteach a ainmniú mar fhadhb chomh maith le léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a eascraíonn as tiomantas luaite an Rialtais do chur chuige 'digital first' i leith soláthar seirbhísí poiblí. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Mercy Law Resource Centre** | | Social Housing, Domestic Violence and the Public Sector Duty | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal athrú a dhéanamh ar mheonta, cleachtais agus dlíthe a mbíonn drochthionchar acu ar dhaoine a d'fhulaing foréigean baile agus atá ag plé le tacaíochtaí tithíochta sóisialta, le béim ar na hoibleagáidí a leagtar amach faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Áirítear le comhpháirteanna an tionscadail comhdháil le páirtithe leasmhara, le tacaíocht ó thuarascáil ina mbeidh moltaí praiticiúla. |
| **Age and Opportunity** | | Learning from Covid 19 – The Voice of Older People as Rights Holders | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal tabhairt faoi thaighde rannpháirtíochta faoi stiúir piaraí a ghabhann taithí daoine scothaosta ar fhreagairt na hearnála poiblí do Covid-19 agus an gcreideann siad gur léiríodh meas ar a gcearta daonna i gcaitheamh na paindéime. Fiosrófar feasacht daoine scothaosta ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus na féidearthachtaí a bhaineann leis. Úsáidfear na torthaí chun bonn eolais a chur faoi shraith moltaí le haghaidh comhlachtaí earnála poiblí chun a bhfeasacht ar an Dualgas, agus a gcloí leis an Dualgas, a fheabhsú i gcás géarchéimeanna sláinte poiblí. |
| **Ballymun Community Law Centre** | | Community legal knowledge in Ballymun: education programme needs analysis. | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal tuiscint chothrom le dáta a fháil ar riachtanais agus spéis oideachais dhlíthiúil an phobail i mBaile Munna trí chomhairliúchán chun an clár a choinneáil ábhartha agus níos mó de mhuintir áitiúil Bhaile Munna a dhéanamh rannpháirteach ann. Cumhachtaíonn an clár oideachais seo daoine a fhulaingíonn idirdhealú suntasach agus córasach sa mhargadh saothair chun a gcearta a éileamh. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Hawkswell Theatre** | **Seirbhís Oiliúna FSS, an Líonra Náisiúnta Foghlama, This Ability, Down Syndrome Sligo** | SHINE – Drama Participation Programme with People with Disabilities | Tá sé d'aidhm leis an gclár seo comhionannas inrochtaineachta níos fearr a bhaint amach trí thacú le daoine faoi mhíchumas intleachtúil tabhairt faoin amharclannaíocht mar rannpháirtithe. Cuirfear sraith ceardlanna drámaíochta tumthaí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, chomh maith le hoiliúint d'ealaíontóirí áitiúla chun oibriú sa réimse seo. Múnlóidh rannpháirtíocht le grúpaí pobail agus seirbhísí tacaíochta an clár. Beidh an clár oiliúna ealaíontóirí a cheapfar ar fáil d'ionaid Ealaíon eile a bhfuil spéis acu san inrochtaineacht a chomhtháthú ina gcleachtas amach anseo. |
| **Rialto Community Drugs Team** | | Development of a Service User Human Rights Charter | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tuiscint a thógáil ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus a úsáid a mhéadú, agus taithí úsáideoirí seirbhíse a ghabháil ionas gur féidir cur chuige bunaithe ar fhianaise a fhorbairt i leith cairt ceart agus freagrachtaí a fhorbairt d'úsáideoirí seirbhíse agus úsáideoirí seirbhíse a chumhachtú chun a dtuairimí a chur in iúl. |
| **Fatima Groups United** | | Fatima for ALL | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tuiscint a fháil ar riachtanais grúpaí imirceach áitiúla, caidrimh a thógáil agus plean gnímh um chearta an duine a fhorbairt ina leagtar amach an chaoi ar féidir leis an bpobal, agus comhlachtaí poiblí, aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. |
| **Disability Action Collective, Baile Formaid** | | The Hub – Building Advocacy Capacity | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo Mol a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu ionas gur féidir leo a gcumas a thógáil maidir le bacainní a shárú chun seirbhísí a rochtain, eolas a mhalartú, páirt a ghlacadh ina bpobal agus feasacht a thógáil ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chuige sin. |

| Eagraíocht | Comhpháirtí | Teideal an Tionscadail | Achoimre |
|---|---|---|---|
| **Blanchardstown Traveller Development Group** | **Ollscoil Teicneolaíochta (OT) Bhaile Átha Cliath – Campas Bhaile Bhlainséir** | Traveller access to and participation in Higher Education – What Supports Work | Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde gnímh le rannpháirtíocht piarthaighdeoirí ón Lucht Siúil chun an méid a oibríonn chun tacú le rochtain an Lucht Siúil ar an ardoideachas agus a rannpháirtíocht san ardoideachas a bhunú. Cuirfidh an fhoghlaim ón taighde bonn eolais faoi oibleagáidí OT – Campas Bhaile Bhlainséir – faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i leith rochtain agus rannpháirtíocht daoine ó phobal an Lucht Siúil san ardoideachas. |

## Tionscadail Dheontais 2021–22 a Dúnadh

| Cumann | Aidhm |
|---|---|
| **Líonra Rannpháirtíochta Pobail an Chláir** | Is é aidhm an tionscadail seo grúpaí a dhéanann ionadaíocht orthu siúd a dtéann eisiamh socheacnamaíoch i bhfeidhm orthu agus ina bhfuil daoine a dtéann eisiamh socheacnamaíoch i bhfeidhm orthu a thabhairt le chéile chun comhoibriú chun straitéis in aghaidh an bhochtanais atá bunaithe ar ghníomhaíocht a cheapadh, chun troid go héifeachtach ar son fhíorú na gceart sóisialta agus eacnamaíoch sa Chlár de réir a chéile. D’úsáidfí an straitéis mar chreat chun bonn eolais a chur faoi gach aighneacht beartais a chuirfí faoi bhráid na nÚdarás Áitiúil sa Chlár. |
| **Irish National Organisation of the Unemployed** | Is é aidhm an tionscadail taighde seo tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a bhíonn ag an stiogma a bhaineann leis an dífhostaíocht ar chumas daoine leas a bhaint as a gcearta sóisialta agus eacnamaíocha, agus plé leo siúd ar a bhfuil dualgas chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo agus tacú le daoine dífhostaithe chun rochtain níos fearr a fháil ar na cearta sin. |
| **The Rights Platform** | Is é aidhm an tionscadail seo iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar bhochtanas eindéimeach agus eisiamh sóisialta i gceithre limistéar tithíochta poiblí faoi mhíbhuntáiste i gContae Átha Cliath Theas trí fheasacht a fhorbairt laistigh de phobail faoi mhíbhuntáiste ar a gcearta sóisialta agus eacnamaíocha agus ceannaireacht phobail a thógáil chun plé leo siúd ar a bhfuil dualgas ó thaobh na gceart de. |
| **Seirbhís Faisnéise do Shaoránaigh Laighean Theas** | Is é aidhm an tionscadail taighde seo comhionannas rochtana ar Sheirbhísí Stáit a chur chun cinn agus ar fhaisnéis, comhairle agus seirbhísí abhcóideachta atá soiléir, cruinn agus gairmiúil do dhaonra na bpríosún. |
| **Empower** | Is é aidhm an tionscadail taighde seo mná Romacha a chumhachtú chun gníomhú mar phiarthaighdeoirí chun fadhbanna sláinte ban agus páistí Romacha i gceantar Fhine Gall a shainaithint ionas gur féidir cosáin freagartha a bhunú chun na neamhionannais sláinte a bhíonn le sárú acu a laghdú agus le bonn eolais a chur faoi bheartais agus straitéisí náisiúnta. |
| **All Together in Dignity** | Is é aidhm an tionscadail seo croíghrúpa daoine a thabhairt le chéile ag a bhfuil taithí saoil ar idirdhealú socheacnamaíoch chun scannán a léiriú faoin idirdhealú socheacnamaíoch in Éirinn trína lionsa féin agus é a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh ar an bhfeachtas poiblí ar son aitheantas don idirdhealú eacnamaíoch mar foras sa reachtaíocht Comhionannais. |
| **Obair d'Ógra Éireann** | Is é aidhm an tionscadail seo feachtas chun dul chun cinn a dhéanamh ar chearta sóisialta agus eacnamaíocha na ndaoine óga a chónaíonn in ionaid Soláthair Dhírigh trína gcumhachtú chun a scéalta a roinnt i mbeochan, labhairt ar a son féin, agus féachaint le tionchar a imirt ar athrú, go háirithe i gcomhthéacs an Pháipéir Bháin maidir le Deireadh a Chur le Soláthar Díreach. |

| Cumann | Aidhm |
|---|---|
| **NASC – An Lárionad do Chearta Imirceach agus Teifeach** | Is é aidhm an tionscadail seo scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn a baineadh amach i dtreisiú na gceart eacnamaíoch agus sóisialta le haghaidh daoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta trí thuarascáil a chur i dtoll a chéile, lena n-áireofar scórchárta bunaithe ar fhianaise a dhéanfaidh monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin maidir le Deireadh a Chur le Soláthar Díreach. |
| **One Family** | Is é aidhm an tionscadail seo cumas tuismitheoirí a thógáil chun sáruithe ar chearta agus idirdhealú a aithint ina n-idirghníomhú le comhlachtaí stáit agus an fhaisnéis a sholáthar a theastaíonn uathu chun agóid a dhéanamh in aghaidh na sáruithe sin agus tacaíocht chuí a lorg. I dteannta sáruithe ar chearta a laghdú agus comhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí a threisiú trí fhaisnéis a sholáthar d'fhoireann na hearnála poiblí faoi chearta agus eispéiris teaghlaigh aon tuismitheora. |
| **An Líonra Eorpach um Fhrith-bhochtaineacht** | Is é aidhm an tionscadail taighde seo anailís a thabhairt ar an éileamh méadaithe ar thacaíochtaí chun bun-riachtanais a chomhlíonadh mar a fhorálann an earnáil phobail agus dheonach, agus na bunchúiseanna leis an éileamh atá tar éis a bheith ag méadú agus a ghéaraigh de bharr Covid-19. |
| **ICTU – Comhdháil na gCeardchumann** | Is é aidhm an tionscadail seo cumas ceardchumainn a thógáil chun dearcadh inscne a chomhtháthú san idirbheartaíocht agus sna comhaontuithe comhchoiteanna ar fad, ag cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm bearta trédhearcachta pá a chuireann leis an mbearna phá idir na hinscní a chomhrac. |
| **Sage Advocacy** | Is é aidhm an tionscadail seo Faireachlann a bhunú agus a dhaingniú faoi chúram fadtéarmach bunaithe ar chearta chun tionchar a imirt ar bheartais agus dioscúrsa poiblí faoin gcúram fadtéarmach. Is é is cuspóir leis tionchar a imirt ar an gCoimisiún um Chúram beartaithe chun a chinntiú go mbeidh cearta sóisialta agus eacnamaíocha daoine i gcúram fadtéarmach lárnach dá phlé. Aschur amháin a bheidh i dTreoir Dea-Chleachtais bunaithe ar chuir chuige rannpháirtíochta chun bonn eolais a chur faoin mbeartas a bhaineann le cúram fadtéarmach. |
| **Mayo Travellers Support Group** | Is é aidhm an tionscadail seo dioscúrsa a iarraidh idir gach pobal maidir le comhionannas do chách. Trí dhaoine den Lucht Siúil a chur faoi oiliúint i gcúrsaí cur i láthair agus léiriúcháin, beidh sé d'acmhainn acu a gcláir raidió féin a léiriú. Is é is cuspóir leis cúnamh a thabhairt don Lucht Siúil agus an cumas spásanna nua a chruthú inar féidir a nguth a chloisteáil agus ina dtarlódh plé trasphobail. |
| **LGBT Ireland** | Is é aidhm an tionscadail piarthaighde seo an leithlisiú a bhraitheann Lucht Siúil agus Romaigh LADT+ mar gheall ar fhaitíos roimh/thaithí ar idirdhealú agus meonta homafóbacha, défhóbacha, trasfhóbacha laistigh dá bpobail eitneacha féin a nochtadh. Fiosrófar agus léireofar an t-eispéireas eisiata agus imeallaithe a bhíonn ag mionlaigh eitneacha LADT+ mar gheall ar fhaitíos roimh/thaithí ar chiníochas laistigh den ghnáthphobal agus seirbhísí LADT+ agus cuirfear bonn eolais freisin faoi bheartas agus soláthar seirbhísí. |

| Cumann | Aidhm |
|---|---|
| **Travellers of North Cork** | Is é aidhm an tionscadail seo cuntasacht comhlachtaí san earnáil phoiblí a chur chun cinn maidir lena n-oibleagáidí reachtúla chun neamh-idirdhealú a chinntiú do dhaoine den Lucht Siúil trí anailís bunaithe ar fhianaise a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhualgas na hearnála poiblí agus an chaoi ar cuimsíodh riachtanais shonracha an Lucht Siúil i seirbhísí poiblí. |
| **Cultúr Migrants Centre, an Mhí** | Is é aidhm an tionscadail oiliúna seo cumas a thógáil i measc ceannairí grúpaí sa phobal imirceach chun dúshlán an chiníochais agus na hIoslamafóibe a thabhairt, tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn ina scoileanna agus ina bpobail áitiúla, agus feidhmiú mar phiarmheantóirí chearta an duine atá in ann tacú lena ngrúpaí faoi seach chun gníomhú ar son an athraithe. |
| **Foróige** | Is é aidhm an tionscadail seo go n-eagródh daoine óga ó chúlraí mionlaigh eitnigh ó Thuaisceart Bhaile Átha Cliath imeacht chun torthaí an taighde a rinne siad a chur chun cinn i measc lucht éisteachta de chinnteoirí mór le rá chun go gcloisfear a nguth maidir le ciníochas, neamhionannas, ionchuimsiú agus comhtháthú. |
| **SHEP – Social and Health Education Project, Corcaigh** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo dul chun cinn a dhéanamh ar chearta daoine faoi mhíchumas intleachtúil trína gcumhachtú le gníomhú ar son a gceart agus guth a bheith acu i gcinntí faoin gcógas a thugtar dóibh. Cuirfidh sé freisin cearta an duine agus comhionannas ag croílár an phlé le gairmithe agus soláthraithe seirbhíse maidir le cur i bhfeidhm an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, an Beartas Náisiúnta Toilithe, agus dea-chleachtas i gcógas a ordú, a athbhreithniú, a mhonatóiriú, a athrú agus a dhí-ordú. |
| **Acquired Brain Injury Ireland** | Is feachtas abhcóideachta é an tionscadal a chuireann guth na ndaoine a tháinig slán ó ghortú inchinne ag a chroílár agus a bhfuil mar aidhm aige iad a chumhachtú leis na huirlisí chun a gceart a éileamh chun rochtain a fháil ar sheirbhísí athshlánaithe riachtanacha agus tionchar a imirt ar bheartas poiblí agus soláthar an Stáit le haghaidh athshlánú a mhéadú. |
| **Ionchuimsiú Éireann** | Is é aidhm an tionscadail seo cumas daoine faoi mhíchumas intleachtúil a thógáil ionas go mbeidh siad ina n-urlabhraithe do na meáin ar cheisteanna a théann i bhfeidhm orthu. Anuas air sin, forbrófar cód cleachtais le haghaidh iriseoirí agus craoltóirí maidir le daoine faoi mhíchumas intleachtúil a chur faoi agallamh, chomh maith le treoir do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil iad féin, chun tacú leo agus iad faoi agallaimh ar na meáin. |
| **Ability West** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal taighde seo guth a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a bhfuil rochtain ar sheirbhísí cónaithe á lorg acu. Tarraingeofar aird ar dhearcadh chearta an duine agus comhionannais a bhaineann le rochtain ar mhaireachtáil thacaithe, agus tithíocht, ó thaobh na ndaoine atá faoi mhíchumas intleachtúil mar dhaoine a bhfuil cearta acu agus a líonraí teaghlaigh mar dhaoine a bhfuil cearta acu. |

| Cumann | Aidhm |
|---|---|
| **Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil** | Is é aidhm an tionscadail taighde seo an gá atá le straitéis náisiúnta abhcóideachta beartais chun cearta daoine faoi mhíchumas a choinnítear i saoráidí meabhairshláinte fóiréinseacha daingnithe a chur chun cinn a fhiosrú. |

## Tionscadail Dheontais 2020–21 a Dúnadh

| Cumann | Aidhm |
|---|---|
| **An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, Bhaile Átha Cliath** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde gnímh bonnlíne chun a chinneadh céard atá ar eolas ag páistí agus daoine óga faoina gcearta, na bealaí is fearr chun oideachas a chur orthu faoina gcearta a chinneadh, le fócas ar: páistí i gcúram, páistí faoi mhíchumas, páistí imirceacha/teifigh, páistí LADTI+ agus páistí atá ag sárú an dlí. Cuirfidh a thorthaí bonn eolais faoi fhorbairt clár oideachais um chearta an duine, an chéad Straitéis Náisiúnta Leanaí eile agus athbhreithniú na hÉireann atá le foilsiú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh in 2021. |
| **Dolphin House Community Development Association** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo éascaíocht a dhéanamh ar phróiseas bríoch de rannpháirtíocht eolach cónaitheoirí in athnuachan leanúnach fhisiciúil agus shóisialta Dolphin House agus é de chuspóir leis sin na cónaitheoirí a chumhachtú chun a bhfadhbanna a léiriú i dtéarmaí chearta an duine agus ceannaireacht a thairiscint agus guth aontaithe pobail a chruthú chun plé le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an gcéad chéim eile den athnuachan. |
| **Laois Traveller Action Group agus Offaly Traveller Movement, Longford Community Resources Ltd, Meath Primary Healthcare, Westmeath Community Development Primary Healthcare** | Is tionscadal comhoibríoch é Travellers Connecting for Better Service, a maoiníodh in 2019, agus atá ag forbairt cumas daoine den Lucht Siúil i gcúig chontae chun modúil ar Fheasacht Chultúrtha agus Neamhionannas Sláinte a éascú le seirbhísí agus gníomhaireachtaí ar nós Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tarraingeoidh na modúil sin aird ar na difríochtaí i Sláinte an Lucht Siúil agus cuirfidh sé ar chumas na seirbhísí a bheith níos feasaí agus inniúlacht chultúrtha a thógáil i leith soláthar seirbhísí agus rochtain ar eolas. |
| **All Ireland Institute of Hospice and Palliative Care (AIIHPC), agus Ollscoil Luimnigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Coimisiún Meabhair-Shláinte**<br><br>**Nursing Homes Ireland,**<br><br>**Foras Ospíse na hÉireann, Rannóg Sláinte Seanaoise**<br><br>**Ospidéal Thamhlachta**<br><br>**Medicine for the Elderly**<br><br>**Ospidéal Naomh Uinseann** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal taighde seo guth a thabhairt dóibh siúd a chónaíonn i dtithe altranais, dá muintir agus d'oibrithe cúraim maidir lena dtaithí agus lena mbíonn siad ag súil leis i dtaca le cúram maolaitheach chun a chinntiú go mbeadh aon athrú ar bheartas cúraim mhaolaithigh, go háirithe mar gheall ar Covid-19, á bhunú agus á mhúnlú ag riachtanais agus dearcthaí daoine a bhfuil cearta acu. Cuirfear oideachas agus eolas ar fáil freisin do lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhísí, gairmithe cúraim sláinte, an pobal agus daoine a chónaíonn i dtithe altranais, a muintir agus oibrithe cúraim go sonrach maidir lena cearta i leith cúram maolaitheach i rith paindéime. |

| Cumann | Aidhm |
|---|---|
| **Exchange House, Baile Átha Cliath agus Limerick Community Development Project, agus Paul Partnership** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo cumas an Lucht Siúil i Luimneach a thógáil chun iad féin a eagrú ar bhealach inbhuanaithe agus an t-eolas agus na scileanna ceannaireachta a fhorbairt chun a gcearta a éileamh agus tacú le daoine eile an rud céanna a dhéanamh. Bainfear é sin amach trí shraith de sheisiúin oiliúna agus ceardlanna abhcóideachta maidir le cearta an duine agus comhionannas le Limerick Traveller Women's Group agus Limerick Travellers Network. |
| **Blayney Blades Women's Group, Baile na Lorgan, Co. Mhuineacháin** | This project aims to enable and empower older women and migrant women, through workshops, to name and address issues that affect them within a human rights and equality framework, understand their rights, identify solutions to issues and engage with local duty-bearers, in the context of the Public Sector Equality and Human Rights Duty at a seminar, to bring about change. |
| **Cónaidhm Spóirt na hÉireann, agus Cathaoirleach UNESCO agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, SARI – Sport Against Racism Ireland, Cumann Lúthchleas Gael (CLG), An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) agus Spórt Éireann** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo tacú le cumas daoine a bhfuil cearta acu agus é a thógáil chun a rochtain ar chearta a chur chun cinn sa spórt agus tríd an spórt, go háirithe grúpaí a mbíonn bacainní os a gcomhair chun páirt a ghlacadh i spórt, lena n-áirítear mná, daoine atá faoi mhíchumas, daoine den Lucht Siúil, imircigh, grúpaí mionlach eitneach, daoine den phobal LADTIA+, agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Tá sé d'aidhm leis tuiscint a mhéadú ina measc siúd ag a bhfuil dualgais – gníomhaithe stáit, an earnáil spóirt, agus eagraíochtaí spóirt i measc an ghnáthphobail – ar an spórt mar chearta an duine agus uirlis chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. |
| **Kenmare Community Development Association agus an Ghníomhaireacht Saintacaíochta um Chomhionannas do Dhaoine faoi Mhíchumas** | Is é aidhm an tionscadail seo tabhairt faoi thaighde rannpháirtíochta le tuismitheoirí agus páistí chun constaicí a aithint ar leas a bhaint as oideachas príomhshrutha i mórcheantar Neidín; cuirfear leis le ceardlanna chun cumas daoine a bhfuil cearta acu a thógáil chun tuiscint a fháil ar a gcearta faoin dlí um chearta an duine, míchumas agus comhionannas agus iad a chumhachtú chun plé le scoileanna áitiúla agus an córas oideachais. |

| Cumann | Aidhm |
|---|---|
| **Cumann Alzheimer na hÉireann** | Tá an tionscadal seo á stiúradh ag Meitheal Néaltraithe na hÉireann ('IDWG') le tacaíocht ó Chumann Alzheimer na hÉireann, agus tá sé d'aidhm leis daoine ar a bhfuil néaltrú a chumhachtú ionas go mbeidh a fhios acu céard is cearta an duine ann agus na cearta sin a dhéanamh fíor agus infheidhme ina saol. Tógfaidh an tionscadal cumas chomhaltaí IDWG chun éascaíocht a dhéanamh ar sheisiúin feasachta dá bpiaraí a mhaireann le néaltrú. Tógfaidh sé ar obair abhcóideachta an ghrúpa agus tabharfaidh sé deis uathúil do dhaoine a mhaireann le néaltrú tuiscint a fháil ar chearta an duine. |
| **Comhairle Dídeanaithe na hÉireann, Baile Átha Cliath agus Spirasi** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo measúnú a dhéanamh ar na bacainní a bhíonn le sárú ag daoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta maidir le rochtain ar a gcearta agus rochtain ar cheartas, agus na bacainní sin a thaifeadadh i gcomhthéacs an dlí idirnáisiúnta ábhartha um chearta an duine. Treoróidh coiste comhairleach é ar a mbeidh daoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta agus teifigh a raibh taithí acu le deireanaí ar an bpróiseas cosanta idirnáisiúnta agus a fheidhmeoidh mar phiar-éascaitheoirí. Soláthróidh tuarascáil an tionscadail bonn fianaise. |
| **One in Four** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo fóram a chruthú d'íospartaigh/mharthanóirí drochúsáide gnéasaí leanaí, áit ar féidir leo a gcumas a fhás chun na dúshláin a bhíonn os comhair páirtithe leasmhara íospartach/marthanóirí sa chóras ceartais choiriúil a chur in iúl agus ardán a sholáthar chun tionchar a imirt ar fhorbairt reachtaíochta agus beartas, athrú dearfach a bhaint amach agus cuntasacht iad siúd ar a bhfuil dualgais a mhéadú. |
| **Waterford Integration Services** | Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo tógáil ar chumas chearta an duine atá ag ceannairí pobail imirceach, lena n-áirítear daoine atá ar lorg tearmainn, agus foireann túslíne údaráis áitiúil a oibríonn i seirbhísí tithíochta, trí chlár oiliúna d'oiliúnóirí, as a n-eascróidh soláthar níos fearr de sheirbhísí tithíochta laistigh den chomhthéacs a bhaineann le ceanglais Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chomhlíonadh. |

# Aguisín 8: Sonraí 'Do Chearta'

| Foras Cosanta | Na hAchtanna um Stádas Comhionann | Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta | An tAcht Deochanna Meisciúla | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Aois | 32 | 28 | 11 | 71 |
| Stádas Sibhialta | 6 | 3 | 1 | 10 |
| Míchumas | 169 | 90 | 6 | 265 |
| Stádas Teaghlaigh | 11 | 7 | 0 | 18 |
| Inscne | 33 | 37 | 1 | 71 |
| Cúnamh Tithíochta | 28 | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | 28 |
| Cine | 64 | 28 | 3 | 95 |
| Reiligiún | 3 | 2 | 0 | 5 |
| Gnéaschlaonadh | 5 | 3 | 0 | 8 |
| Lucht Siúil | 12 | 2 | 4 | 14 |
| Níor sonraíodh an foras | 39 | 33 | 4 | 76 |
| **Iomlán** | **398** | **233** | **29** | **661** |

| Topaicí Chearta an Duine | Ceisteanna |
|---|---|
| Easpa Dídine/Tithíocht Shóisialta & Dálaí Maireachtála | 67 |
| Pionós agus Iompar Mídhaonna agus Táireach. Toirmeasc ar Chéastóireacht – Alt 3 | 7 |
| Coinneáil neamhdhleathach/Coinníollacha coinneála (príosúin, institiúidí eile) | 13 |
| Drochíde institiúideach san am atá caite | 11 |
| Riaradh Ceartais/Gnásanna Córa/Triail Chóir – Alt 6/Fiosrú Éifeachtach | 26 |
| Príobháideachas, Saol Teaghlaigh, Baile agus Comhfhreagras – Alt 8 | 30 |
| Ceart chun na beatha - Alt 2/Ceart chun an bháis | 6 |
| Saoirse Smaointeoireachta, Coinsiasa agus Reiligiúin – Alt 9 | 1 |
| Saoirse Tuairimíochta – Alt 10 | 5 |
| Cearta a bhaineann leis an tSláinte, agus Sláine Colainne | 53 |
| Saoirse Comhthionóil agus Comhlachais – Alt 11 | 0 |
| Saoirse Gluaiseachta | 8 |
| Tearmann agus Imirce | 93 |
| Comhionannas/Neamh-idirdhealú – Alt 40.1/Alt 14 | 1 |
| Cearta an Linbh | 11 |
| Cosaint Maoine | 1 |
| Toirmeasc ar an Sclábhaíocht agus ar Shaothar Éignithe – Alt 4 | 0 |
| An Ceart chun Oideachais | 9 |
| Ceart chun oibre/Obair chuibhiúil | 47 |
| Ginearálta/Ilghnéitheach | 36 |
| **Iomlán** | **425** |

**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**
Irish Human Rights and Equality Commission

